2024/1915

12.7.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1915 ÓN gCOIMISIÚN

an 11 Iúil 2024

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí trealaimh rochtana shoghluaiste de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 7 de,

Tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. **Tionscnamh**

(1) An 13 Samhain 2023, thionscain an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') imscrúdú frithdhumpála i ndáil le hallmhairí eiritríotóil de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tír lena mbaineann' nó 'an tSín') ar bhonn Airteagal 5 ('an bun-Rialachán'). D'fhoilsigh sé fógra tionscnaimh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh ([2]) ('an fógra tionscnaimh').

(2) Thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú tar éis gearán a rinne 'an Chomhghuaillíocht um Chothrom Iomaíochta a Athbhunú in Earnáil Trealaimh Rochtana Shoghluaiste an Aontais' ('CMAE') ('an gearánach') an 29 Meán Fómhair 2023. Rinneadh an gearán thar ceann thionscal MAE an Aontais de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán. Ba leor an fhianaise sa ghearán maidir le dumpáil agus díobháil dá thoradh sin chun údar a thabhairt le tionscnamh an imscrúdaithe.

1.2. **Clárú allmhairí**

(3) An 15 Eanáir 2024 agus an 12 Márta 2024, chuir an gearánach iarraidh isteach ar chlárú allmhairí MAE de thionscnamh na Síne de bhun Airteagal 14(5) den bhun-Rialachán.

(4) Ina aighneacht an 22 Eanáir 2024 agus an 21 Bealtaine 2024, chuir Comhlachas Tráchtála na Síne um Allmhairiú agus Onnmhairiú Innealra agus Táirgí Leictreacha (CCCME), a chumhachtaítear chun ionadaíocht a dhéanamh ar ocht dtáirgeoir onnmhairiúcháin ([3]) san imscrúdú seo, barúlacha isteach maidir leis na hiarrataí ón ngearánach na hallmhairí a chlárú. Mheas sé nach raibh fianaise leordhóthanach sna hiarrataí chun údar a thabhairt le clárú allmhairí. Mheas sé go príomha nach raibh na staitisticí allmhairiúcháin iontaofa toisc gur cuimsíodh táirgí eile le cóid AC, nach raibh an méadú substaintiúil in aon chás, agus go mbíonn tionchar ag séasúracht an éilimh air. Mheas sé freisin nach gceadaítear allmhairí breise gan choinne ná stoc-charnadh le margadh MAE atá faoi thionchar an éilimh.

(5) Dhiúltaigh an Coimisiún do bharúlacha CCCME ós rud é go raibh fianaise leordhóthanach sa dara hiarraidh a chuir an gearánach isteach an 12 Márta 2024 maidir leis an méadú ar allmhairí tar éis an tionscnaimh, lena n-áirítear agus séasúracht an éilimh á cur san áireamh.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj

([2]) Fógra tionscnaimh maidir le himeachtaí frithdhumpála i ndáil le hallmhairí trealaimh rochtana shoghluaiste ('MAE') de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, (IO C, C/2023/783, 13.11.2023, ELI: https://data.eur-lex.europa.eu/eli/C/2023/783/oj).

([3]) Zhejiang Dingli Machinery Co., Ltd., Hunan Sinoboom Intelligent Equipment Co., Ltd, Fronteq (Changzhou) Machinery Co., Ltd., XCMG Fire-fighting Safety Equipment Co., Ltd, Zoomlion Intelligent Access Machinery Co., Ltd., Jiangsu Liugong Machinery, Co., Ltd, Lingong Heavy Machinery Co., Ltd agus Sany Aerial Work Equipment Co., Ltd.

(6) Mheas an Coimisiún nach raibh bunús le barúlacha CCCME. San anailís ar mhéideanna na n-allmhairí tar éis an tionscnaimh, níor cuireadh san áireamh ach an táirge lena mbaineann agus tugadh aghaidh ar éifeacht na séasúrachta trí chomparáid a dhéanamh idir na tréimhsí céanna den bhliain roimh an tionscnamh agus ina dhiaidh. Ar bhonn na faisnéise sna hiarrataí agus na hanailíse ar na staitisticí allmhairiúcháin roimh an tionscnamh agus ina dhiaidh, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh fianaise leordhóthanach ann chun údar a thabhairt le clárú allmhairí.

(7) I gcomhréir le hAirteagal 14(5) den bhun-Rialachán, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1450 ([4]) rinneadh an Coimisiún cinneadh, dá bhrí sin, gur cheart allmhairí an táirge lena mbaineann a chur faoi réir a gcláraithe chun a áirithiú gur féidir, má chomhlíontar na coinníollacha is gá, na dleachtanna sin a thobhach go cúlghabhálach ar na hallmhairí cláraithe i gcomhréir leis na forálacha dlí is infheidhme, i gcás ina bhforchuirfí dleachtanna frithdhumpála de dhroim thorthaí an imscrúdaithe.

1.3. **Páirtithe leasmhara**

(8) San fhógra tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara dul i dteagmháil leis chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún in iúl go sonrach don ghearánach, do tháirgeoirí aitheanta eile de chuid an Aontais, do na táirgeoirí onnmhairiúcháin aitheanta, d'údaráis na Síne, d'allmhaireoirí aitheanta agus d'úsáideoirí gur tionscnaíodh an t-imscrúdú agus d'iarr sé orthu a bheith rannpháirteach ann.

(9) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt maidir le tionscnamh an imscrúdaithe agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála. Fuair an Coimisiún barúlacha ar tugadh aghaidh orthu sna ranna faoi seach.

1.4. **Barúlacha ó na páirtithe tar éis an tionscnaimh**

(10) Chuir CCCME agus an gearánach barúlacha isteach.

1.4.1. *Barúlacha ó CCCME*

(11) An 22 Eanáir 2024, rinne CCCME aighneacht maidir le gnéithe éagsúla den imscrúdú. Tugadh aghaidh ar na barúlacha maidir le gnéithe sonracha den imscrúdú i gcás inarb iomchuí sna ranna sonracha den Rialachán seo.

(12) Chuir CCCME barúlacha isteach freisin maidir leis an ngearán (lena n-áirítear ábhair a bhaineann le díobháil agus cúisíocht). Na barúlacha sin a bhaineann leis an réamhfhianaise sa ghearán, tháinig siad isteach níos mó ná 1 mhí amháin tar éis an sprioc-ama 37 lá a leagtar síos i Roinn 5.2 den fhógra tionscnaimh agus níorbh fhéidir iad a bhreithniú dá réir sin. Mheabhraigh an Coimisiún, áfach, gur comhlíonadh na ceanglais maidir leis an imscrúdú a thionscnamh, i.e., measadh go raibh leordhóthanacht agus cruinneas na fianaise a chuir an gearánach i láthair leormhaith. Mheabhraigh sé freisin go gcuirtear in iúl go soiléir le caighdeán dlíthiúil na fianaise a éilítear le haghaidh gearáin ('fianaise leordhóthanach') nach bhfuil cainníocht agus cáilíocht na faisnéise sa ghearán mar an gcéanna le cainníocht agus cáilíocht na faisnéise atá ar fáil ag deireadh imscrúdaithe. In aon chás, tá deis ag na páirtithe barúil a thabhairt maidir leis na réamhthorthaí lena n-áirítear ábhair a bhaineann le díobháil agus cúisíocht tar éis nochtadh na dtorthaí sealadacha.

(13) D'áitigh CCCME freisin nach bhféadfadh sé a cheart chun cosanta a fheidhmiú go hiomlán toisc go raibh an fhianaise a cuireadh ar fáil sa ghearán folaithe go mór agus nach raibh inti ach meastacháin gharbha nár thug léiriú leormhaith ar an gcúis leis an ngearán. Dá réir sin, d'iarr sé ar an gCoimisiún a iarraidh ar an ngearánach leagan oscailte a sholáthar a bhfuil mionsonraí leordhóthanacha ann.

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1450 ón gCoimisiún an 23 Bealtaine 2024 lena ndéantar allmhairí trealaimh rochtana shoghluaiste de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne a chur faoi réir a gcláraithe (IO L, 2024/1450, 24.5.2024, ELI :https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32024R1450).

(14) Thug an Coimisiún dá aire ar dtús nach raibh aon cheart cosanta ag CCCME faoina ainm féin toisc nach comhlachas ionadaíoch é de réir bhrí an bhun-Rialacháin, agus ní fhéadfaí é a mheas mar pháirtí leasmhar de réir bhrí an Rialacháin sin. A mhéid a bhaineann le cearta cosanta na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin a ndearna sé ionadaíocht orthu, mheas an Coimisiún go raibh an fhianaise fhíor-riachtanach agus na hachoimrí neamhrúnda uile ar shonraí, a cuireadh ar fáil faoi chumhdach rúnda, sa leagan oscailte lena iniúchadh ag páirtithe leasmhara an ghearáin chun go bhfeidhmeodh páirtithe leasmhara a gceart chun cosanta le linn na n-imeachtaí. Thug sé dá aire freisin gur tháinig iarraidh CCCME isteach níos mó ná 2 mhí tar éis thionscnamh na n-imeachtaí, agus nach raibh inti ach ráitis gan aon mhaíomh cuí-réasúnaithe maidir le píosa coincréiteach fianaise a bhí ar iarraidh. Dhiúltaigh an Coimisiún, dá bhrí sin, don mhaíomh.

1.4.2. *Barúlacha ón ngearánach*

(15) Thug an gearánach barúlacha maidir le haighneacht CCCME. Mheas sé nár cheart na barúlacha éagsúla a bhreithniú toisc gur tháinig siad isteach tar éis na sprioc-amanna nós imeachta a leagtar síos san fhógra tionscnaimh. Thug sé barúlacha breise uaidh maidir leis an raon táirgí, saobhadh suntasach agus gnéithe díobhála den imscrúdú ar tugadh aghaidh orthu, i gcás inarb iomchuí, sna ranna faoi seach thíos.

1.5. **Sampláil**

(16) San fhógra tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go mb'fhéidir go ndéanfadh sé na páirtithe leasmhara a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

1.5.1. *Táirgeoirí an Aontais a shampláil*

(17) San fhógra tionscnaimh uaidh, luaigh an Coimisiún go raibh sampla de tháirgeoirí ón Aontas roghnaithe go sealadach aige. Roghnaigh an Coimisiún an sampla ar bhonn mhéid ionadaíoch díolachán agus táirgeachta an táirge chomhchosúil san Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, arb é an méid is mó a d'fhéadfaí a imscrúdú go réasúnta laistigh den tréimhse ama a bhí ar fáil.

(18) Bhí trí tháirgeoir de chuid an Aontais sa sampla sin a tháirgeann 55 % de tháirgeadh iomlán measta an Aontais agus a dhéanann 52 % de dhíolacháin tháirgeoirí uile an Aontais den táirge comhchosúil ar mhargadh an Aontais. Trí na trí tháirgeoir agus díoltóir is mó de chuid an Aontais sa tréimhse imscrúdúcháin a roghnú, atá lonnaithe in dhá Bhallstát éagsúla, chumhdaigh an Coimisiún an méid ionadaíoch táirgeachta agus díolachán is mó a d'fhéadfaí a imscrúdú go réasúnta laistigh den tréimhse ama a bhí ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 17(1) den bhun-Rialachán. D'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt maidir leis an sampla sealadach. Níor cuireadh aon bharúil faoina bhráid. Chinn an Coimisiún, dá bhrí sin, go raibh sampla na dtáirgeoirí de chuid an Aontais ionadaíoch do thionscal an Aontais.

1.5.2. *Allmhaireoirí a shampláil*

(19) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, má bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhghaolmhara an fhaisnéis a shonraítear in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an bhfógra tionscnaimh a sholáthar laistigh de 7 lá ó dháta foilsithe an fhógra. Níor sholáthair aon allmhaireoir an fhaisnéis ná níor chomhoibrigh siad leis an imscrúdú.

1.5.3. *Táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín a shampláil*

(20) Chun a chinneadh an bhfuil gá le sampláil agus, má tá, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta sa tSín an fhaisnéis a shonraítear san fhógra tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí onnmhairiúcháin eile ar spéis leo a bheith páirteach san imscrúdú a shainaithint, agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh.

(21) Sholáthair 18 dtáirgeoir onnmhairiúcháin sa tír lena mbaineann an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. I gcomhréir le hAirteagal 17(1) den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún sampla de cheithre cinn acu ar bhonn an mhéid ionadaíoch is mó d'onnmhairí chuig an Aontas a d'fhéadfaí a imscrúdú laistigh den tréimhse a bhí ar fáil. I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, chuathas i gcomhairle leis gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta lena mbaineann agus le húdaráis na tíre lena mbaineann maidir le roghnú an tsampla.

(22) D'áitigh an Chomhghuaillíocht um Chothrom Iomaíochta a Athbhunú in Earnáil Trealaimh Rochtana Shoghluaiste an Aontais (CMAE) gur cheart don Choimisiún ionadaíochas an tsampla a áirithiú trí thosca a mheas ní hamháin méid na n-onnmhairí ach úinéireacht na n-onnmhaireoirí, díolacháin intíre agus acmhainneacht táirgeachta. Lean an Coimisiún forálacha Airteagal 17(1) ina anailís agus dhírigh sé ar na critéir is ábhartha chun an sampla a roghnú agus, dá bhrí sin, dhiúltaigh sé do na hargóintí sin.

(23) I bhfianaise an mhéid thuas, choinnigh an Coimisiún an sampla bunaidh ar bun, sampla ag a bhfuil 68,91 % den mhéid onnmhairí iomlán measta MAE chuig an Aontas ón tSín le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(24) An 15 Bealtaine 2024, cuireadh in iúl do JLG go raibh sé beartaithe ag an gCoimisiún Airteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm toisc gur dealraitheach, agus an freagra ar an gceistneoir á fhíorú, go raibh cuid den fhreagra bunaithe ar chóras nach bhféadfaí a shonraí a rochtain i bhfíor-am. Níorbh fhéidir leis an gCoimisiún a fháil amach cé acu a íoslódáladh nó nár íoslódáladh an fhaisnéis a úsáideadh chun an ceistneoir a ullmhú sular tionscnaíodh an t-imscrúdú. Mar thoradh air sin, ní raibh an Coimisiún in ann a fháil amach ar tháinig an fhaisnéis a cuireadh isteach sa fhreagra ar an gceistneoir ó chóras cuntasaíochta na cuideachta, agus gur léirigh an fhaisnéis go cruinn go háirithe rátaí tomhaltais na n-ábhar ionchuir.

(25) An 23 Bealtaine 2024, cuireadh in iúl do Sinoboom go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún Airteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm maidir leis na sonraí nárbh fhéidir a fhíorú ina fhreagra ar an gceistneoir. Le linn na cuairte fíorúcháin tháinig saincheist chun cinn a bhaineann le tuairisciú na dtosca táirgeachta, maidir le páirteanna struchtúracha féintáirgthe agus ceannaithe. Chinn an Coimisiún go sealadach nach léiriú cruinn iad na sonraí a bhaineann le costais a chuir Sinoboom isteach ar na costais a tabhaíodh iarbhír, go háirithe maidir leis na codanna féintáirgthe.

(26) Chuir JLG agus Sinoboom araon barúlacha isteach maidir le cur i bhfeidhm beartaithe Airteagal 18 den bhun-Rialachán. D'easaontaigh JLG le cur i bhfeidhm na bhfíoras is fearr atá ar fáil ar bhonn Airteagal 18 agus d'iarr sé éisteacht leis an Oifigeach Éisteachta. An 6 Meitheamh 2024, i gcruinniú leis an bhfoireann cásanna, thug JLG roinnt soiléirithe agus, go sealadach, cinneadh na fíorais is fearr a bhí ar fáil a chur i bhfeidhm go páirteach chun gnáthluach JLG a ríomh. D'fhéadfaí a bpraghsanna onnmhairiúcháin a úsáid fós chun an corrlach dumpála a ríomh toisc nach ndearna an tsaincheist ar a dtugtar tuairisc thuas difear dóibh. Déanfar cinneadh críochnaitheach ag céim chinntitheach tar éis tuilleadh imscrúdaithe, agus tuairimí an Oifigigh Éisteachta á gcur san áireamh freisin.

(27) An 31 Bealtaine 2024, chuir Sinoboom barúlacha isteach maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 18 ach níor athraigh siad sin an chonclúid shealadach chun na fíorais is fearr a bhí ar fáil a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann le tosca táirgeachta áirithe. D'fhéadfaí a bpraghsanna onnmhairiúcháin a úsáid fós chun an corrlach dumpála a ríomh. Déanfar cinneadh críochnaitheach maidir le raon feidhme chur i bhfeidhm na bhfíoras atá ar fáil ag céim chinntitheach.

1.5.4. *Freagraí ar an gceistneoir agus cuairteanna fíorúcháin*

(28) Sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le saobhadh suntasach a bheith sa tSín de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán.

(29) Thairis sin, sholáthair an gearánach fianaise leordhóthanach sa ghearán go bhfuil saobhadh amhábhair i nDaon-Phoblacht na Síne maidir leis an táirge lena mbaineann. Dá bhrí sin, mar a fógraíodh san fhógra tionscnaimh, chumhdaigh an t-imscrúdú an saobhadh amhábhar sin chun a chinneadh an gcuirfí forálacha Airteagal 7(2a) agus 7(2b) den bhun-Rialachán i bhfeidhm maidir leis an tSín. Ar an gcúis sin, sheol an Coimisiún ceistneoirí breise ina leith sin chuig Rialtas na Síne.

(30) Sheol an Coimisiún ceistneoirí chuig na trí tháirgeoir shampláilte de chuid an Aontais, chuig an ngearánach, chuig na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, chuig na hallmhaireoirí aitheanta agus chuig úsáideoirí. Cuireadh na ceistneoirí céanna ar fáil ar líne lá an tionscnaimh.

(31) Lorg agus d'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis uile a measadh ba ghá chun cinneadh sealadach a dhéanamh maidir le dumpáil, an díobháil dá deasca, agus leas an Aontais. Is in áitribh na bpáirtithe a leanas a rinneadh cuairteanna fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán:

(a) Táirgeoirí de chuid an Aontais agus a gcomhlachas:

— Haulotte Arges (an Rómáin)

— Grúpa Haulotte (an Fhrainc)

— Manitou (an Fhrainc)

— an Chomhghuaillíocht um Chothrom Iomaíochta a Athbhunú in Earnáil Trealaimh Rochtana Shoghluaiste an Aontais

(b) Táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín:

— Hunan Sinoboom Intelligent Equipment Co., Ltd. ('Sinoboom')

— Oshkosh JLG (Tianjin) Equipment Technology Co., Ltd. ('JLG')

— Terex (Changzhou) Machinery Co., Ltd. ('Terex')

— Zhejiang Dingli Machinery Co., Ltd. ('Dingli')

1.6. **An tréimhse imscrúdúcháin agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(32) Cumhdaítear leis an imscrúdú ar dhumpáil agus díobháil an tréimhse ón Luan 1 Deireadh Fómhair 2022 go dtí an 30 Meán Fómhair 2023 ("an tréimhse imscrúdúcháin" nó "IP"). Chumhdaigh an t-imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha maidir leis an measúnú ar dhíobháil an tréimhse ón 1 Eanáir 2020 go dtí deireadh na tréimhse imscrúdúcháin ('an tréimhse faoi bhreathnú').

2. AN TÁIRGE FAOI IMSCRÚDÚ

2.1. **An táirge faoi imscrúdú**

(33) Is éard atá sa táirge faoi imscrúdú trealamh rochtana soghluaiste ('MAE') atá ceaptha chun daoine a ardú, é féinghluaiste, ar 6 mhéadar nó níos mó an airde oibre uasta atá aige, agus codanna de atá réamhchóimeáilte nó réidh le cóimeáil, gan comhpháirteanna aonair a áireamh nuair a chuirtear i láthair ar leithligh iad, agus gan trealamh ardaithe daoine atá suite ar fheithiclí faoi Chaibidil 86 agus Caibidil 87 den Chóras Comhchuibhithe ('an táirge faoi imscrúdú') a áireamh, ar trealamh é atá faoi láthair faoi chóid AC ex 8427 10 10, ex 8427 20 19, ex 8428 90 90, ex 8431 20 00 agus ex 8431 39 00 (cóid TARIC: 8427 10 10 10, 8427 20 19 10, 8428 90 90 20, 8431 20 00 60 agus 8431 39 00 10).

(34) Áirítear leis an raon táirgí meaisíní a úsáidtear chun daoine a ardú i raon leathan feidhmeanna éagsúla agus áirítear leis ardaitheoirí búm altacha, ardaitheoirí búm teileascópacha, ardaitheoirí siosúrtha agus crainn ingearacha.

2.2. **An táirge lena mbaineann**

(35) Is trealamh rochtana soghluaiste de thionscnamh na Síne ('an táirge lena mbaineann') é an táirge lena mbaineann.

2.3. **An táirge comhchosúil**

(36) Léirigh an t-imscrúdú gurb ionann na saintréithe bunúsacha fisiceacha agus teicniúla mar aon leis na húsáidí bunúsacha céanna atá ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge lena mbaineann;

— an táirge a tháirgtear agus a dhíoltar ar mhargadh intíre na Síne;

— an táirge faoi imscrúdú arna tháirgeadh agus arna dhíol san Aontas ag tionscal an Aontais.

(37) Chinn an Coimisiún ag an gcéim sin gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

2.4. **Maímh maidir leis an raon táirge**

2.4.1. *MAE leictreach agus hibrideach*

(38) Tar éis an tionscnaimh, d'áitigh CCCME go raibh réimse róleathan táirgí san áireamh sa raon táirgí, amhail búmanna nó ardaitheoirí siosúir, MAE leictreach agus hibrideach nó MAE a bhfuil cineál eile tiomána aige (inneall dócháin inmheánaigh (ICE), amhail díosal, gás peitriliam leachtaithe (GPL), própán, etc.) agus nach raibh na táirgí sin uile comhchosúil.

(39) Is é an príomhrud a d'áitigh CCCME go raibh difríochtaí ó thaobh saintréithe fisiceacha agus teicniúla de idir gnáth-MAE ICE agus MAE leictreach nó hibrideach – mar gheall ar na cineálacha éagsúil tiomána, bhí comhpháirteanna meicniúla éagsúla ag an dá chatagóir agus ní raibh aon cheann d'fheidhmeanna teicniúla ghnáth-MAE ICE ag MAE leictreach nó hibrideach, rud atá an-difriúil ó thaobh cumhachta agus acmhainneachta de. Dar le CCCME, bhí difríochtaí ann maidir le dáiltí agus dearadh meáchain, agus ina theannta sin, bhí sainiúlachtaí teicniúla éagsúla ag gnáth-MAE agus MAE leictreach i dtéarmaí uathrialach, cumais ardaithe agus soghluaisteachta mar shampla. Ina theannta sin, bhí an próiseas táirgthe difriúil chomh maith leis na príomhúsáidí: Úsáidtear MAE traidisiúnta lasmuigh agus an MAE leictreach nó hibrideach faoi dhíon.

(40) Ar na cúiseanna sin, d'áitigh CCCME nach raibh na saintréithe teicniúla agus fisiceacha céanna ag MAE leictreach agus hibrideach agus atá ag gnáth-MAE agus nár cheart déileáil leo mar tháirgí comhchosúla. Ba é a thuairim, dá bhrí sin, gur cheart MAE leictreach agus hibrideach a eisiamh ón raon táirgí.

(41) Ar an taobh eile, mheas an gearánach go bhfuil discréid leathan ag an gCoimisiún raon táirgí imscrúdaithe a shainiú. Thug sé dá aire freisin gur rogha níos sábháilte agus níos áisiúla é an MAE go léir do dhréimirí, scafall nó túir agus gur uirlis iad go bunúsach lena n-áirithítear sábháilteacht agus slándáil oibrithe agus nach raibh aon difríochtaí ann a thugann údar le modhnú ar raon feidhme an táirge. Maidir le foinsí éagsúla cumhachta a bheith ag gnáth-MAE ICE agus MAE leictreach nó hibrideach, d'áitigh sé nach n-athraíonn sé sin a bhuntréithe agus nach mbeadh na difríochtaí idir ardaitheoirí leictreacha agus díosail, mar shampla, le feiceáil ó lasmuigh den táirge.

(42) Mheas CCCME, mura ndearna an Coimisiún cinneadh MAE leictreach agus hibrideach a eisiamh ón raon táirgí, gur cheart dó cuimhneamh, de rogha air sin, ar eisiamh na dtáirgí nach bhfuil sé d'acmhainneacht ag tionscal an Aontais freastal ar éileamh an mhargaidh ina leith amhail:

— MAE leictreach/hibrideach gan córas hiodrálach (MAE saor ó ola);

— Ardaitheoirí siosúrtha leictreacha/hibrideacha ag a bhfuil airde oibre is mó ná 19 m;

— Búmanna leictreacha/hibrideacha ag a bhfuil airde oibre is mó ná 24 m.

(43) Ós rud é, de réir CCCME, nach raibh sé d'acmhainneacht ag an Aontas na cineálacha sin MAE a tháirgeadh, ba é tuairim CCCME nach bhféadfadh allmhairí na samhlacha MAE sin ón tSín difear a dhéanamh don deighleog mhargaidh sin agus nach bhféadfaidís a bheith ina gcúis le haon díobháil do tháirgeoirí an Aontais. Thairis sin, ní bheadh sé chun leas an Aontais dleachtanna a fhorchur ar na catagóirí sin MAE, dar leis, toisc nach raibh aon samhail arna táirgeadh sa bhaile in ann dul in ionad na gcineálacha sin allmhairí. Dá bhrí sin, dá nglacfaí bearta cosanta trádála in aghaidh na gcineálacha sin MAE ní bheadh ann ach méadú ar chostais d'úsáideoirí iartheachtacha, gan aon tairbhe do thionscal intíre an Aontais, toisc nach féidir le tionscal intíre an Aontais iad a sholáthar ná freastal ar éileamh an mhargaidh.

(44) D'áitigh an gearánach gur tháirg an táirgeoir Dynolift Oy ceann de na samhlacha (búmanna leictreacha/hibrideacha ag a bhfuil airde oibre is mó ná 24 m) a líomhnaítear nach raibh táirgeoirí an Aontais á dtáirgeadh, agus mheas sé go raibh na samhlacha MAE inmhalartaithe in aon chás.

(45) Maidir lena bhfoinsí cumhachta a bheith éagsúil, MAE leictreach nó hibrideach a bheith á úsáid istigh faoi dhíon agus gnáth-MAE ICE a bheith á úsáid amuigh faoin aer, go ginearálta, agus comhpháirteanna éagsúla agus líne táirgthe/chóimeála éagsúil a bheith acu, d'easaontaigh an Coimisiún go dtugann siad sin údar le MAE leictreach nó hibrideach a eisiamh ón raon táirgí. Os a choinne sin, bhí na MAEanna sin inmhalartaithe den chuid is mó, tháinig an dá chatagóir faoin sainmhíniú táirge, agus bhí údar maith ann go raibh an dá chatagóir mar chuid de raon feidhme an táirge.

(46) Mheabhraigh an Coimisiún freisin go bhfuil príomhthréithe fisiceacha agus teicniúla an táirge i gceist leis an tuairisc ar an raon táirgí ionas go n-áireofar inti MAE féinghluaiste atá ceaptha chun daoine a ardú, agus go sainítear íosairde an ardáin léi. Bhí gnáth-MAE ICE agus MAE leictreach nó hibrideach araon i gcomhréir leis an tuairisc agus dá bhrí sin bhí an bhun-úsáid chéanna agus na príomhthréithe fisiceacha céanna acu de réir an Choimisiúin.

(47) Bhreithnigh an Coimisiún an iarraidh ó CCCME cineálacha áirithe táirgí a eisiamh. Tháinig sé ar an gconclúid nach raibh dóthain fianaise ann nár táirgeadh na cineálacha táirgí sin san Aontas, ná nach dtosódh táirgeoirí an Aontais ar tháirgeadh go luath amach anseo. Ní raibh aon fhianaise ann ach oiread nach bhféadfaí meaisíní a bhfuil córas tiomána éagsúil acu a chur ina n-ionad. Ós rud é nár thacaigh fianaise leis an maíomh, dhiúltaigh an Coimisiún dó go sealadach.

2.4.2. *Rannáin*

(48) D'áitigh CCCME thairis sin gur cheart na codanna a eisiamh ó raon feidhme an imscrúdaithe. D'áitigh sé go raibh éagsúlacht mhór táirgí i gcodanna de MAE, amhail fonnadh, caschlár, sásra ardaithe (ina raibh siosúr nó borradh), ardán etc. Ba iad sin, dar leis, earraí neamhchríochnaithe nach raibh na saintréithe fíor-riachtanacha céanna acu leis an MAE críochnaithe. Níl ardán a bhfuil meicníocht ardaithe aige inchomparáide le MAE cóimeáilte toisc nach bhfuil gléasra cumhachta ná rothaí aige a d'fhágfadh go mbeadh an t-ardán soghluaiste. Chomh maith leis sin, d'fhéadfaí ardán ardaithe a shuiteáil ar thrucail, rud a eisiadh go sainráite ón imscrúdú seo. Ar an gcaoi chéanna, codanna nach bhfuil an chomhpháirt ardaithe acu, ar ceann de ghnéithe fíor-riachtanacha MAE í, ní fhéadfaí a mheas go bhfuil an tsaintréith fhíor-riachtanach sin acu.

(49) Thairis sin, d'áitigh CCCME go raibh na costais próiseála breise (i.e. codanna a thiontú ina MAE críochnaithe) substaintiúil agus gur bhain breisluach an táirgeora le táthú agus/nó cóimeáil páirteanna, tástáil, péinteáil, agus saincheapadh na meaisíní críochtháirge (agus ar ndóigh sa taighde agus forbairt agus sna hinfheistíochtaí a rinneadh roimh an táirgeadh). Bhí oibríochtaí casta i gceist leo sin ar ghá uirlisí speisialta a úsáid lena n-aghaidh. Ní raibh na codanna neamhchóimeáilte in iomaíocht ar bhealach ar bith leis an gcríochtháirge, rud a d'fhág nach ndearnadh díobháil do thionscal an Aontais, óir ní chuimhneodh aon úsáideoir iartheachtach riamh ar na codanna sin a fháil agus a úsáid amhlaidh. Ar na cúiseanna sin, mheas CCCME nár cheart codanna de MAE agus MAE críochnaithe a bheith mar chuid den táirge céanna lena mbaineann.

(50) D'áitigh CCCME freisin nach raibh sé soiléir ón sainiú táirge ar eisiadh comhpháirteanna nó fo-chóimeálacha aonaracha nó nár eisiadh. Má áiríodh codanna nó fo-chóimeálacha ann, d'áitigh sé nár sainíodh tionscal an Aontais go hiomchuí, agus nár comhlíonadh an tairseach 25 % a leagtar amach le hAirteagal 5(4) den bhun-Rialachán. Go sonrach, fágadh táirgeoirí codanna agus fo-chóimeálacha ar lár go hiomlán agus ní raibh siad rannpháirteach san imscrúdú.

(51) Níor aontaigh an gearánach leis na maímh sin ó CCCME. Mheas sé gur faoi dhiscréid an Choimisiúin a bhí sé codanna a chur san áireamh agus go raibh sé i gcomhréir le cleachtas an Choimisiúin. Mheas sé gur rud teoranta a bhí ann tuilleadh próiseála a dhéanamh chun cuid chríochnaithe a chur i dtoll a chéile i monarcha speisialaithe, agus gurbh é an chéim dheireanach uile den phróiseas cóimeála é trí nó ceithre chuid chríochnaithe a chur i dtoll a chéile ina gcríochtháirge. Mheas sé freisin go ndéantar aon chuid de MAE a mhonarú go heisiach le haghaidh samhail áirithe meaisín, agus le haghaidh táirgeoir áirithe i gcónaí. D'áitigh sé nár áiríodh comhpháirteanna aonair sa raon táirgí ach codanna críochnaithe, arna dtáirgeadh ag an tionscal MAE amháin.

(52) Bhreithnigh an Coimisiún na hargóintí a rinneadh, ach choinnigh sé an raon táirge ar bun mar a shainítear san fhógra tionscnaimh agus in aithris (27) thuas. Ní féidir na codanna, i gcás ina bhfuil siad réamhchóimeáilte nó réidh le cóimeáil de réir mar is gá, a úsáid ach amháin chun aonad MAE a chóimeáil agus, dá bhrí sin, tá dlúthbhaint acu leis an aonad MAE críochnaithe. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún gurb iomchuí na codanna, arb iad an fonnadh, an caschlár, an mheicníocht ardaithe agus an t-ardán, a choimeád sa sainiú ar an raon táirgí. Dheimhnigh an Coimisiún freisin nár tháinig comhpháirteanna aonair, i gcás ina gcuirtear i láthair ar leithligh iad, faoin raon táirgí. Ós rud é gurbh é an tionscal MAE amháin a tháirg na codanna sin, mheas sé go raibh tionscal an Aontais dea-shainithe. Dá réir sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh nár comhlíonadh an tairseach 25 % a leagtar amach le hAirteagal 5(4) den bhun-Rialachán.

3. DUMPÁIL

3.1. **Nós imeachta chun an gnáthluach a chinneadh faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán**

(53) Ó tharla gur leor an fhianaise a bhí ar fáil ag tús an imscrúdaithe a thug le fios gur ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán maidir leis an tSín mheas an Coimisiún gurbh iomchuí tús a chur leis an imscrúdú i ndáil leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin ón tír sin, ag féachaint d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(54) Dá thoradh sin, chun na sonraí is gá a bhailiú i gcás go gcuirfí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán i bhfeidhm amach anseo, d'iarr an Coimisiún, san fhógra tionscnaimh, ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin sa tSín faisnéis a sholáthar maidir leis na hionchuir a úsáidtear chun MAE a tháirgeadh. Chuir 18 dtáirgeoir onnmhairiúcháin an fhaisnéis ábhartha isteach.

(55) D'fhonn faisnéis a fháil a mheas sé a bheith riachtanach dá imscrúdú maidir leis an saobhadh suntasach a líomhnaíodh, sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne. Ina theannta sin, i bpointe 5.3.2. den fhógra tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara uile a gcuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach agus fianaise thacaíochta a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán laistigh de 37 lá tar éis dháta fhoilsithe an fhógra tionscnaimh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Ní bhfuarthas aon fhreagra ar an gceistneoir ó Rialtas na Síne agus ní bhfuarthas aon aighneacht maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(56) Shonraigh an Coimisiún freisin i bpointe 5.3.2. den Fhógra Tionscnaimh, i bhfianaise na faisnéise a bhí ar fáil, go bhféadfadh an Bhrasaíl a bheith ina tír ionadaíoch iomchuí de bhun Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, chun críche an gnáthluach a chinneadh ar bhonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa. Shonraigh an Coimisiún freisin go scrúdódh sé tíortha ionadaíocha eile a d'fhéadfadh a bheith iomchuí i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc, den bhun-Rialachán.

(57) An 21 Nollaig 2023, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas le nóta ('an chéad nóta') maidir leis na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh. Sa nóta sin, sholáthair an Coimisiún liosta de na tosca táirgeachta uile amhail amhábhair, saothar agus fuinneamh a úsáidtear chun MAE a tháirgeadh. Ina theannta sin, ar bhonn na gcritéar a threoraíonn rogha na bpraghsanna nó na dtagarmharcanna neamhshaofa, shainaithin an Coimisiún an Bhrasaíl, Meicsiceo agus an Tuirc mar thíortha ionadaíocha iomchuí féideartha.

(58) An 17 Bealtaine 2024, d'eisigh an Coimisiún an dara nóta maidir leis na tosca táirgeachta ('an Dara Nóta'). Tugadh aghaidh ar na barúlacha uile maidir leis an gCéad Nóta sa Dara Nóta seo agus deimhníodh na foinsí ábhartha a bhí beartaithe ag an gCoimisiún a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh. Sa Dara Nóta cuireadh na páirtithe leasmhara ar an eolas faoi rogha na Brasaíle mar an tír ionadaíoch. Chuir sé in iúl freisin do pháirtithe leasmhara go leagfadh sé síos méideanna le haghaidh costais díola, ghinearálta agus riaracháin ('costais SGA;A') agus le haghaidh na mbrabús bunaithe ar fhaisnéis atá ar fáil go héasca don chuideachta Madal Palfinger S.A., táirgeoir an táirge sa chatagóir ghinearálta chéanna le MAE sa tír ionadaíoch.

(59) Mhol Dingli go n-úsáidfí an Mhalaeisia mar an tír ionadaíoch, agus chuir sé isteach sonraí airgeadais Favelle Favco Cranes Sdn. Bhd ('Favelle Favco') a tháirgeann trealamh ardaithe meáchain throm lena n-áirítear craenacha amach ón gcósta, craenacha túir, craenacha calaidh, agus craenacha ráillí.

(60) Dhiúltaigh an Coimisiún don togra sin toisc nach táirgeoir é Favelle Favco ar an PUI, ná ar ardáin mhóibíleacha atá suite ar thrucailí, an táirge a roghnaíodh chun teacht in ionad MAE, atá níos oiriúnaí ná na meaisíní a tháirgeann Favelle Favco (Féach aithris (189). Roinneann ardáin shoghluaiste suite ar thrucail a bpríomh-chomhpháirteanna le roinnt catagóirí MAE ach tógtar iad ar chomhla chúil trucaile. Tá trealamh rochtana soghluaiste suite ar thrucailí cosúil ó thaobh an phróisis táirgthe agus an ábhair ionchuir de chun go measfaí gur táirge é sa chatagóir ghinearálta chéanna leis an táirge faoi imscrúdú. Ina theannta sin, tá sé i gceist leis na hardáin seo atá suite ar thrucailí daoine a ardú in ionad ábhair, contrártha le craenacha, nach roinneann na príomh-chomhpháirteanna le MAE ach an oiread.

3.2. **An Gnáthluach**

(61) I gcomhréir le hAirteagal 2(1) den bhun-Rialachán, '[b]eidh an gnáthluach bunaithe ar an bpraghas a íocadh nó atá le híoc de ghnáth, i ngnáthchúrsa trádála, ag custaiméirí neamhspleácha sa tír is onnmhaireoir'.

(62) Mar sin féin, de réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, 'i gcás ina gcinntear […] nach bhfuil sé iomchuí praghsanna intíre agus costais a úsáid sa tír is onnmhaireoir i ngeall go bhfuil saobhadh suntasach sa tír sin de réir bhrí phointe (b), ríomhfar an gnáthluach go heisiach ar bhonn costais táirgthe agus díola a léiríonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa', agus 'áireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús'.

(63) Mar a mhínítear a thuilleadh thíos, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid san imscrúdú seo gur ar bhonn na fianaise atá ar fáil, b'iomchuí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm.

3.3. **Saobhadh suntasach a bheith ann**

(64) In Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán sainmhínítear gurb é atá i 'saobhadh suntasach an saobhadh sin a tharlaíonn nuair nach amhlaidh, maidir le praghsanna nó costais a thuairiscítear, lena n-áirítear costais amhábhar agus fuinnimh, go mbíonn siad ann mar gheall ar fhórsaí an mhargaidh shaoir toisc go bhfuil tionchar ag idirghabháil shubstainteach rialtais orthu. Agus measúnú á dhéanamh i dtaobh an ann do shaobhadh suntasach, tabharfar aird, inter alia, ar an tionchar féideartha atá ag ceann amháin nó níos mó de na heilimintí seo a leanas:

— freastal ar an margadh sin atá i gceist a bheith á dhéanamh ar leibhéal suntasach ag fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, faoi smacht, nó faoi mhaoirseacht bheartais nó faoi stiúir údaráis na tíre is onnmhaireoir;

— an stát a bheith i láthair i gcuideachtaí lena gcumasaítear don stát cur isteach i leith praghsanna nó costas;

— beartais phoiblí nó bearta poiblí lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar soláthraithe intíre nó lena n-imrítear tionchar seachas sin ar fhórsaí an mhargaidh shaoir;

— maidir leis na dlíthe féimheachta, corparáideacha, nó maoine, easnamh a bheith ann ina leith, nó iad a chur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó iad a fhorfheidhmiú go neamhleor;

— saobhadh a bheith á dhéanamh ar chostais phá;

— rochtain ar mhaoiniú arna dheonú ag institiúidí a chuireann cuspóirí beartais phoiblí chun feidhme nó ar chaoi eile nach ngníomhaíonn go neamhspleách ar an stát.'

(65) Os rud é nach carnach an liosta in Airteagal (2(6a)(b) den bhun-Rialachán, ní gá na gnéithe uile a thabhairt chun a chinneadh gur ann do shaobhadh suntasach. Thairis sin, féadfar úsáid a bhaint as na himthosca fíorasacha céanna chun a léiriú gur ann do cheann amháin nó níos mó d'eilimintí an liosta.

(66) Mar sin féin, ní mór aon chonclúid maidir le saobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán a dhéanamh ar bhonn na fianaise go léir atá ar fáil. Nuair atá an measúnú foriomlán á dhéanamh i dtaobh an ann do shaobhadh, féadfar comhthéacs ginearálta agus an staid sa tír is onnmhaireoir a chur san áireamh freisin, go háirithe i gcás ina dtugann na gnéithe bunúsacha de chomhdhéanamh eacnamaíoch agus riaracháin na tíre is onnmhaireoir cumhachtaí substainteacha don rialtas chun idirghabháil a dhéanamh sa gheilleagar ar bhealach a fhágann nach ann do phraghsanna ná do chostais mar gheall ar shaor-fhorbairt fhórsaí an mhargaidh.

(67) Foráiltear in Airteagal 2(6a)(c) den bhun-Rialachán '[i] gcás ina bhfuil údar maith ag an gCoimisiún lena chreidiúint go bhféadfadh saobhadh suntasach dá dtagraítear i bpointe (b) a bheith i dtír ar leith nó in earnáil ar leith sa tír sin, agus i gcás inarb iomchuí chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil lena dtuairisceofar imthosca an mhargaidh dá dtagraítear i bpointe (b) sa tír sin nó san earnáil sin a ullmhú, a phoibliú agus a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta.'

(68) De bhun na forála sin, d'eisigh an Coimisiún tuarascáil tíre maidir leis an tSín ('a*n Tuarascáil*') ([5]) ina bhfuil fianaise gur ann d'idirghabháil shubstaintiúil rialtais ar roinnt mhaith leibhéal den gheilleagar, lena n-áirítear saobhadh sonrach i roinnt mhaith príomhthoisc táirgeachta (amhail talamh, fuinneamh, caipiteal, amhábhair agus saothar) agus in earnálacha roghnaithe (amhail an earnáil cruach). Iarradh ar pháirtithe leasmhara an fhianaise a bhí ann i gcomhad an imscrúdaithe tráth an tionscnaimh a bhréagnú nó a fhorlíonadh nó a dtuairimí a thabhairt ina leith. Cuireadh an Tuarascáil maidir leis an tSín sa chomhad imscrúdaithe ag céim an tionscnaimh.

(69) Thagair an gearánach don fhianaise atá sa Tuarascáil chun saobhadh de chineálacha éagsúla i ngeilleagar na Síne a chur in iúl. Rinne an gearán an Tuarascáil a chomhlánú freisin le fianaise ábhartha bhreise, amhail tuarascálacha ó eagraíochtaí idirnáisiúnta, páipéir acadúla nó torthaí ó údaráis cosanta trádála i ndlínsí eile. Thairis sin, thagair an gearánach freisin do thorthaí an Choimisiúin in imscrúduithe a rinneadh le déanaí lenar suíodh go ndéanann idirghabhálacha Rialtas na Síne difear bunúsach do gheilleagar na Síne.

(70) Go sonrach, d'áitigh an gearánach go bhfuil margadh MAE sa tSín dínasctha ó ghnáthfhórsaí margaidh i bhfianaise raon leathan cúiseanna, amhail gur Stát cumannach í an tSín bunaithe ar an teagasc maidir le '*geilleagar sóisialach an mhargaidh*'; tá tionchar láidir ag Páirtí Cumannach na Síne ('CCP') ar gheilleagar na tíre, lena n-áirítear an earnáil phríobháideach; tá earnáil MAE faoi réir beartais pleanála stáit.

(71) Ina theannta sin, meabhraíodh sa ghearán mionsonraí breise maidir leis na heilimintí seo a leanas a dtagann saobhadh suntasach astu.

(72) Ar an gcéad dul síos, is iad fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, faoi rialú, nó faoi mhaoirseacht nó treorú beartais údarás stáit a bhíonn ag freastal, cuid mhór, ar an earnáil MAE. Is cuid shubstaintiúil de gheilleagar na Síne agus den tionscal MAE iad fiontair atá faoi úinéireacht, faoi rialú nó faoi mhaoirseacht nó treorú beartais údaráis na Síne.

(73) Sholáthair an gearánach samplaí de SASAC réigiúnach a cheap bord stiúrthóirí an táirgeora onnmhairiúcháin Guangxi LiuGong Machinery Co., Ltd (Liugong), chomh maith le bord stiúrthóirí an Choimisiúin Náisiúnta um Fhorbairt agus Athchóiriú (NDRC) a d'fhógair 'claochlú ardleibhéil' na 'gceithre mhórghníomhaí' in earnáil innealra tógála na Síne: Sany Heavy Industry Co., Ltd. (Sany), Zoomlion Intelligent Access Machinery Co., Ltd. (Zoomlion), Liugong agus XCMG Fire Fighting Safety Equipment Co., Ltd. (XCMG), ar príomhghníomhaithe iad uile sa mhargadh MAE.

(74) Thairis sin, d'áitigh an gearánach go measann an tSín gur '*ceann de na tionscail cholúin thábhachtacha*' é an tionscal MAE. Dá réir sin, tá ról tábhachtach ag fiontair faoi úinéireacht stáit agus ag an stát féin san earnáil agus tá comhdhlúthú a tionscail tógála beartaithe ag an tSín le fada trí chumaisc agus éadálacha ollmhóra, ionas go ndéanfar a hacmhainneacht ollmhór a chomhchruinniú i roinnt bheag gníomhaithe. Léirigh an gearánach an próiseas comhdhlúthúcháin agus an stát a bheith i láthair trí stair chorparáideach XCMG a mheabhrú, chomh maith leis an ról a bhí ag an gcomhlachas tionscail earnálach CCMA.

(75) Ar an dara dul síos, an stát a bheith i láthair i gcuideachtaí, is rud é a chumasaíonn don stát cur isteach i leith praghsanna nó costas. Feidhmíonn an stát a rialú ar an gcuideachta faoi úinéireacht stáit trína chearta vótála mar cheann d'úinéirí na bhfiontar faoi úinéireacht stáit agus déanann Páirtí Cumannach na Síne faireachán ar chomhlíontacht na cuideachta faoi úinéireacht stáit le beartais rialtais, ar ainmniú na bainistíochta nó ar ainmniú chomhaltaí an bhoird, agus tá baint aige le príomhchinntí. Tugadh le fios sa ghearán gur cuideachta faoi úinéireacht stáit í XCMG agus go raibh sí 100 % faoi úinéireacht chathair Xuzhou, go dtí go ndearnadh príobháidiú páirteach uirthi in 2020, agus ina dhiaidh sin go raibh 80 % di fós faoi rialú an rialtais. Thairis sin, is cuideachta faoi úinéireacht stáit í Liugong freisin, agus roghnaigh SASAC í mar 'phríomhchuideachta faoi úinéireacht stáit' sa tír in 2021. Thairis sin, rinneadh tagairtí sa ghearán do cheangail fhoirmiúla (scairshealbhú) agus neamhfhoirmiúla (forluitf pearsanta) idir an stát agus an táirgeoir onnmhairiúcháin Zoomlion.

([5]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun Críoch Imscrúduithe Cosanta Trádála, an 20 Nollaig 2017, (SWD (2017) 483 final/2).

(76) Ina theannta sin, tugadh le fios sa ghearán nach le fiontair faoi úinéireacht stáit amháin a bhaineann tionchar díreach an stáit ar chuideachtaí i bhfianaise go bhfuil sé éigeantach coiste de Pháirtí Cumannach na Síne a bheith i láthair i gcuideachtaí príobháideacha agus go bhfuil tionchar Pháirtí Cumannach na Síne ar chinntí gnó cuideachtaí ag dul i méid. Luadh grúpa Sany mar shampla coincréiteach sa ghearán, a bhfuil a chathaoirleach ina chomhalta de Pháirtí Cumannach na Síne agus ina ionadaí freisin ó Dhaon-Chomhdháil Náisiúnta 2022. Déanann grúpa Sany, chomh maith le cuideachtaí eile amhail Sinoboom, Dingli nó Sunward Intelligent Equipment Co. Ltd. (Sunward), iad féin a ailíniú go dlúth le beartais Rialtas na Síne.

(77) Cuireadh i dtábhacht sa ghearán thairis sin an tionchar a imríonn an stát ar na hearnálacha réamhtheachtacha freisin, go háirithe maidir le táirgeadh agus soláthar cruach, ceallraí ian litiam, boinn eisbhóthair, inneall díosail agus leictreachas.

(78) Ar an tríú dul síos, tagraíodh sa ghearán do bheartais phoiblí nó bearta poiblí lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar soláthraithe intíre nó lena n-imrítear tionchar ar chaoi eile ar fhórsaí an mhargaidh shaoir. De réir an ghearáin, is é an córas pleananna ceangailteacha, lena leagtar amach tosaíochtaí agus spriocanna le haghaidh an rialtais láir agus áitiúil, a chinneann treo gheilleagar na Síne. Tá dreasacht láidir ag tionscail na Síne, bídís faoi úinéireacht stáit nó príobháideach, a ngníomhaíochtaí a ailíniú leis na tosaíochtaí sna pleananna ábhartha.

(79) Sa 14ú Plean 5 Bliana ('FYP') ([6]) ainmnítear trealamh ardleibhéil, chomh maith le feithiclí nua fuinnimh, mar thionscail straitéiseacha atá ag teacht chun cinn agus dearbhaítear ann freisin go ndéanfaidh an tSín 'forbairt nuálach […] innealra innealtóireachta a chur chun cinn'. D'áitigh an gearánach go ndéanann ró-acmhainneachtaí struchtúracha difear don earnáil MAE mar thoradh ar na beartais phoiblí. Thairis sin, chuir an gearánach i dtábhacht go leagtar amach beartas rialtais agus rannpháirtíocht san earnáil réamhtheachtach leis na Pleananna Cúig Bliana freisin, rud atá ríthábhachtach chun na praghsanna iartheachtacha a shaobhadh. Rinneadh tagairt sa ghearán d'fhorálacha ábhartha an 14ú Plean Cúig Bliana – go háirithe do na forálacha maidir leis an earnáil cruach agus an earnáil innealra tógála – agus don straitéis Déanta sa tSín 2025.

(80) Ina theannta sin, tugadh le fios sa ghearán, trí leibhéal an tsoláthair amhábhar a mhodhnú go saorga, nó trí na praghsanna a shocrú go lárnach, go ndéanann Rialtas na Síne ionramháil ar phraghsanna ionchur agus táirgí idirmheánacha le haghaidh na hearnála MAE. Liostaítear sa ghearán ina leith sin tosca amhail cuótaí onnmhairiúcháin le haghaidh cóic, guail chóic, agus dramhaíola miotail; dleachtanna onnmhairiúcháin le haghaidh amhiarainn, cóic, guail chóic, agus fuíll chruach; ceanglais cheadúnúcháin onnmhairiúcháin maidir le cóc agus gual cóic; agus praghsanna a shocrú don leictreachas.

(81) Thairis sin, is é an toradh atá ar bheartais phoiblí, amhail an Tionscnamh Creasa agus Bóthair, de réir an ghearáin, go gcruthaítear asraonta seachtracha saorga le haghaidh thionscal MAE na Síne. An tráth céanna, tháinig méadú mór ar an éileamh ar innealra tógála ar mhargadh intíre na Síne mar gheall ar thacair éagsúla beartas, go háirithe tionscadail ollmhóra tógála arna maoiniú ag an stát, rud a chruthaigh asraonta inmheánacha saorga le haghaidh na dtáirgeoirí MAE.

(82) Ar an gceathrú dul síos, maidir le dlíthe féimheachta, corparáideacha, agus maoine na Síne, tugadh le fios sa ghearán go bhfuil easnamh ann ina leith, go gcuirtear i bhfeidhm go hidirdhealaitheach iad nó go bhfuiltear á bhforfheidhmiú go neamhleor. Cuireadh i dtábhacht sa ghearán go háirithe an tacaíocht shaorga le cuideachtaí neamh-inmharthana san earnáil tógála a imríonn tionchar ar an tionscal iartheachtach innealra tógála, chomh maith leis an easpa úinéireachta talún príobháidí agus an soláthar talún gaolmhar atá neamh-thrédhearcach agus arb í an pholaitíocht is cúis leis.

(83) Ar an gcúigiú dul síos, agus an gearánach á áitiú go bhfuil saobhadh ar na costais phá, thagair sé don fhíoras nach n-oibríonn ach ceardchumann amháin sa tSín a bhfuil aitheantas dlíthiúil aige, is é sin ACFTU. Tá an ceardchumann sin faoi réir cheannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne freisin. Thairis sin, níor dhaingnigh an tSín fós roinnt de na coinbhinsiúin idirnáisiúnta is tábhachtaí maidir le saothar. Ina theannta sin, tá tionchar ag an gcóras clárúcháin teaghlaigh ar lucht saothair na Síne, córas a glacadh chun leithdháileadh acmhainní saothair a stiúradh i dtreo na dtionscal trom atá i mbéal forbartha i gceantair uirbeacha agus, i bhfianaise go gcaitear le hoibrithe imirceacha ar bhealach idirdhealaitheach, a fhágann i ndáiríre go ndéantar saobhadh ar chostais phá sa tSín.

([6]) Chun leagan Béarla de théacs iomlán an 14ú FYP a fháil, féach mar shampla ag: https://cset.georgetown.edu/publication/china-14th 5-year-plan/ (arna rochtain an 31 Bealtaine 2024).

(84) Ar an séú dul síos, tairbhíonn táirgeoirí MAE de rochtain ar mhaoiniú arna dheonú ag institiúidí a chuireann cuspóirí beartais phoiblí chun feidhme nó ar chaoi eile nach ngníomhaíonn go neamhspleách ar an stát. Ní hamháin go bhfuil na bainc mhóra sa tSín faoi úinéireacht stáit, ní mór do bhainc phríobháideacha freisin beartas náisiúnta a chur san áireamh agus iad i mbun a ngnó, rud a chiallaíonn, i measc nithe eile, go ndéantar infheistíochtaí a threorú go fabhrach chuig tionscail '*atáthar a spreagadh*'. Léirítear sa ghearán na tairbhí sin do mhonaróirí MAE na Síne trí iasachtaí a fuair Liugong, grúpa Sany, XCMG, Zoomlion, Sonoboom agus Dingli roimhe seo a liostú, agus na tagairtí sin a chomhlánú le tuarascálacha a léiríonn spreagadh beartais na n-institiúidí airgeadais a sholáthraíonn na hiasachtaí sin.

(85) Léirigh an gearánach thairis sin gur minic a bhíonn rátálacha bannaí agus creidmheasa sa tSín saofa agus go gcomhfhreagraíonn siad go córasach do rátálacha idirnáisiúnta níos ísle is bun leis an staid atá ann faoi láthair ina bhfuil fiacha troma ar an earnáil faoi úinéireacht stáit. Is é is cúis leis sin na 'ráthaíochtaí rialtais intuigthe' a sholáthraítear do thionscail 'atáthar a spreagadh' nó do thionscail ainmnithe eile gan mainneachtainí bannaí a áireamh.

(86) Ar an iomlán, d'áitigh an gearánach go bhfuil margadh iomlán na Síne faoi rialú ag saobhadh sistéamach a bhfuil feidhm aige maidir leis an earnáil MAE agus leis an ngeilleagar ar fad. Déanann Rialtas na Síne idirghabháil ar gach leibhéal den slabhra soláthair MAE, rud a chruthaíonn an cás ina ndéanann saobhadh rialtais difear ar bhealach amháin nó ar bhealach eile don ionchur, d'ionchur an ionchuir sin agus mar sin de.

(87) Mar chonclúid, d'áitigh an gearánach, mar gheall ar an saobhadh suntasach de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán atá san earnáil MAE, nach mór an gnáthluach a ríomh go heisiach ar bhonn na gcostas táirgthe agus díola a léiríonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa i dtír ionadaíoch ina bhfuil leibhéal comhchosúil forbartha agus leibhéal leordhóthanach cosanta sóisialta agus comhshaoil.

(88) Scrúdaigh an Coimisiún cé acu is iomchuí nó nach iomchuí praghsanna agus costais intíre sa tSín a úsáid, i ngeall gur ann do shaobhadh suntasach de réir phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Rinne an Coimisiún amhlaidh ar bhonn na fianaise atá ar fáil sa chomhad. San fhianaise ar an gcomhad, áiríodh an fhianaise a bhí sa Tuarascáil, chomh maith lena leagan atá cothrom le dáta ('Tuarascáil atá cothrom le dáta'), ([7]) a bhraitheann ar fhoinsí atá ar fáil go poiblí.

(89) Cumhdaíodh san anailís sin an scrúdú a rinneadh ar na hidirghabhálacha substaintiúla rialtais i ngeilleagar na Síne i gcoitinne, ach cumhdaíodh freisin staid shonrach an mhargaidh san earnáil ábhartha lena n-áirítear an táirge lena mbaineann. D'fhorlíon an Coimisiún na heilimintí fianaise sin a thuilleadh lena thaighde féin ar na critéir éagsúla atá ábhartha chun a dheimhniú gur ann do shaobhadh suntasach sa tSín.

3.3.1. *Saobhadh suntasach a imríonn tionchar ar phraghsanna agus costais sa tSín*

(90) Tá córas eacnamaíoch na Síne bunaithe ar an gcoincheap 'geilleagar margaidh sóisialach'. Tá an coincheap sin cumhdaithe i mBunreacht na Síne agus cinneann sé rialachas eacnamaíoch na Síne. Is é an príomhphrionsabal 'úinéireacht phoiblí shóisialach ar na modhanna táirgthe, is é sin, úinéireacht an phobail uile agus comhúinéireacht ag an lucht oibre' ([8]).

(91) Is é an geilleagar faoi úinéireacht stáit 'fórsa ceannasach an gheilleagair náisiúnta' agus tá sainordú ag an stát chun 'comhdhlúthú agus fás an gheilleagair' a áirithiú ([9]). Dá réir sin, ní hamháin go bhfuil geilleagar na Síne socraithe go foriomlán sa chaoi gur féidir leis an Rialtas idirghabhálacha substaintiúla a dhéanamh sa gheilleagar, tá idirghabhálacha den sórt sin sainordaithe go sainráite. Tá an coincheap maidir le ceannas na húinéireachta poiblí ar an úinéireacht phríobháideach leata ar fud an chórais dlíthiúil fhoriomláin agus leagtar béim air mar phrionsabal ginearálta i ngach píosa lárnach reachtaíochta.

([7]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun Críoch Imscrúduithe Cosanta Trádála, an 10 Aibreán 2024, SWD (2024) 91 final.

([8]) Tuarascáil nuashonraithe – Caibidil 2, lch. 7

([9]) Tuarascáil nuashonraithe – Caibidil 2, lgh. 7-8.

(92) Is sampla den scoth é dlí maoine na Síne: tagraíonn sé do phríomhchéim an tsóisialachais agus cuireann sé ar iontaoibh an stáit seasamh leis an gcóras eacnamaíoch bunúsach faoina bhfuil ról ceannasach ag an úinéireacht phoiblí. Glactar le cineálacha eile úinéireachta, agus ceadaítear leis an dlí iad a bheith ag forbairt taobh le taobh leis an úinéireacht stáit ([10]).

(93) Ina theannta sin, faoi dhlí na Síne, forbraítear an geilleagar margaidh sóisialach faoi cheannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne. Tá struchtúir stát na Síne agus Pháirtí Cumannach na Síne fite fuaite ina chéile ar gach leibhéal (dlíthiúil, institiúideach, pearsanta), rud lena gcruthaítear forstruchtúr nach féidir róil an Pháirtí agus an stáit a idirdhealú óna chéile ann.

(94) Tar éis leasú a dhéanamh ar Bhunreacht na Síne i mí an Mhárta 2018, tugadh tábhacht níos mó fós do ról ceannasach Pháirtí Cumannach na Síne trína athdhearbhú i dtéacs Airteagal 1 den Bhunreacht.

(95) Tar éis na chéad abairte atá cheana féin san fhoráil: 'is é an córas sóisialach córas bunúsach Dhaon-Phoblacht na Síne' cuireadh an dara habairt nua isteach a léitear mar a leanas: '[i]s é gné shainithe an tsóisialachais lena ngabhann saintréithe Síneacha ceannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne.' ([11]) Léiríonn sé sin smacht gan cheist an Pháirtí Chumannaigh ar chóras eacnamaíoch na Síne, smacht atá ag fás de shíor.

(96) Is gnéithe lárnacha de chóras na Síne iad an cheannaireacht agus an rialú sin agus téann siad i bhfad thar an ngnáthstaid i dtíortha eile ina bhfeidhmíonn na rialtais rialú ginearálta maicreacnamaíoch laistigh de na teorainneacha ina mbíonn fórsaí an mhargaidh shaoir i gceist.

(97) Bíonn stát na Síne ag gabháil do bheartas eacnamaíoch idirghabhálach agus é ag saothrú spriocanna, ar spriocanna iad a thagann leis an gclár oibre polaitiúil arna leagan síos ag Páirtí Cumannach na Síne seachas a bheith ag léiriú na n dálaí eacnamaíocha atá i réim i margadh saor. ([12]) Baineann údaráis na Síne úsáid as líon mór uirlisí eacnamaíocha idirghabhálacha, lena n-áirítear córas na pleanála tionscail agus an córas airgeadais agus, chomh maith leis sin, leibhéal na timpeallachta rialála.

(98) Sa chéad dul síos, ar leibhéal an rialaithe riaracháin ghinearálta, déantar treo gheilleagar na Síne a rialú le córas casta pleanála tionscail a dhéanann difear do gach gníomhaíocht eacnamaíoch sa tír. Cumhdaíonn na pleananna sin ar fad maitrís chuimsitheach chasta earnálacha agus beartas trasghearrtha, agus tá siad ann ar gach leibhéal rialtais.

(99) Bíonn pleananna ar leibhéal na gcúigí mionsonraithe ach leagtar amach spriocanna níos leithne i bpleananna náisiúnta. Déantar na modhanna lena dtacófar leis na tionscail/hearnálacha ábhartha, chomh maith leis na tráthchláir ar laistigh díobh is gá na cuspóirí a bhaint amach, a shonrú i bpleananna freisin. Tá spriocanna follasacha aschuir i roinnt pleananna i gcónaí.

(100) Faoi na pleananna, tá aird ar leith á tabhairt ar earnálacha tionsclaíocha aonair agus/nó ar thionscadail mar thosaíochtaí (dearfacha nó diúltacha) i gcomhréir le tosaíochtaí rialtais agus déantar spriocanna forbartha sonracha (uasghrádú tionsclaíoch, leathnú idirnáisiúnta etc.) a shannadh dóibh.

(101) Ní mór do na hoibreoirí eacnamaíocha, idir oibreoirí príobháideacha agus oibreoirí faoi úinéireacht an stáit araon, a ngníomhaíochtaí gnó a choigeartú go héifeachtach de réir an mhéid a fhorchuirtear leis an gcóras pleanála i ndáiríre. Ní hamháin go bhfuil sé sin fíor mar gheall ar chineál ceangailteach na bpleananna ach freisin toisc go gcloíonn údaráis ábhartha na Síne ar gach leibhéal den rialtas leis an gcóras pleananna agus toisc go n-úsáideann siad na cumhachtaí atá dílsithe dóibh dá réir sin agus, ar an dóigh sin, mealltar na hoibreoirí eacnamaíocha chun na tosaíochtaí a leagtar amach sna pleananna a chomhlíonadh ([13]).

([10]) Tuarascáil nuashonraithe – Caibidil 2, lch. 10, 18.
([11]) Le fáil ag: http://www.npc.gov.cn/zgrdw/englishnpc/Constitution/node_2825.htm (arna rochtain an 8 Aibreán 2024).
([12]) Tuarascáil nuashonraithe – Caibidil 2, lgh. 29-30.
([13]) Tuarascáil nuashonraithe – Caibidil 4, lch. 57, 92.

(102) Ar an dara dul síos, ar an leibhéal a ndéantar acmhainní airgeadais a leithdháileadh, tá an lámh in uachtar ag na bainc thráchtála faoi úinéireacht an Stáit agus ag an bainc bheartais ar chóras airgeadais na Síne. Ní mór do na bainc sin, le linn dóibh a mbeartas iasachtaithe a chur ar bun agus a chur chun feidhme, iad féin a ailíniú leis na cuspóirí i mbeartas tionsclaíoch an rialtais seachas measúnú a dhéanamh go príomha ar fhiúntais eacnamaíocha tionscadail ar leith ([14]).

(103) Baineann an méid céanna le comhpháirteanna eile de chóras airgeadais na Síne, amhail stocmhargaí, margaí bannaí, margaí cothromais phríobháidigh etc. Chomh maith leis sin, tá na codanna sin den earnáil airgeadais bunaithe ar bhonn institiúide agus oibríochta ar bhealach nach bhfuil dírithe i dtreo fheidhmiú éifeachtúil na margaí airgeadais a uasmhéadú ach i dtreo smacht a áirithiú agus idirghabháil de chuid an stáit agus Pháirtí Cumannach na Síne a éascú ([15]).

(104) Ar an tríú dul síos, maidir le leibhéal na timpeallachta rialála, tá roinnt foirmeacha ag baint le hidirghabhálacha an stáit sa gheilleagar. Mar shampla, úsáidtear na rialacha maidir le soláthar poiblí go tráthrialta in iarracht spriocanna beartais seachas éifeachtúlacht eacnamaíoch a bhaint amach, rud dá réir sin a bhaineann an bonn de na prionsabail mhargadhbhunaithe sa réimse. Foráiltear go sonrach sa reachtaíocht is infheidhme go ndéanfar an soláthar poiblí d'fhonn baint amach na spriocanna arna gceapadh trí bheartais an stáit a éascú. Mar sin féin, níl cineál na spriocanna atá i gceist sainithe fós, rud a fhágann, dá bhrí sin, corrlach breithmheasa ag na comhlachtaí cinnteoireachta ([16]).

(105) Ar an gcaoi chéanna, sa réimse infheistíochta, tá ceann scríbe agus méid na hinfheistíochta stáit agus príobháidí araon fós faoi rialú agus tionchar nach beag ag Rialtas na Síne. Úsáideann na húdaráis scagadh infheistíochta chomh maith le dreasachtaí, srianta, agus toirmisc éagsúla a bhaineann le hinfheistiú mar uirlis thábhachtach chun tacú le spriocanna beartais thionsclaíoch, amhail rialú stáit ar phríomhearnálacha a choinneáil ar bun nó borradh a chur faoin tionscal intíre ([17]).

(106) San iomlán, tá samhail eacnamaíoch na Síne bunaithe ar aicsímí bunúsacha áirithe, lena ndéantar foráil, agus lena dtugtar spreagadh, maidir leis an iliomad idirghabhálacha rialtais. Tá idirghabhálacha substaintiúla rialtais den sórt sin ar neamhréir le fórsaí margaidh gan srian, rud a shaobhann leithdháileadh éifeachtach acmhainní i gcomhréir le prionsabail an mhargaidh ([18]).

3.3.2. *Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán: 'an margadh atá i gceist a bheith á chothú go suntasach ag fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, smacht, maoirseacht bheartais nó stiúir údaráis na tíre is onnmhaireoir.*

(107) Sa tSín, is cuid ríthábhachtach den gheilleagar iad cuideachtaí a oibríonn faoi úinéireacht, smacht agus/nó maoirseacht bheartais nó faoi threoir an Stáit.

(108) I measc na bpríomhoibreoirí eacnamaíocha in earnáil an táirge lena mbaineann tá roinnt cuideachtaí a bhfuil scairsheilbh mhór iontu ag eintitis atá cleamhnaithe leis an Stát. Tá XCMG 28,24 % faoi úinéireacht stáit ([19]), mar shampla, agus is é 31,24 % scairsheilbh an stáit in Liugong ([20]) agus 17,17 % a scairsheilbh in Zoomlion ([21]).

([14]) Tuarascáil nuashonraithe – Caibidil 6, lgh. 149-150.
([15]) Tuarascáil nuashonraithe – Caibidil 6, lgh. 153-171.
([16]) Tuarascáil nuashonraithe – Caibidil 7, lgh. 204-205.
([17]) Tuarascáil nuashonraithe – Caibidil 8, lgh. 207-208, 242-243.
([18]) Tuarascáil nuashonraithe – Caibidil 2, lgh. 19-24, Caibidil 4, lch. 69, lgh. 99-100, Caibidil 5, lgh. 130-131.
([19]) Féach Tuarascáil Bhliantúil 2022 na cuideachta, lch. 89, ar fáil ag http://file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNSESZ_STOCK/2023/2023-4/2023-04-29/9182574.PDF (arna rochtain an 31 Bealtaine 2024).
([20]) Féach Tuarascáil Bhliantúil 2023 na cuideachta, lch. 114, ar fáil ag http://file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNSESZ_STOCK/2024/2024-3/2024-03-30/9930890.PDF (arna rochtain an 31 Bealtaine 2024).
([21]) Féach Tuarascáil Bhliantúil 2023 na cuideachta, lch. 135, ar fáil ag https://q.stock.sohu.com/newpdf/202457231354.pdf (arna rochtain an 31 Bealtaine 2024).

(109) Sa tSín, áfach, tá i bhfad níos mó i gceist le rialú an rialtais ná úinéireacht dhíreach. Ní hamháin go bhfuil earnáil an táirge lena mbaineann faoi réir roinnt beartais rialtais (a dtugtar tuairisc níos mionsonraithe orthu i Roinn 3.3.4 thíos), tá oibreoirí eacnamaíocha faoi rialú agus faoi mhaoirseacht bheartais an rialtais de thoradh thionchar an Stáit trí bhíthin struchtúir Pháirtí Cumannach na Síne laistigh de chuideachtaí (a dtugtar tuairisc níos mionsonraithe orthu i Roinn 3.3.3 thíos). Thairis sin, tá rialú agus maoirseacht bheartais an rialtais le feiceáil freisin ar leibhéal na gcomhlachas tionscail ábhartha ([22]), go háirithe Comhlachas Innealra Tógála na Síne ('CCMA') ([23]) a bhfuil Brainse Innealra Maisiúcháin agus Aeroibre aige freisin ([24]).

(110) Mar shampla, luaitear in Airteagal 3 dá Airteagail Chomhlachais go 'gcloíonn an eagraíocht le ceannaireacht fhoriomlán Pháirtí Cumannach na Síne agus, i gcomhréir le forálacha Bhunreacht Pháirtí Cumannach na Síne, go mbunaíonn sí eagraíochtaí Pháirtí Cumannach na Síne chun gníomhaíochtaí páirtí a dhéanamh agus chun na coinníollacha is gá a chur ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí eagraíochtaí páirtí. Is é Aireacht Gnóthaí Sibhialta Dhaon-Phoblacht na Síne an t-eintiteas atá i gceannas ar chlárú agus bainistiú an chomhlachais sin, agus is é Coiste Páirtí SASAC an t-eintiteas atá i gceannas ar neartú an Pháirtí' agus 'go nglacann sí le treoraíocht ghnó agus maoirseacht ó eintitis atá i gceannas ar chlárú agus bainistiú, ó eintitis atá i gceannas ar neartú an Pháirtí, agus ó ranna bainistithe tionscail' ([25]). Thairis sin, de réir Airteagal 36 de na hAirteagail Chomhlachais, ní mór do na daoine atá i gceannas ar an gcomhlachas 'cloí le ceannasaíocht Pháirtí Cumannach na Síne, tacú leis an sóisialachas a bhfuil saintréithe Síneacha aige, seasamh, prionsabail agus beartais an Pháirtí a chur chun feidhme go diongbháilte, agus dea-cháilíochtaí polaitiúla a bheith acu' ([26]).

(111) Tá XCMG, Sinoboom, Liugong agus Zoomlion i measc chomhaltaí CCMA, agus tá XCMG agus Zoomlion ina leas-uachtaráin ar an gComhlachas freisin ([27]).

(112) I bhfianaise a bhfuil thuas, táirgeoirí faoi úinéireacht stáit agus faoi úinéireacht phríobháideach araon in earnáil an táirge lena mbaineann, cuirtear cosc orthu oibriú faoi dhálaí margaidh. Go deimhin, tá fiontair faoi úinéireacht phoiblí agus fiontair faoi úinéireacht phríobháideach araon faoi réir maoirseacht agus treorú beartais.

3.3.3. *Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán: an stát a bheith i láthair i gcuideachtaí lena gcumasaítear don stát cur isteach ar phraghsanna nó ar chostais*

(113) Tá Rialtas na Síne in ann cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais tríd an stát a bheith i láthair i ngnólachtaí. Go deimhin, is cealla Páirtí Cumannach na Síne i bhfiontair, idir fhiontair faoi úinéireacht stáit agus fhiontair phríobháideacha araon, agus cainéal tábhachtach trínar féidir leis an stát cur isteach ar chinntí gnó. Tá idirghabhálacha Páirtí Cumannach na Síne sa chinnteoireacht oibríochtúil tagtha chun bheith ina ngnáthchleachtas ní hamháin i bhfiontair faoi úinéireacht stáit ach i gcuideachtaí príobháideacha freisin ([28]), agus ceannaireacht ar bheagnach gach gné de gheilleagar na tíre á héileamh ag Páirtí Cumannach na Síne, i bhfianaise a mhéad atá struchtúir an stáit agus an Pháirtí fite fuaite ina chéile sa tSín.

(114) De réir dhlí cuideachtaí na Síne, tá eagraíocht de chuid Pháirtí Cumannach na Síne le bunú i ngach cuideachta (ina bhfuil triúr comhaltaí, ar a laghad, de Pháirtí Cumannach na Síne mar a shonraítear i mBunreacht an Pháirtí ([29])) agus soláthróidh an chuideachta na dálaí a theastaíonn le haghaidh ghníomhaíochtaí eagraíocht an Pháirtí.

([22]) Tuarascáil nuashonraithe – Caibidil 2, lgh. 24-27.
([23]) Féach ag: http://www.cncma.org/ (arna rochtain an 31 Bealtaine 2024).
([24]) Féach ag: http://www.cncma.org//article/480?pageTitle=%E5%88%86%E4%BC%9A%E5%90%8D%E5%BD%95 (arna rochtain an 31 Bealtaine 2024).
([25]) Féach ag: http://www.cncma.org/article/472 (arna rochtain an 31 Bealtaine 2024).
([26]) *Ibid.*
([27]) Féach an liosta de chomhaltaí CCMA, atá ar fáil ag: http://www.cncma.org//article/478?pageTitle=%E4%BC%9A%E5%91%98%E5%90%8D%E5%BD%95 (arna rochtain an 31 Bealtaine 2024).
([28]) Airteagal 33 de Bhunreacht Pháirtí Cumannach na Síne, Airteagal 19 de Dhlí Cuideachtaí na Síne. Féach an Tuarascáil atá cothrom le dáta – Caibidil 3, lgh. 47-50.
([29]) Tuarascáil nuashonraithe – Caibidil 3, lch. 40.

(115) San am atá caite, ba chosúil nár leanadh an ceanglas sin i gcónaí nó nár cuireadh i bhfeidhm go docht é. Mar sin féin, ó bhí 2016 ann ar a laghad, tá Páirtí Cumannach na Síne ag treisiú na n-éileamh atá aige i leith cinntí gnó a rialú i gcuideachtaí ar bhonn prionsabal polaitiúil ([30]), lena n-áirítear brú a chur ar chuideachtaí príobháideacha tús áite a thabhairt don 'tírghrá' agus cloí le disciplín an Pháirtí ([31]).

(116) Fiú amháin in 2017, tuairiscíodh go raibh cealla den pháirtí ann in 70 % de thart ar 1,86 milliún cuideachta atá faoi úinéireacht phríobháideach, agus go raibh an brú ag méadú maidir leis an bhfocal deiridh a bheith ag eagraíochtaí Páirtí Cumannach na Síne i dtaca leis na cinntí gnó laistigh dá gcuideachtaí faoi seach ([32]). Tá feidhm ghinearálta ag na rialacha sin ar fud gheilleagar na Síne, i ngach earnáil, lena n-áirítear maidir le táirgeoirí an táirge lena mbaineann agus soláthróirí a gcuid ionchur.

(117) Ina theannta sin, an 15 Meán Fómhair 2020, eisíodh doiciméad dar theideal Treoirlíne ó Oifig Ghinearálta Choiste Lárnach Pháirtí Cumannach na Síne maidir le dlús a chur le hobair an Fhronta Aontaithe san earnáil phríobháideach don ré nua ('n*a Treoirlínte*') ([33]), rud a chuir le ról choistí an Pháirtí i bhfiontair phríobháideacha.

(118) Luaitear an méid seo a leanas i Roinn II.4 de na Treoirlínte: 'ní mór dúinn acmhainneacht fhoriomlán an Pháirtí a mhéadú chun obair Fhronta Aontaithe na hearnála príobháidí a stiúradh agus dlús a chur le héifeachtacht na hoibre sa réimse sin'; agus luaitear i roinn III.6: '[n]í mór dúinn freisin dlús a chur le tógáil an Pháirtí i bhfiontair phríobháideacha agus a chur ar chumas chealla an Pháirtí a ról mar dhaingean a chomhlíonadh go héifeachtach agus a chur ar chumas chomhaltaí an Pháirtí a róil a chomhlíonadh mar urghardaí agus mar cheannródaithe.' Cuirtear béim sna Treoirlínte ar ról Pháirtí Cumannach na Síne i gcuideachtaí agus in eintitis eile de chuid na hearnála príobháidí agus féachtar leo an ról sin a mhéadú ([34]).

(119) Deimhníodh san imscrúdú gurb ann d'fhorluí idir poist bhainistíochta agus ballraíocht sa Pháirtí/ feidhmeanna an Pháirtí san earnáil MAE freisin.

(120) Chun roinnt samplaí a sholáthar, i gcás XCMG, is é Rúnaí an Pháirtí freisin é cathaoirleach Ghrúpa XCMG agus XCMG Machinery. Thairis sin, ní hamháin gur Leas-Rúnaí Choiste an Pháirtí i nGrúpa XCMG é bainisteoir ginearálta Ghrúpa XCMG agus stiúrthóir XCMG Machinery, bhí sé ina chomhalta roimhe sin de Ghrúpa Ceannaireachta an Pháirtí in Oifig Rialtais Bhardasaigh Xuzhou, agus ba é Leas-Ardrúnaí Choiste an Pháirtí le haghaidh Bhardas Xuzhou. ([35])

(121) Tá XCMG an-fhollasach freisin faoina dhílseacht gan choinníoll do Pháirtí Cumannach na Síne agus faoina thoilteanas glacadh le ról ceannasach an Pháirtí. De réir ráitis XCMG féin: '[l]*eis an Éiceachóras Neartaithe Páirtí atá ag 'XCMG Dearg', glactar leis gur 'géin dhearg' é traidisiún stairiúil glórmhar Ghrúpa XCMG, gur 'cill dhearg' é an neart eagraíochtúil atá mar bhonn le heagraíochtaí páirtí an phobail, agus gur 'inneall dearg' é an ról a imríonn obair neartaithe páirtí ar ardchaighdeán*'. Thairis sin, '[s]an 80 bliain ó bunaíodh é, tá ceannaireacht an pháirtí comhtháite i gcónaí ag XCMG i ngach leibhéal d'oibríochtaí na cuideachta, rud a fhágann gurb é an páirtí an croífhórsa is iontaofa tráth guaiseacha, rud a áirithíonn go bhforbraítear gnó na cuideachta sa treo ceart'. De réir cosúlachta, tá sé beartaithe ag XCMG leanúint dá dhílseacht do Pháirtí Cumannach na Síne amach anseo freisin ós rud é 'go mbeidh an chuideachta treoraithe ag Machnamh Xi Jinping ar an Sóisialachas a bhfuil Saintréithe Síneacha aige le haghaidh Ré Nua, go ndéanfaidh sí spiorad an 20ú Comhdháil Náisiúnta de Pháirtí Cumannach na Síne agus an dá óráid thábhachtacha ón Ard-Rúnaí Xi Jinping a chur chun feidhme go hiomlán, go saothróidh sí go diongbháilte misean tábhachtach na gcuideachtaí faoi úinéireacht stáit mar 'cholúin' an gheilleagair shóisialaigh ag a bhfuil saintréithe Síneacha, […] go mbeidh sí i gceannas ar fhorbairt ardcháilíochta na cuideachta in éineacht le ceannaireacht láidir an Pháirtí, agus go rannchuideoidh sí ar bhealaí nua agus níos fearr le fíorú aisling na Síne ar mhaithe le hathnuachan mhór náisiún na Síne!' ([36]). Mar a tharlaíonn, tugtar le tuiscint leis an ráiteas sin freisin go measann XCMG gur cuideachta faoi úinéireacht stáit í, gan beann ar an dáileadh foirmiúil scairsheilbhe.

([30]) Féach mar shampla: Blanchette, J. - Xi's Gamble: *The Race to Consolidate Power and Stave off Disaster* [An Rás chun Cumhacht a Chomhdhlúthú agus chun Tubaiste a Chosc]; Foreign Affairs, eag. 100, uimh. 4, Iúil/Lúnasa 2021, lgh. 10-19.

([31]) Tuarascáil nuashonraithe – Caibidil 3, lch. 41.

([32]) Le fáil ag: https://www.reuters.com/article/us-china-congress-companies-idUSKCN1B40JU (arna rochtain an 8 Aibreán 2024).

([33]) Na Treoirlínte ó Oifig Ghinearálta Choiste Lárnach Pháirtí Cumannach na Síne maidir le dlús a chur le hobair an Fhronta Aontaithe san earnáil phríobháideach don ré nua: www.gov.cn/zhengce/2020-09/15/content_5543685.htm (arna rochtain an 8 Aibreán 2024).

([34]) Financial Times (2020) - *Chinese Communist Party asserts greater control over private enterprise*, le fáil ag: https://on.ft.com/3mYxP4j (arna rochtain an 8 Aibreán 2024).

([35]) Féach Tuarascáil Bhliantúil 2022 na cuideachta, lch. 45, ar fáil ag http://file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNSESZ_STOCK/2023/2023-4/2023-04-29/9182574.PDF (arna rochtain an 31 Bealtaine 2024).

([36]) Féach ag: https://www.xcmg.com/aboutus/news-detail-1127478.htm (arna rochtain an 31 Bealtaine 2024).

(122) Maidir le Liugong, is comhalta de Pháirtí Cumannach na Síne é cathaoirleach agus príomhoifigeach feidhmiúcháin na cuideachta agus bhí sé ina ionadaí ón 13ú Daon-Chomhdháil Náisiúnta agus ina ionadaí ón 13ú Daon-Chomhdháil de Réigiún Féinrialaitheach Guangxi Zhuang. Thairis sin, feidhmíonn leaschathaoirleach na cuideachta mar rúnaí Choiste an Pháirtí sa chuideachta agus, i dteannta roinnt mhaith feidhmeanna polaitiúla eile, mar ionadaí ón 14ú Daon-Chomhdháil de Réigiún Féinrialaitheach Guangxi Zhuang ([37]).

(123) Ina theannta sin, de réir Airteagal 31 d'Airteagail Chomhlachais Liugong ([38]), déanfaidh coiste Pháirtí Cumannach na Síne laistigh den chuideachta

na dualgais seo a leanas i gcomhréir le Bunreacht Pháirtí Cumannach na Síne agus le rialacháin eile an pháirtí:

(i) An phríomhfhreagracht a chur chun feidhme, lán-imirt a thabhairt do ról ceannaireachta choiste an pháirtí, agus obair a dhéanamh i ndáil le táirgeadh agus oibriú an fhiontair;

(ii) Cur chun feidhme bheartais an pháirtí agus an stáit sa chuideachta a áirithiú agus a mhaoirsiú;

[…]

(viii) Páirt a ghlacadh sa chinnteoireacht maidir le mór-shaincheisteanna na cuideachta, staidéar a dhéanamh ar mhórcheapacháin agus ar mhóraistrithe pearsanra na cuideachta agus cinneadh a dhéanamh maidir leo, staidéar agus plé a dhéanamh ar athchóiriú, forbairt agus cobhsaíocht na cuideachta, ar mhórábhair bainistithe gnó agus ar mhór-shaincheisteanna a bhaineann le leasanna ríthábhachtacha na bhfostaithe.

(124) Thairis sin, de réir Airteagal 32 de na hAirteagail Chomhlachais: '[i]s é a dhéanfaidh Coiste an Pháirtí sa chuideachta […] córas agus sásra a chruthú chun go mbeidh eagraíocht an Pháirtí rannpháirteach sa chinnteoireacht maidir le mór-shaincheisteanna, agus tacaíocht a thabhairt don bhord stiúrthóirí, don bhord maoirseoirí, agus don leibhéal bainistíochta chun a gcumhachtaí a fheidhmiú i gcomhréir leis an dlí'. Sonraítear in Airteagal 33 'gurb iad seo a leanas na príomhnósanna imeachta atá ag Coiste an Pháirtí chun páirt a ghlacadh i gcinnteoireacht mhórcheisteanna na cuideachta: tionólfaidh Coiste an Pháirtí cruinnithe chun plé agus staidéar a dhéanamh ar mhórcheisteanna a bhfuil sé beartaithe ag an mbord stiúrthóirí agus ag an leibhéal bainistíochta a chinneadh agus tuairimí agus moltaí a chur ar aghaidh' ([39]).

(125) Is féidir barúlacha comhchosúla a thabhairt maidir le Zoomlion, a bhfuil a chathaoirleach i seilbh oifigí poiblí iomadúla lena n-áirítear a bheith ina ionadaí ón 16ú, ón 17ú agus ón 19ú Comhdháil Náisiúnta de Pháirtí Cumannach na Síne, ina ionadaí ón 10ú agus ón 12ú Daon-Chomhdháil Náisiúnta, ina ionadaí ón 8ú, ón 9ú agus ón 10ú Comhdháil de Pháirtí Cumannach na Síne i gCúige Hunan agus ina chomhalta den 10ú Coiste de Pháirtí Cumannach na Síne i gCúige Hunan. Ina theannta sin, feidhmíonn cathaoirleach Zoomlion mar leas-uachtarán CCMA freisin ([40]).

(126) Thairis sin, le blianta, bhí Zoomlion díograiseach maidir lena chinntí gnó a chur faoi réir cheannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne, mar is léir óna ráitis a tionscnaíodh cheana féin in 2021: 'I bpróiseas iomlán athchóiriú agus nuálaíocht Zoomlion, ba é ba bhunchloch i gcónaí don obair uile neartú an pháirtí, agus tá ról mór aige sa treoraíocht pholaitiúil a thionlacann an chuideachta chun na forbartha ardcháilíochta, rud a áirithíonn go mbíonn sí cobhsaí agus fadréimseach i dtaca lena forbairt leanúnach ardcháilíochta. […] Cloí le ceannaireacht an pháirtí agus neartú an pháirtí a threisiú, is iad sin fréamh agus anam an athchóirithe fiontraíochta. Bhí Zoomlion diongbháilte i gcónaí go dtabharfadh sé ceannaireacht d'athchóiriú agus forbairt fiontar trí neartú an pháirtí, agus lán-imirt á thabhairt aige do ról eagraíochtaí an pháirtí chun teacht i gceannas ar gach páirtí agus iad a chomhordú, agus na buntáistí a ghabhann le neartú an pháirtí a úsáid chun caighdeánú agus cobhsaíocht an athchóirithe fiontraíochta a áirithiú. Glactar leis gurb é crann taca an athchóirithe agus na forbartha fiontraíochta é a bheith ag

([37]) Féach Tuarascáil Bhliantúil 2023 na cuideachta, lch. 55, ar fáil ag http://file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNSESZ_STOCK/2024/2024-3/2024-03-30/9930890.PDF (arna rochtain an 31 Bealtaine 2024).

([38]) Féach ag: http://file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNSESZ_STOCK/2023-12/2023-12-29/9750475.PDF (arna rochtain an 31 Bealtaine 2024).

([39]) Ibid.

([40]) Féach Tuarascáil Bhliantúil 2023 na cuideachta, lch. 47, ar fáil ag https://q.stock.sohu.com/newpdf/202457231354.pdf (arna rochtain an 31 Bealtaine 2024).

'cloí le ceannaireacht an pháirtí'. Le 20 bliain anuas, chuaigh Zoomlion i ngleic le dhá mhórthréimhse strácála, is iad sin athchóiriú an chórais eolaíochta agus teicneolaíochta agus athchóiriú fiontar faoi úinéireacht stáit […]. Mhair an t-athchóiriú agus an t-athstruchtúrú níos faide ná 10 mbliana, agus bhí coiste an pháirtí ar an leibhéal uachtarach diongbháilte i gcónaí go dtreoródh sé agus go ndéanfadh sé bainistíocht ar an treo ina rachadh an staid fhoriomlán, agus go ndéanfadh sé mórábhair a fhormheas roimh ré; […] tá ceannaireacht an pháirtí comhtháite i ngach gné den athchóiriú agus leabaithe i ngach leibhéal den rialachas corparáideach, rud a áirithíonn treo ceart an athchóirithe agus bearta éifeachtacha. […] Tháinig forbairt mhear ar Zoomlion sa chéad 20 bliain, bhí cor chun donais tionscail ann ar feadh 5 bliana, agus d'fhill sé ar staid leanúnach forbartha aníos ó bhí 2017 ann. Bhí Zoomlion diongbháilte i gcónaí go dtabharfaí ceannaireacht don fhorbairt trí neartú an pháirtí agus bhain sé leas as na buntáistí uathúla a bhaineann le neartú an pháirtí i bhfiontair ar mhaithe lena dtáirgiúlacht, a n-iomaíochas agus a gcomhtháthú'. ([41])

(127) Chomh maith leis sin, i gcás Sinoboom, forluíonn feidhmeanna bainistíochta Pháirtí Cumannach na Síne a chéile toisc gur comhalta de Pháirtí Cumannach na Síne é cathaoirleach na cuideachta agus gur ionadaí é freisin ón 14ú Daon-Chomhdháil i gCúige Hunan ([42]).

(128) Thairis sin, léiríonn faisnéis atá ar fáil go poiblí an dlúthchomhar idir Sinoboom agus údaráis an rialtais, chomh maith le hinstitiúidí airgeadais a shaothraíonn beartais thionsclaíocha arna sainordú ag an Stát: 'reáchtáladh searmanas chun ceiliúradh a dhéanamh ar theacht chun cinn [Sinoboom] i measc na 50 cuideachta innealra innealtóireachta is mó ar domhan agus ar thabhairt i gcrích agus coimisiúnú na chéad chéime de Chathair Monaraíochta Cliste Idirnáisiúnta SINOBOOM ag bunáit thionscadal Chathair Monaraíochta Cliste Idirnáisiúnta SINOBOOM. […], príomhinnealtóir agus cigire céadleibhéil Roinn Tionscail agus Teicneolaíochta Faisnéise Chúige Hunan, […], leas-mhéara Rialtas Phobal Bardasach Changsha, […], rúnaí Choiste an Pháirtí le haghaidh Bhardas Ningxiang, […], leas-rúnaí Choiste an Pháirtí le haghaidh Bhardas Ningxiang agus méara Bhardas Ningxiang, agus ceannairí rialtais chúigigh agus bhardasaigh eile, […], leas-rúnaí Choiste an Pháirtí, leas-chathaoirleach agus bainisteoir ginearálta Caixin Financial Holdings, […], ard-rúnaí Chomhlachas Thionscal Innealra Tógála na Síne, Xu Hongxia, bainisteoir ginearálta [Sinoboom], agus ionadaithe comhpháirtithe amhail institiúidí airgeadais, bhí siad i láthair mar fhinnéithe ar ócáid stairiúil eile ar an mbóthar i dtreo fhorbairt ardcháilíochta SINOBOOM Intelligent. […] Mar cheann de chomhpháirtithe tábhachtacha [Sinoboom], rinne HUNAN CHASING Financial Holdings a fhochuideachtaí a eagrú chun seirbhísí airgeadais cuimsitheacha nuálacha a sholáthar do [Sinoboom] lena gcumhdaítear an slabhra tionsclaíoch uile, rud a chuidigh le [Sinoboom] bogadh i dtreo an mhargaidh caipitil agus a bhfuil aitheantas mór tugtha ag [Sinoboom] dó. […] Amach anseo, cuirfidh HUNAN CHASING Financial Holdings suíomh straitéiseach agus misean ár gcúige i ndáil le 'trí ní arda agus ceithre ní nua' chun feidhme go daingean, […] soláthróidh sé seirbhísí airgeadais cuimsitheacha nuálacha lena gcumhdaítear saolré iomlán agus slabhra tionsclaíoch iomlán na bhfiontar inár gcúige, agus cuirfidh sé a ghaois agus a neart ar fáil go leanúnach chun rannchuidiú le forbairt eacnamaíoch ardcháilíochta ár gcúige.' ([43]).

(129) Tá tionchar saofa breise ar an margadh ag láithreacht agus idirghabháil an stáit sna margaí airgeadais chomh maith le soláthar amhábhar agus ionchur ([44]). Dá réir sin, de bharr láithreacht an Stáit i ngnólachtaí, san earnáil MAE agus in earnálacha eile (amhail na hearnálacha airgeadais agus ionchuir), faigheann Rialtas na Síne deis cur isteach i dtaca le praghsanna agus earraí.

3.3.4. *Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an tríú fleasc den bhun-Rialachán: beartais phoiblí nó bearta poiblí lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar soláthróirí intíre nó lena n-imrítear tionchar ar chaoi eile ar fhórsaí an mhargaidh shaoir*

(130) Déantar treo gheilleagar na Síne a chinneadh a bheag nó a mhór le córas mionléirithe pleanála ina leagtar amach tosaíochtaí agus lena bhforordaítear na spriocanna nach mór do na rialtais láir, na rialtais chúige agus na rialtais áitiúla díriú orthu. Tá pleananna ábhartha ann ar gach leibhéal den rialtas agus cumhdaítear leo gach earnáil eacnamaíoch, nach mór. Tá na cuspóirí a leagtar síos leis na hionstraimí pleanála de chineál ceangailteach agus déanann na húdaráis ar gach leibhéal riaracháin faireachán ar chur chun feidhme na bpleananna a bhíonn ag an leibhéal comhfhreagrach is ísle den rialtas.

([41]) Féach ag: https://www.sohu.com/a/474336777_120808812 (arna rochtain an 31 Bealtaine 2024).

([42]) Féach ag: https://www.csust.edu.cn/qjxy/info/1483/13510.htm#:~:text=%E5%88%98%E5%9BD%E8%89%AF%BC%8C%E5%85%A8%E7%90%83%E5%B7%A5%E7%8B%E6%9C%BA%E6%A2%B0TOP50,%E5%8D%81%E5%9B%E5%B8%A%E8%A%E4%E4%BA%%%E5%A4%E4%EBB%A3%E8%A1%A8%E8%E3%8082% (arna rochtain an 31 Bealtaine 2024).

([43]) Féach ag: https://stock.hnchasing.com/main/aboutUs/jtyw/detail/1600404406236819458.html (arna rochtain an 31 Bealtaine 2024).

([44]) Tuarascáil nuashonraithe – Caibidil 14, Ranna 14.1 go 14.3.

(131) Ar an iomlán, is é an toradh a bhíonn ar an gcóras pleanála sa tSín go ndírítear acmhainní ar earnálacha atá ainmnithe ag an rialtas mar earnálacha straitéiseacha nó mar earnálacha atá tábhachtach ar shlí eile ó thaobh na polaitíochta de, in ionad na hacmhainní sin a leithdháileadh i gcomhréir le fórsaí an mhargaidh ([45]).

(132) D'achtaigh údaráis na Síne roinnt beartas lena dtreoraítear feidhmiú earnáil an táirge lena mbaineann.

(133) Is é is aidhm don 14ú Plean Cúig Bliana '[b]arrfheabhsú agus uasghrádú an tionscail monaraíochta a chur chun cinn […], [b]raislí ardmhonaraíochta a shaothrú agus forbairt nuálach tionscal amhail […] an tionscal innealra tógála a chur chun cinn' agus a áirithiú 'go gcuirfear tionscadail speisialta chun feidhme go grinn chun croí-iomaíochas agus claochlú teicneolaíoch an tionscail monaraíochta a fheabhsú, fiontair a spreagadh chun ardteicneolaíochtaí agus na teicneolaíochtaí is infheidhme a chur i bhfeidhm, nuashonruithe trealaimh a neartú agus táirgí nua a chur i bhfeidhm ar mhórscála' ([46]).

(134) Cuireadh na haidhmeanna sin in iúl ar bhealach níos sonraí san Fhógra maidir le Tuairim Cur Chun Feidhme i ndáil le hIontaofacht an Tionscail Monaraíochta a Mhéadú a d'eisigh MIIT in 2023, lena socraítear na 'spriocanna straitéiseacha a bhaineann le cumhacht mhonaraíochta agus cumhacht ardcháilíochta a bhaint amach, lena ndírítear ar phríomhthionscail amhail an tionscal innealra [... chun] grúpa fiontar monaraíochta a chruthú a bhfuil iontaofacht ard táirgí, iomaíochas láidir sa mhargadh agus tionchar láidir branda acu' agus lena dtugtar léirithe sonracha ar na tionscail réamhtheachtacha a dtabharfar tacaíocht dóibh mar ábhar tosaíochta: '[c]óras insteallta breosla innill, córas aistrithe cumhachta tarracóra, córas iarchóireála gáis sceite, comhpháirteanna hiodrálacha digiteacha agus córas tiomána leictreach comhtháite le haghaidh innealra tógála […] agus bun-chomhpháirteanna ginearálta amhail imthacaí ardleibhéil, giaranna beachtais, ceanglóirí ardnirt, séalaí ardfheidhmíochta ([47])'.

(135) Ina theannta sin, thug MIIT mionsonraí breise maidir le gníomhaíochtaí Rialtas na Síne i bhFógra maidir le Plean Oibre um Fhás Leanúnach ar an Tionscal Innealra 2023-2024 ([48]). De réir an phlean oibre sin, tá sé beartaithe ag Rialtas na Síne '[n]eartú an bhranda cáilíochta a threisiú, [g]níomhaíochtaí a dhéanamh chun feabhas a chur ar iontaofacht táirgí meicniúl, [n]a tionscadail bhunúsacha le haghaidh bun-iontaofacht táirgí a chur chun feidhme [agus] gníomhaíochtaí speisialta a eagrú chun brandaí Síneacha a fhorbairt aníos, poiblíocht agus saothrú branda a neartú i bpríomhthionscail amhail an tionscal innealra thionsclaíoch […] agus iomaíochas bhrandaí na Síne a fheabhsú'. Go sonrach, maidir le hinnealra tógála, léiríonn Rialtas na Síne 'go ndéanfar iarrachtaí chun feabhas a chur ar bhunchumais an tionscail, nuálaíochtaí ceannródaíocha a áirithiú in ([49])' agus go bhfuil sé beartaithe aige '[f]iontair a threorú chun an taighde ar phríomh-chomhpháirteanna lárnacha amhail ceallraí, mótair, agus rialuithe leictreonacha le haghaidh innealra tógála fuinnimh nua a neartú chomh maithe lena gcur i bhfeidhm ar mhórscála.' Ar deireadh, tá sé beartaithe ag Rialtas na Síne tacú leis an éileamh ar innealra tógála trí 'bheartais tacaíochta um chur chun cinn a fhorbairt [agus] an sásra scoir le haghaidh seaninnealra tógála a fhiosrú, agus tacú le réigiúin cháilithe chun ceannaireacht a ghlacadh maidir le sásraí bainistithe clárúcháin innealra tógála agus sásraí scoir a chur chun feidhme' ([50]).

(136) Chun samplaí breise ar leibhéal an chúige a sholáthar, sa 14ú ceann de Phleananna Cúig Bliana Zhejiang um Monaraíocht Ardleibhéil a Fhorbairt ([51]), shainigh údaráis an rialtais roinnt 'príomhchúraimí', arb é ceann acu tacú le hearnáil an 'trealaimh speisialta chliste' agus, ar bhealach níos sonraí, 'ardáin chliste aeroibre.' ([52])

(137) Ar leibhéal an chúige fós, thug an Coimisiún faoi deara gur thug Hunan bearta sonracha isteach chun tacú leis an tionscal MAE agus lena sholáthróirí ábhartha ([53]).

([45]) Tuarascáil nuashonraithe – Caibidil 4, lgh. 56-57, 99-100.
([46]) Féach Roinn III.6.3 den 14ú Plean Cúig Bliana.
([47]) Féach Roinn III agus Bosca I; ar fáil ag: https://www.gov.cn/zhengce/zhengceku/202307/content_6889718.htm (arna rochtain an 31 Bealtaine 2024).
([48]) Féach ag: https://www.gov.cn/zhengce/zhengceku/202309/content_6901732.htm (arna rochtain an 31 Bealtaine 2024).
([49]) Ibid
([50]) Ibid, féach Roinn III.4.2
([51]) Féach: 157823f5651e42ea85038c86b74becca.pdf (zj.gov.cn) (arna rochtain an 30 Bealtaine 2024).
([52]) Ibid., Roinn III.6.
([53]) Féach ag: http://cpc.people.com.cn/n1/2024/0529/c64387-40245669.html (arna rochtain an 31 Bealtaine 2024).

(138) Ar an leibhéal bardasach, i dteannta Phlean Forbartha Innealra Tógála Xuzhou (2021-2030) a fhoirmliú ([54]), rinne Coiste an Páirtí le haghaidh Bhardas Xuzhou (Jiangsu) agus Rialtas Bardasach Xuzhou (Jiangsu) tionscadal tacaíochta sonrach a bhunú dar teideal 'Éiceachóras Nuálaíochta "333" chun "Tionscal Uimh. 1" a Dhéanamh den Tionscal Innealra Tógála' ([55]). Roghnaigh na húdaráis chúigeacha an tionscadal bardasach sin freisin mar 'ghnáthchás ar son athchóiriú agus nuálaíochta ar mhaithe le cúige láidir monaraíochta a thógáil' ([56]). Is é is aidhm don tionscadal go mbeidh Xushou ina 'príomhchathair don tionscal innealra tógála' trí bhraislí tionscail a eagrú trí chuideachtaí, lena n-áirítear XCMG ([57]), a thabhairt le chéile agus tacaíocht a thabhairt dóibh, mar a dheimhnigh Rúnaí Choiste an Pháirtí le haghaidh Bhardas Xuzhou freisin: 'Déanfaidh Xuzhou an tionscal innealra tógála a fhorbairt agus a leathnú ar bhealach níos diongbháilte trí phatrún níos mó agus bearta níos praiticiúla a chur i bhfeidhm, agus féachfaidh sí le braisle ardmhonaraíochta a thógáil a bheidh iomaíoch ar bhonn idirnáisiúnta, rud a thabharfaidh tacaíocht láidir do Jiangsu a léiriú go bhfuil neartú, forlíonadh agus leathnú an tslabhra thionsclaíoch á mbaint amach ar bhealaí nua aige' ([58]).

(139) Tríothu sin agus trí mhodhanna eile, déanann Rialtas na Síne, dá bhrí sin, gach gné, nach mór, d'fhorbairt agus d'fheidhmiú na hearnála a stiúradh agus a rialú, chomh maith leis na hionchuir réamhtheachtacha.

(140) Mar achoimre, tá bearta i bhfeidhm ag Rialtas na Síne chun oibreoirí a spreagadh chun na cuspóirí beartais phoiblí a bhaineann leis an earnáil a chomhlíonadh. Cuireann bearta den sórt sin bac ar fhórsaí an mhargaidh a oibriú gan bhac.

3.3.5. *Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc den bhun-Rialachán: easpa dlíthe féimheachta, corparáideacha, nó maoine, nó iad a chur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó iad a fhorfheidhmiú go neamhleor*

(141) De réir na faisnéise atá ar comhad, ní bhaineann córas féimheachta na Síne a phríomhchuspóirí féin amach go sásúil amhail éilimh agus fiachais a réiteach go cóir agus cearta agus leasanna dleathacha creidiúnaithe agus féichiúnaithe a choimirciú. Dealraíonn sé gurb é fírinne an scéil é go bhfuil dlí féimheachta na Síne bunaithe go foirmiúil ar phrionsabail atá cosúil leis na prionsabail a chuirtear i bhfeidhm i ndlíthe comhfhreagracha i dtíortha eile seachas an tSín, ach go bhfuil an tearc-fhorfheidhmiú córasach ina shaintréith den chóras Síneach.

(142) Tá an líon féimheachtaí fós fíor-íseal i ndáil le méid gheilleagar na tíre, toisc, thar aon ní eile, go bhfuil roinnt easnamh ag baint leis na himeachtaí dócmhainneachta, a fheidhmíonn go bunúsach mar dhídhreasacht i gcás comhduithe féimheachta. Thairis sin, tá ról an Stáit sna himeachtaí dócmhainneachta láidir agus gníomhach i gcónaí, agus bíonn tionchar díreach acu go minic ar thoradh na n-imeachtaí ([59]).

(143) Ina theannta sin, tá easnaimh chóras na gceart maoine soiléir go háirithe maidir le húinéireacht talún agus cearta úsáide talún sa tSín ([60]). Is leis an stát an talamh ar fad (talamh thuaithe atá faoi chomhúinéireacht agus talamh uirbeach atá faoi úinéireacht an Stáit) agus tá a leithdháileadh fós ag brath ar an stát amháin. Tá forálacha dlíthiúla ann a bhfuil sé d'aidhm acu cearta úsáide talún a leithdháileadh ar bhealach trédhearcach agus ar phraghsanna margaidh, mar shampla trí nósanna imeachta tairisceana a thabhairt isteach. Mar sin féin, ní urramaítear na forálacha sin go tráthrialta, agus faigheann ceannaitheoirí áirithe a gcuid talún saor in aisce nó faoi bhun rátaí an mhargaidh ([61]). Thairis sin, is minic a shaothraíonn na húdaráis spriocanna sonracha polaitiúla, lena n-áirítear cur chun feidhme na bpleananna eacnamaíocha nuair atá talamh á leithdháileadh ([62]).

([54]) Féach ag: http://js.news.cn/20230801/a47ffa9814f94a6c8345969906ea2aec/c.html, (arna rochtain an 31 Bealtaine 2024).
([55]) Féach ag: https://www.xhby.net/content/s6639f820e4b0706ddc4cddda.html (arna rochtain an 31 Bealtaine 2024).
([56]) Féach ag: https://gxt.jiangsu.gov.cn/art/2024/4/2/art_6281_11208011.html (arna rochtain an 31 Bealtaine 2024).
([57]) Féach https://www.xhby.net/content/s6639f820e4b0706ddc4cddda.html (arna rochtain an 31 Bealtaine 2024).
([58]) Féach http://js.news.cn/20230801/a47ffa9814f94a6c8345969906ea2aec/c.html (arna rochtain an 31 Bealtaine 2024).
([59]) Tuarascáil nuashonraithe – Caibidil 6, lgh. 171-179.
([60]) Tuarascáil nuashonraithe – Caibidil 9, lgh. 260-261.
([61]) Tuarascáil nuashonraithe – Caibidil 9, lgh. 257-260.
([62]) Tuarascáil nuashonraithe – Caibidil 9, lgh. 252-254.

(144) Cosúil le hearnálacha eile i ngeilleagar na Síne, tá táirgeoirí an táirge lena mbaineann faoi réir ghnáthrialacha dhlíthe féimheachta, corparáideacha agus maoine na Síne. Tá sé d'éifeacht aige sin go mbíonn na cuideachtaí sin, freisin, faoi réir an tsaofa ón mbarr anuas ag eascairt as cur i bhfeidhm idirdhealaitheach nó forfheidhmiú neamhleor na ndlíthe féimheachta agus maoine. Is cosúil go bhfuil na breithnithe sin, ar bhonn na fianaise atá ar fáil, infheidhme go hiomlán freisin san earnáil innealra tógála, agus dá bhrí sin san earnáil MAE. Léirítear é sin le sampla XCMG in Xuzhou: '*chun cuidiú le XCMG a 'thonnáiste' tionsclaíoch a leathnú, tá níos mó ná 2 000 mu talún daingnithe ag Bardas Xuzhou le haghaidh an tionscail innealra tógála ó bhí 2018 ann* […] *trí fhormheasanna agus éadálacha*' ([63]). Níor léirigh an t-imscrúdú seo aon rud a chaithfeadh amhras ar na torthaí sin.

(145) I bhfianaise a bhfuil thuas, mheas an Coimisiún go raibh dlíthe féimheachta agus maoine á gcur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó á bhforfheidhmiú go neamhleor in earnáil an táirge lena mbaineann.

3.3.6. *Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán: saobhadh ar chostais phá*

(146) Ní féidir córas pá margadhbhunaithe a fhorbairt go hiomlán sa tSín toisc go gcuirtear bac ar oibrithe agus ar fhostóirí lena gcearta maidir le comheagrú. Níor dhaingnigh an tSín roinnt coinbhinsiúin fíor-riachtanacha de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair, go háirithe na coinbhinsiúin sin maidir le saoirse comhlachais agus cómhargáil ([64]).

(147) Faoin dlí náisiúnta, níl ach eagraíocht cheardchumainn amháin gníomhach. Níl an eagraíocht sin neamhspleách ar na húdaráis Stáit, áfach, agus tá an obair a dhéanann sí maidir le cómhargáil agus cosaint do chearta oibrithe fós bunúsach ([65]). Thairis sin, cuirtear srian ar shoghluaisteacht lucht saothair na Síne de bharr an chórais clárúcháin teaghlaigh, rud a chuireann teorainn leis an rochtain ar an raon iomlán slándála sóisialta agus ar shochair eile d'áitritheoirí áitiúla i limistéar riaracháin ar leith.

(148) Mar gheall air sin de ghnáth, fágtar na hoibrithe sin nach bhfuil an clárú cónaitheachta áitiúil ina seilbh acu i staid leochaileach fostaíochta agus faigheann siad ioncam níos ísle ná na sealbhóirí an chláraithe cónaitheachta ([66]). Cuireann na torthaí sin saobhadh ar chostais pá sa tSín.

(149) Níor cuireadh aon fhianaise isteach a thabharfadh le fios nach mbeadh an earnáil MAE faoi réir chóras dlí saothair na Síne. Leis an saobhadh ar chostais pá téitear i gcion go díreach dá réir sin ar an earnáil (nuair a bhíonn an táirge lena mbaineann nó an príomhamhábhar lena tháirgeadh á mhonarú) agus go hindíreach (nuair a bhíonn rochtain ar chaipiteal nó ar ionchuir ó chuideachtaí atá faoi réir an chórais saothair chéanna sa tSín).

3.3.7. *Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán: rochtain ar mhaoiniú arna dheonú ag institiúidí a chuireann cuspóirí beartais phoiblí chun feidhme nó nach ngníomhaíonn go neamhspleách ar an stát ar chaoi eile*

(150) Tá rochtain ar chaipiteal ag gníomhaithe corparáideacha sa tSín faoi réir cineálacha éagsúla saofa.

(151) Ar an gcéad dul síos, saintréith de chuid chóras airgeadais na Síne is ea staid láidir na mbanc atá faoi úinéireacht an stáit ([67]) na Síne, ar bainc iad a chuireann critéir seachas inmharthanacht eacnamaíoch tionscadail san áireamh le linn dóibh rochtain a dheonú ar mhaoiniú. Dála fiontair neamhairgeadais faoi úinéireacht an stáit, tá nasc fós ag na bainc leis an stát ní hamháin trí úinéireacht ach freisin trí chaidreamh pearsanta (is é Páirtí Cumannach na Síne go bunúsach a cheapann na feidhmeannaigh is airde sna hinstitiúidí móra airgeadais atá faoi úinéireacht an stáit) ([68]) agus cuireann na bainc beartais phoiblí arna gceapadh ag Rialtas na Síne chun feidhme go tráthrialta.

([63]) Féach https://www.js.gov.cn/art/2022/11/14/art_63909_10663820.html (arna rochtain an 31 Bealtaine 2024)
([64]) Tuarascáil nuashonraithe – Caibidil 13, lgh. 360-361, 364-370.
([65]) Tuarascáil nuashonraithe – Caibidil 13, lch. 366.
([66]) Tuarascáil nuashonraithe – Caibidil 13, lgh. 370-373.
([67]) Tuarascáil nuashonraithe – Caibidil 6, lgh. 137-140.
([68]) Tuarascáil nuashonraithe – Caibidil 6, lgh. 146-149.

(152) Agus é sin á dhéanamh acu, comhlíonann na bainc sainoibleagáid dhlíthiúil maidir lena ngnó a dhéanamh i gcomhréir le riachtanais na forbartha eacnamaíche agus sóisialta náisiúnta agus faoi threoraíocht bheartais thionsclaíocha an Stáit ([69]). Cé go n-aithnítear go dtagraítear le forálacha dlíthiúla éagsúla don ghá atá ann gnáthiompar baincéireachta agus rialacha stuamachta a urramú amhail an gá atá le hacmhainneacht creidmheasa an iasachtaí a scrúdú, tá faisnéis dhobhréagnaithe ann, lena n-áirítear torthaí a rinneadh in imscrúduithe cosanta trádála, a thugann le fios nach bhfuil ach ról tánaisteach ag na forálacha sin i gcur i bhfeidhm na n-ionstraimí dlíthiúla éagsúla.

(153) Mar shampla, shoiléirigh Rialtas na Síne nach mór do Pháirtí Cumannach na Síne maoirseacht a dhéanamh ar chinntí príobháideacha baincéireachta tráchtála fiú agus go mbeidh siad i gcomhréir le beartais náisiúnta i gcónaí. Is é atá i gceann amháin de thrí sprioc uileghabhálacha an Stáit maidir le rialachas baincéireachta anois ceannaireacht an Pháirtí a neartú in earnáil na baincéireachta agus an árachais, lena n-áirítear i ndáil le saincheisteanna oibríochtúla agus bainistíochta ([70]). Chomh maith leis sin, ní mór a chur san áireamh anois i gcritéir mheastóireachta feidhmíochta na mbanc tráchtála, go háirithe, an chaoi a 'bhfreastalaíonn eintitis ar na cuspóirí forbartha náisiúnta agus ar an bhfíorgheilleagar', agus go háirithe an chaoi a 'bhfreastalaíonn siad ar thionscail straitéiseacha agus ar thionscail atá ag teacht chun cinn'. ([71])

(154) Ina theannta sin, déantar rátálacha bannaí agus creidmheasa a shaobhadh go minic ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear an tionchar atá ag tábhacht straitéiseach an ghnólachta do Rialtas na Síne ar an measúnú riosca agus neart aon ráthaíochta intuigthe a thugann an rialtas ([72]). Is measa fós é sin de bharr rialacha breise atá i bhfeidhm, lena ndírítear maoiniú ar earnálacha atá ainmnithe ag an rialtas mar earnálacha atáthar a spreagadh nó atá tábhachtach ar shlí eile ([73]). Is é an toradh atá air sin, claonadh i bhfabhar iasachtú le fiontair faoi úinéireacht stáit, le gnólachtaí móra príobháideacha dea-nasctha agus le gnólachtaí i bpríomhearnálacha tionsclaíocha, rud a thugann le fios nach ionann infhaighteacht agus costas caipitil do na gníomhaithe go léir ar an margadh.

(155) Ar an dara dul síos, coinníodh costais iasachtaithe íseal go saorga chun fás infheistíochta a spreagadh. Dá thoradh sin tá an iomarca úsáide á baint as infheistíocht chaipitil agus tá an toradh ar infheistíocht níos ísle ná riamh. Léirítear é sin leis an bhfás a tháinig ar ghiaráil chorparáideach in earnáil an stáit d'ainneoin titim ghéar ar bhrabúsacht, rud a thugann le fios nach leanann na sásraí atá ag obair sa chóras baincéireachta gnáthfhreagairtí tráchtála.

(156) Ar an tríú dul síos, cé gur baineadh amach léirscaoileadh sna rátaí ainmniúla úis i mí Dheireadh Fómhair 2015, níl na comharthaí praghais fós mar thoradh ar fhórsaí an mhargaidh shaoir, ach bíonn tionchar ag saobhadh a spreagann an rialtas orthu. Maidir le sciar den iasachtú ar an ráta tagarmhairc nó faoina bhun, is ionann é agus aon trian ar a laghad de gach iasachtú ag deireadh 2018 ([74]). Thuairiscigh na meáin oifigiúla sa tSín le déanaí gur iarr Páirtí Cumannach na Síne "ráta úis an mhargaidh le haghaidh an iasachtaithe a thabhairt síos" ([75]). Dá thoradh rátaí úis a bheith íseal go saorga, bíonn tearcphraghsáil ann, agus dá bhrí sin, bíonn ró-úsáid á baint as caipiteal.

(157) Léirítear leis an bhfás foriomlán ar chreidmheas sa tSín go bhfuil cúrsaí ag dul in olcas ó thaobh a éifeachtaí a leithdháiltear caipiteal gan aon chomhartha ann go bhfuil creidmheas ag éirí níos doichte, rud lena mbeifí ag súil i dtimpeallacht mhargaidh neamhshaofa. Dá bhrí sin, tá méadú tapa tagtha ar iasachtaí neamhthuillmheacha, agus roghnaigh Rialtas na Síne roinnt uaireanta mainneachtain a sheachaint, rud a chruthaigh cuideachtaí 'zombaí' mar a thugtar orthu, nó trí úinéireacht an fhiachais a aistriú (e.g. trí chumaisc nó trí bhabhtálacha fiachais go cothromas), gan gá go mbeadh an fhadhb fhoriomlán fiachais bainte ná go dtabharfaí aghaidh ar bhunchúiseanna an fhiachais.

([69]) Tuarascáil nuashonraithe – Caibidil 6, lch. 149.

([70]) Féach doiciméad beartais oifigiúil Choimisiún Rialála Baincéireachta agus Árachais na Síne an 28 Lúnasa 2020: *Plean gníomhaíochta trí bliana chun rialachas corparáideach na hearnála baincéireachta agus árachais a fheabhsú (2020-2022)*:http://www.cbirc.gov.cn/cn/view/pages/ItemDetail.html?docId=925393&itemId=928 (arna rochtain an 8 Aibreán 2024). Tugtar treoir sa Phlean "*an spiorad atá cuimsithe i bpríomhóráid an Ard-Rúnaí Xi Jinping a chur chun feidhme tuilleadh maidir le hathchóiriú rialachas corparáideach na hearnála airgeadais a chur chun cinn*". Thairis sin, is é is aidhm do Roinn II den Phlean comhtháthú orgánach cheannaireacht an Pháirtí i rialachas corparáideach a chur chun cinn: "*déanfaimid comhtháthú cheannaireacht an Pháirtí sa rialachas corparáideach a dhéanamh ar bhonn níos córasaí agus níos caighdeánaithe agus é bunaithe níos mó ar nósanna imeachta […] Ní mór do Choiste an Pháirtí mór-shaincheisteanna oibríochtúla agus bainistíochta a phlé sula gcinnfidh an Bord Stiúrthóirí nó an bhainistíocht shinsearach iad*".

([71]) Féach *Fógra CBIRC maidir le modh meastóireachta feidhmíochta na mbanc tráchtála*, arna eisiúint an 15 Nollaig 2020. http://jrs.mof.gov.cn/gongzuotongzhi/202101/t20210104_3638904.htm (arna rochtain an 8 Aibreán 2024).

([72]) Tuarascáil nuashonraithe – Caibidil 6, lgh. 157-158.

([73]) Tuarascáil nuashonraithe – Caibidil 6, lgh. 150-152, 156-160, 165-171.

([74]) ECFE (2019), Suirbhéanna Eacnamaíocha ECFE: An tSín 2019, Foilsitheoireacht ECFE, Páras, lch. 29, le fáil ag: https://doi.org/10.1787/eco_surveys-chn-2019-en(arna rochtain an 8 Aibreán 2024).

([75]) http://www.gov.cn/xinwen/2020-04/20/content_5504241.htm (rochtain faighte an 8 Aibreán 2024).

(158) Go bunúsach, d'ainneoin na bearta a rinneadh chun an margadh a léirscaoileadh, déanann saobhadh suntasach, de thoradh ról forleatach leanúnach an stáit sna margaí caipitil, difear don chóras creidmheasa chorparáidigh sa tSín. Dá bhrí sin, mar thoradh ar an idirghabháil shubstaintiúil rialtais sa chóras airgeadais, déantar difear mór do dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal.

(159) Níor cuireadh aon fhianaise isteach san imscrúdú reatha lenar léiríodh nach ndéanann an idirghabháil ón rialtas sa chóras airgeadais aon difear d'earnáil an táirge lena mbaineann de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, mar thoradh ar an idirghabháil shubstaintiúil rialtais sa chóras airgeadais, déantar difear mór do dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal.

3.3.8. *Cineál sistéamach an tsaofa a thuairiscítear*

(160) Thug an Coimisiún dá aire gur saintréith de gheilleagar na Síne é an saobhadh a thuairiscítear sa Tuarascáil atá cothrom le dáta. Léiríonn an fhianaise atá ar fáil maidir le fíricí agus gnéithe an chórais Shínigh, mar a dtugtar tuairisc orthu thuas agus i gCuid I den Tuarascáil freisin atá cothrom le dáta, go bhfuil feidhm acu ar fud na tíre agus ar fud earnálacha an gheilleagair. Is amhlaidh an méid sin maidir leis an tuairisc ar na tosca táirgeachta mar a leagtar amach thuas agus i gCuid II den Tuarascáil atá cothrom le dáta.

(161) Meabhraíonn an Coimisiún go bhfuil gá le hionchuir áirithe chun an táirge lena mbaineann a tháirgeadh. Nuair a cheannaíonn táirgeoirí an táirge lena mbaineann na hionchuir sin nó nuair a dhéanann siad conarthaí lena n-aghaidh, is léir go bhfuil na praghsanna a íocann siad (agus a dhéantar a thaifeadadh mar a gcuid costas) neamhchosanta ar an saobhadh sistéamach céanna arna lua roimhe. Mar shampla, fostaíonn soláthraithe na n-ionchur lucht saothair a bhíonn faoi réir an tsaofa. Féadfaidh siad airgead a fháil ar iasacht a bheidh faoi réir shaobhadh na hearnála airgeadais/leithdháileadh an chaipitil. Ina theannta sin, tá siad faoi réir an chórais phleanála atá i bhfeidhm ar gach leibhéal rialtais agus earnála. Tugadh tuairisc mhionsonraithe ar an saobhadh sin thuas, go háirithe i Ranna 3.3.1–3.3.7. Chuir an Coimisiún in iúl go bhfuil an socrú rialála is bonn leis an saobhadh sin infheidhme go ginearálta, agus táirgeoirí MAE faoi réir na rialacha sin ar an mbealach céanna le haon oibreoir eacnamaíoch eile sa tSín. Dá bhrí sin, tá tionchar díreach ag an saobhadh ar struchtúr costais an táirge lena mbaineann.

(162) Dá dheasca sin, ní hamháin nach iomchuí praghsanna díola intíre an táirge lena mbaineann lena n-úsáid de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, ach déantar difear freisin do na costais ionchuir uile (lena n-áirítear amhábhair, fuinneamh, talamh, maoiniú, lucht saothair, etc.) toisc go ndéanann idirghabháil shubstaintiúil an rialtais difear dá bpraghasmhúnlú, mar a thuairiscítear i gCodanna I agus II den Tuarascáil atá cothrom le dáta.

(163) Go deimhin, tá na hidirghabhálacha rialtais a dtugtar tuairisc orthu i ndáil le leithdháileadh caipitil, talún, saothair, fuinnimh agus amhábhar, tá siad ann ar fud na Síne. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, nuair a chuirtear réimse tosca táirgeachta le chéile chun ionchur a tháirgeadh sa tSín, is ionchur é atá neamhchosanta ar shaobhadh suntasach. Is amhlaidh an scéal maidir leis an ionchur don ionchur agus mar sin de.

(164) Sna barúlacha a chuir Sinoboom isteach an 3 Eanáir 2024, chuir sé a sheasamh ginearálta in iúl nár cheart Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm mar gheall ar easpa fianaise ar shaobhadh suntasach i dtionscal MAE na Síne agus d'iarr sé ar an gCoimisiún glacadh leis na praghsanna agus na costais intíre arna dtuairisciú go cuí ag Sinoboom. Seachas sin, thagair Sinoboom do bharúlacha CCCME maidir le saobhadh suntasach a bheith ann. Dá réir sin, liostaítear thíos argóintí an Choimisiúin maidir le fianaise (leis an easpa fianaise líomhnaithe) ar shaobhadh suntasach mar fhreagairt ar argóintí CCCME.

(165) An 3 agus an 22 Eanáir 2024, chuir CCCME roinnt barúlacha ar fáil lena thátal nach bhfuil fianaise leordhóthanach ann gurb ann do shaobhadh suntasach mar a thuairiscítear in Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán i ndáil le hearnáil MAE na Síne, chomh maith leis na hábhair ionchuir uile. Dá bhrí sin, d'iarr CCCME ar an gCoimisiún praghsanna agus costais intíre sa tSín a úsáid, toisc go léiríonn siad, dar le CCCME, praghsanna neamhshaofa. Chun tacú lena sheasamh, d'ardaigh CCCME na hargóintí seo a leanas.

(166) Ar an gcéad dul síos, mhaígh CCCME nach léireodh aon fhianaise go bhfuil margadh MAE sa tSín faoi shaobhadh suntasach. Go háirithe, tugtar an Tuarascáil cothrom le dáta agus ní luaitear MAE inti, ná ní thagraítear di sa 14ú FYP ná san Fhógra a ghabhann leis an 14ú FYP; D'oscail an tSín a córas airgeadais le seacht mbliana anuas agus d'fháiltigh sí roimh infheistíochtaí coigríche ar a críoch; Rinne an tSín dul chun cinn suntasach maidir lena cosaint maoine intleachtúla a neartú; Chuir an tSín athchóirithe tábhachtacha le creat na bhfiontar faoi úinéireacht stáit freisin, rud a laghdaigh ró-acmhainneachtaí, a mhéadaigh a n-iomaíochas, rud a laghdaigh go mór líon na gcuideachtaí 'zombaí' a líomhnaítear a bheith ann.

(167) Ní fhéadfaí glacadh leis an argóint sin. D'fhoilsigh an Coimisiún an Tuarascáil nuashonraithe agus chuir sé sa chomhad í, tuarascáil lena ndeimhnítear den chuid is mó cineálacha agus méid an tsaofa a dtugtar tuairisc air sa Tuarascáil agus lena soláthraítear sonraí breise maidir leis an gcaoi ar tháinig forbairt ar an saobhadh agus maidir leis an gcaoi a leanann siad ar aghaidh. Thug an Coimisiún dá aire ina leith sin, go léiríonn córas airgeadais na Síne na saintréithe saobhacha céanna a tugadh faoi deara cheana féin tráth foilsithe na Tuarascála bunaidh (féach Roinn 3.3.7 thuas). Tá feidhm ag an méid céanna maidir le hearnáil na bhfiontar faoi úinéireacht stáit (féach Roinn 3.3.2 thuas) inar thug an Coimisiún faoi deara, mar shampla, gur minic a d'eascródh aon iomaíochas méadaithe líomhnaithe as athstruchtúrú corparáideach atá bunaithe ar bheartais.

(168) Ar an dara dul síos, d'ainneoin gur cuid í an earnáil innealra foirgníochta de chláir oibre beartais "forbairt ghlas" agus "cáilíocht táirgí tionsclaíocha" na Síne, ní hionann sin is le rá go dtagann earnáil MAE faoi chuimsiú na mbeartas sin. Go deimhin, baineann earnáil MAE le hearnáil an trealaimh thionsclaíoch.

(169) Níor chomhaontaigh an Coimisiún leis an tuairim sin. Ar an gcéad dul síos, is minic a úsáidtear MAE i gcomhthéacs oibreacha foirgníochta, i gcontrárthacht le hidirdhealú CCCME idir innealra foirgníochta agus trealamh tionsclaíoch. Thairis sin, thug an Coimisiún le fios go bhfuil feidhm ag uaillmhianta glasaithe agus coigeartaithe thionsclaíoch an 14ú Plean Cúig Bliana maidir le geilleagar na Síne ina iomláine, mar is léir mar shampla ó Airteagail VIII nó XXXIX den 14ú Plean Cúig Bliana.

(170) Ar an tríú dul síos, ceistíonn CCCME láithreacht na gcuideachtaí faoi úinéireacht stáit san earnáil. Go háirithe, cuireann CCCME i gcoinne XCMG a cháiliú mar chuideachta faoi úinéireacht stáit ós rud é go ndéantar a scaireanna a thrádáil go poiblí agus go bhfuil roinnt scairshealbhóirí eachtracha i measc a scairshealbhóirí. Maidir le Liugong, chuir CCCME in iúl nach cuideachta faoi úinéireacht stáit í an chuideachta ach gur cuideachta phoiblí í a thrádáiltear ag Stocmhalartán Shenzhen. I dtaca leis sin, thathantaigh CCCME ar an gCoimisiún a bheith an-chúramach faoi na foinsí agus thug sé rabhadh i gcoinne foinsí faisnéise neamhiontaofa a úsáid, amhail an suíomh gréasáin seetao.com.

(171) Ní fhéadfaí glacadh leis an argóint sin. Ar an gcéad dul síos, rinne an Coimisiún tagairt do na barúlacha in aithrisí (107) - (110) maidir le húinéireacht stáit in XCMG, chomh maith le Liugong agus táirgeoirí eile MAE, agus maidir le cineálacha eile rialaithe rialtais. Ina theannta sin, mheabhraigh an Coimisiún go bhfuil XCMG agus Liugong araon ina gcomhaltaí (XCMG fiú ina leas-uachtarán) de CCMA a chloíonn go sainráite le ceannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne agus a ghlacann le treoir ghnó agus maoirseacht ag údaráis an Stáit (féach aithrisí (110) - (111)). Dá dheasca sin, gan beann ar bhun úinéireachta ainmniúil an Stáit sna fiontair sin ná ar an bhfíoras go bhfuil cuid dá scaireanna i seilbh scairshealbhóirí eachtracha, oibríonn siad faoi rialú nó faoi mhaoirseacht bheartais nó faoi threoir údaráis Dhaon-Phoblacht na Síne agus tá an Stát in ann cur isteach ar a bpraghsanna nó ar a gcostais. Maidir le foinsí a úsáideadh chun tacú le hargóintí maidir le saobhadh suntasach a bheith ann nó gan a bheith ann, thug an Coimisiún dá aire, cé gur iarr CCCME ar an gCoimisiún foinsí iontaofa a úsáid, gur thagair CCCME féin arís agus arís eile d'fhoinsí nach féidir a mheas a bheith iontaofa, amhail nuachtán ar le Roinn Bolscaireachta Lárnach Pháirtí Cumannach na Síne é.

(172) Ar an gceathrú dul síos, gan beann ar chineál úinéireachta XCMG agus Liugong, d'áitigh CCCME nach gcuirfeadh a n-onnmhairí teoranta chuig an Aontas Eorpach ar chumas aon saobhadh dul i bhfeidhm ar onnmhairí MAE iomlána na Síne isteach san Aontas, ós rud é nach gníomhaí socraithe praghsanna ar leibhéal an Aontais é ceachtar cuideachta. Bíonn tionchar níos láidre ag táirgeoirí sampláilte na Síne, agus tarlaíonn sé gur cuideachtaí faoi úinéireacht iomlán na Stát Aontaithe iad, ar shocrú praghsanna san Aontas.

(173) Tá an argóint seo mícheart. Faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, ní dhéanann an Coimisiún measúnú i dtaobh an ndéanann saobhadh suntasach difear do shocrú praghsanna sna Stáit Aontaithe, ach déanann sé measúnú i dtaobh an bhfuil sé iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid sa tír is onnmhaireoir i ngeall go bhfuil saobhadh suntasach sa tír sin. Dá bhrí sin, diúltaíodh don argóint sin.

(174) Ar an gcúigiú dul síos, mhaígh CCCME nach bhfuil láithreacht ag an stát i ngnólachtaí lena gceadaítear don stát cur isteach i leith praghsanna nó costas. Go háirithe, níl aon fhianaise ann go ngníomhódh pearsanra bainistíochta XCMG agus/nó Liugong faoi thionchar chur isteach ón Stát. Ar an gcaoi chéanna, is cuideachta phoiblí liostaithe é Zoomlion freisin, a bhfuil úinéireacht phríobháideach aige lena n-áirítear infheisteoirí thar lear agus nach bhfuil ach 14.4 % de na scaireanna ag Hunan SASAC, méid nach leor é chun aon chineál rialaithe fhónta a fheidhmiú a bheadh in ann saobhadh a chruthú.

(175) Tá an argóint sin bunaithe ar mhífhaisnéis, eadhon go gcuireann úinéireacht faoi bhun thromlach ainmniúil na scaireanna cosc ar an Stát cur isteach ar oibriú gnó fiontair. Dhiúltaigh an Coimisiún dó ar chúiseanna a leagtar amach go mion i Ranna agus 3.3.2 agus 3.3.3. thuas, go háirithe in aithrisí (109) go (111) agus (120) go (129).

(176) Ar an séú dul síos, thug CCCME le fios, maidir le rannpháirtíocht oifigeach rialtais sna searmanais tionscnaimh nó sna cruinnithe idir bord bainistíochta cuideachta agus oifigigh rialtais, nach mbaineann luach fianaiseach leis sin gur ann do chur isteach ón stát. Is nósmhaireacht iad cleachtais den sórt sin, ní hamháin sa tSín ach sa Fhrainc freisin, mar shampla.

(177) Ní fhéadfadh am Coimisiún glacadh leis an argóint sin. Cé nach bhfuil tagairtí do thríú tíortha, amhail an Fhrainc, ábhartha sa chomhthéacs reatha, thug an Coimisiún dá aire, maidir leis na naisc idir bainistíocht na gcuideachtaí in earnáil MAE agus rialtas na Síne agus/nó comhaltaí Pháirtí Cumannach na Síne, gur mó i bhfad iad ná rannpháirtíocht i searmanais, mar a shonraítear i Roinn 3.3.3 thuas.

(178) Ar an seachtú dul síos, i dtaca le saobhadh suntasach sna margaí réamhtheachtacha, thug CCCME saintréithe imscrúduithe SAM le fios ina n-úsáidtear "fíorais dhíobhálacha atá ar fáil", á thabhairt dá aire gur tharla measúnú na Stát Aontaithe níos mó ná trí bliana ó shin. Thairis sin, chuir CCCME in aghaidh acmhainneacht shaobhach an 14ú Plean Cúig Bliana trí thagairt d'Airteagal XXXIX den chéanna á lua go dtagraíonn an fhoráil d'uaillmhianta comhshaoil i dtionscal na mianadóireachta, seachas do shaobhadh eacnamaíoch. Sa chomhthéacs sin, chuir CCCME i dtábhacht go bhfuil uaillmhianta glasa á saothrú ag an Eoraip freisin trína creata 'Comhaontú Glas' agus 'Oiriúnach do 55'. Dá ngearrfaí pionós ar thionscnaimh chomhshaoil i ngéarchéim aeráide, dhíspreagfaí uaillmhianta den sórt sin agus bheadh iarmhairtí tromchúiseacha aige sin ar an domhan.

(179) Ní fhéadfaí glacadh leis an argóint sin. Chomhlánaigh an Coimisiún na hargóintí a chuir an gearánach i láthair lena thaighde féin (féach Ranna 3.3.1 go 3.3.7), rud a léiríonn go bhfuil saobhadh suntasach ann, gan beann ar luach fianaiseach mheasúnú na Stát Aontaithe. Ar an gcaoi chéanna, míníodh go mion sa Tuarascáil atá cothrom le dáta (féach go háirithe aithrisí (97) go (100) thuas) acmhainneacht shaofa an 14ú Plean Cúig Bliana mar an doiciméad atá i lár chóras casta pleanála tionsclaíche rialtais na Síne. Ní féidir le haon athfhriotal amháin ón 14ú Plean Cúig Bliana maidir leis an gcóras pleanála beartais thionsclaíoch an éifeacht shaobhach sin de chuid an chórais pleanála a athrú. Thug an Coimisiún dá aire freisin nach bhfuil aon bhaint ag uaillmhianta glasa na hEorpa i gcomhthéacs measúnú a rinneadh de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(180) Ar an ochtú dul síos, cuireann CCCME in aghaidh aon nasc idir táirgeoirí sonracha ceallraí feithiclí leictreacha agus/nó tionscadail le hearnáil MAE, agus tugann sé le fios freisin, maidir le samhaltáin MAE XCMG atá feistithe le hinnill ón monaróir Síneach atá faoi úinéireacht stáit, Yuchai, is don tomhaltas inmheánach atá siad ceaptha toisc nach gcomhlíonann an t-inneall ceanglais ardchaighdeáin tríú tíortha. Ar an gcaoi chéanna, chuir CCCME in iúl go raibh an comhaontú idir Zoomlion agus Dongfeng Motor Corporation atá faoi úinéireacht stáit dulta in éag cheana féin agus, in aon chás, go ndearnadh an t-idirbheart faoin gcomhaontú sin ar neamhthuilleamaí. Mheabhraigh CCCME freisin go n-úsáideann táirgeoirí de chuid na Síne páirteanna éagsúla MAE arna monarú ag monaróirí san Iarthar, agus go gceannaíonn táirgeoirí MAE an Aontais líon áirithe páirteanna ón tSín.

(181) Níor ghlac an Coimisiún leis an argóint sin. I gcomhthéacs a shuíomh an bhfuil láithreacht ag cuideachtaí faoi úinéireacht stáit sna hearnálacha réamhtheachtacha, baineann tábhacht thánaisteach leis na coinníollacha conarthacha sonracha idir Zoomlion agus Dongfeng Motor Corporation. Ar an gcaoi chéanna, maidir leis an bhfíoras líomhnaithe gur ionchorpraíodh innill áirithe arna soláthar ag Yuchai i samhaltáin MAE don mhargadh intíre, ní chaitheann sé sin amhras ar láithreacht shuntasach fiontar faoi úinéireacht stáit i measc na monaróirí inneall MAE. Thug an Coimisiún dá aire freisin nach n-easaontaíonn CCCME le tagairt an ghearánaigh do láithreacht láidir Stáit i margaí ionchuir breise, amhail mianadóireacht agus próiseáil mianta miotail fheiriúil (60 %), gníomhaíochtaí tacaíochta le haghaidh mianadóireachta (97 %) nó bruithniú agus próiseáil miotal feiriúil (72 %). Níor léir don Choimisiún gur bhain sé le hábhar go líomhnaítear go n-úsáideann táirgeoirí de chuid na Síne páirteanna éagsúla MAE arna monarú ag monaróirí san Iarthar nó go gceannaíonn táirgeoirí MAE an Aontais líon áirithe páirteanna ón tSín.

(182) Ar an naoú dul síos, d'áitigh CCCME nach mbeadh aon fhianaise ann lena léireofaí go mbaineann earnáil MAE tairbhe as beartais phoiblí nó as bearta poiblí lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar soláthróirí intíre. Chuir CCCME in iúl ina leith sin nach bhféadfaí an tagairt sa 14ú Plean Cúig Bliana do "*thionscail atá ag teacht chun cinn*" a léirmhíniú mar ní lena suítear gurb ann d'idirdhealú nó do shaobhadh, go háirithe toisc nach trealamh ardleibhéil é MAE. Thairis sin, ní bhaineann earnáil MAE tairbhe as an Tionscnamh Creasa agus Bóthair, is tionscnamh nach bhfuil dírithe ar threalamh tionsclaíoch – lena mbaineann MAE – ach ar an earnáil tógála, earnáil nach bhfuil aon saobhadh inti i dtuairim CCCME agus a bhfuil a forbairt neamhspleách ar earnáil MAE ar aon nós. Luaigh CCCME go bhfuil údaráis na Síne ag dírialú na hearnála tógála ina ionad sin agus, cé go bhfuil gá le hidirghabhálacha rialtais san earnáil, go bhfuil iasachtaí á ndeonú d'fhorbróirí ar luach an mhargaidh.

(183) Ní dheachaigh an argóint sin i gcion ar an gCoimisiún. Mar a mhínítear go mionsonraithe i Roinn 3.3.4, baineann earnáil MAE tairbhe as iliomad beartas poiblí, bíodh sin go díreach, nó mar chuid d'earnáil níos mó ina bhfeidhmíonn monaróirí MAE (féach go háirithe aithrisí (133) - (137)). Thairis sin, chinn an Coimisiún nach raibh dealramh ar bith leis an tagairt a rinne CCCME d'earnáil na tógála mar réimse ina bhfuil prionsabail an mhargaidh i réim, go háirithe ós rud é go bhfuil earnáil tithíochta na Síne, i.e. earnáil a bhfuil baint dhíreach aici leis an earnáil tógála, fós mar fhócas ag gníomhaíocht rialála údaráis na Síne. ([76]) Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún d'argóint CCCME.

(184) Ar deireadh, mhaígh CCCME go raibh dul chun cinn suntasach déanta ag an tSín san earnáil féimheachta, agus go bhfuil athchóirithe tábhachtacha curtha chun feidhme ag an tSín maidir le creat na bhfiontar faoi úinéireacht stáit, lenar laghdaíodh ró-acmhainneacht agus lenar méadaíodh a n-iomaíochas, rud a d'ísligh go mór líon na gcuideachtaí 'zombaí', lenar laghdaíodh saobhadh ar an margadh.

(185) Go bunúsach, is athrá í an argóint sin ar an argóint ar tugadh aghaidh uirthi cheana in aithris (167) thuas. Thug an Coimisiún dá aire thairis sin, seachas faisnéis fhíorasach a sholáthar maidir leis na hathchóirithe líomhnaithe atá dírithe ar an margadh, gur thagair CCCME do ráiteas ó Rialtas na Síne ó 2017, agus d'airteagail tríú páirtithe lena ndeimhnítear go hiarbhír gurb ann do shaobhadh. Dá bhrí sin, diúltaíodh an argóint sin.

3.4. **Tír ionadaíoch**

3.4.1. *Barúlacha ginearálta*

(186) Bunaíodh roghnú na tíre ionadaíche ar na critéir seo a leanas de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán:

— Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil leis an leibhéal atá sa tSín. Chun na críche sin, d'úsáid an Coimisiún tíortha a bhfuil ollioncam náisiúnta per capita acu atá cosúil leis ollioncam náisiúnta per capita atá ag an tSín ar bhonn bhunachar sonraí an Bhainc Dhomhanda ([77]);

— Táirgeacht an táirge faoi imscrúdú sa tír sin;

— Infhaighteacht sonraí ábhartha sa tír ionadaíoch;

([76]) Féach mar shampla: https://www.imf.org/en/News/Articles/2024/02/02/cf-chinas-real-estate-sector-managing-the-medium-term-slowdown (arna rochtain an 31 Bealtaine 2024). Féach mar shampla na barúlacha a thug CAI le déanaí ag: https://www.imf.org/en/News/Articles/2024/02/02/cf-chinas-real-estate-sector-managing-the-medium-term-slowdown agus https://www.imf.org/en/News/Articles/2024/05/28/pr24184-china-imf-staff-completes-2024-art-iv-mission (arna rochtain an 31 Bealtaine 2024).

([77]) https://data.worldbank.org/income-level/upper-middle-income

— I gcás ina raibh níos mó ná rogha fhéideartha amháin ann i ndáil le tír ionadaíoch, tugadh tús áite, i gcás inarbh iomchuí, don tír ina bhfuil leibhéal leordhóthanach cosanta sóisialta agus comhshaoil.

(187) Mar a mhínítear in aithrisí (57) go (58), d'eisigh an Coimisiún dhá nóta le haghaidh an chomhaid maidir le foinsí chun an gnáthluach a ríomh: an chéad nóta maidir le tosca táirgeachta an 21 Nollaig 2023 (dá ngairtear 'an chéad nóta' anseo feasta), agus an dara nóta maidir leis na tosca táirgeachta an 17 Bealtaine 2024 (dá ngairtear 'an dara nóta' anseo feasta). Sna nótaí sin, tugadh tuairisc ar na fíorais agus ar an bhfianaise is bun leis na critéir ábhartha agus tugadh aghaidh iontu freisin ar na barúlacha a fuarthas ó na páirtithe maidir leis na gnéithe sin agus maidir leis na foinsí ábhartha. Sa dara nóta maidir le tosca táirgeachta, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas go raibh sé beartaithe aige an Bhrasaíl a roghnú mar thír ionadaíoch iomchuí sa chás seo dá mba rud é go ndeimhneofaí saobhadh suntasach de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

3.4.2. *Infhaighteacht sonraí poiblí ábhartha sa tír ionadaíoch*

(188) Níorbh fhéidir leis an gCoimisiún tír a shainaithint a bhfuil an leibhéal céanna forbartha eacnamaíche aici agus atá ag an tSín a bhfuil táirgeadh an táirge faoi imscrúdú aici agus faisnéis airgeadais ábhartha atá ar fáil go héasca. Mar thoradh air sin, d'fhéach an Coimisiún ar thíortha ionadaíocha a d'fhéadfadh a bheith ann a mbeadh táirgeadh táirge sa chatagóir ghinearálta chéanna agus/nó san earnáil ghinearálta chéanna den táirge faoi imscrúdú acu.

(189) Shainaithin an Coimisiún táirge sa chatagóir ghinearálta chéanna le MAE chun tír ionadaíoch a roghnú. Is é an táirge ardáin soghluaiste trucail suite. Roinneann ardáin shoghluaiste suite ar thrucail a bpríomh-chomhpháirteanna le roinnt catagóirí MAE ach tógtar iad ar chomhla chúil trucaile. Ceannaíonn na monaróirí na feithiclí agus is beag tionchar a bhíonn acu ar chomhdhéanamh na coda ardaithe den ardán. Bhí trealamh rochtana móibíleach a suiteáladh ar thrucailí gar go leor ó thaobh úsáid deiridh, próiseas táirgthe agus ábhair ionchuir de, agus mar thoradh air sin, SGA agus brabús, chun go measfaí gur táirge é sa chatagóir ghinearálta chéanna leis an táirge atá faoi imscrúdú.

(190) Mhol Sinoboom craenacha soghluaiste agus ráillí arna dtáirgeadh ag Liebherr-International AG sa Bhrasaíl a úsáid mar an táirge sa chatagóir ghinearálta chéanna le MAE.

(191) Dhiúltaigh an Coimisiún don togra sin toisc gur láimhseálaithe ábhair iad craenacha a úsáidtear chun earraí a ardú in ionad daoine. Eisiatar an chéad cheann acu sin go sainráite ó raon feidhme an táirge faoi imscrúdú.

(192) Shainaithin an Coimisiún táirgeadh ardán soghluaiste suite ar thrucailí in dhá thír ar comhchosúil an leibhéal forbartha eacnamaíche atá acu leis an tSín: An Bhrasaíl agus an tSeirbia.

(193) Ní raibh an tsaoráid mhonaraíochta sa tSeirbia ag feidhmiú le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Dá bhrí sin, roghnaigh an Coimisiún an Bhrasaíl mar thír ionadaíoch iomchuí toisc go raibh ardáin mhóibíleacha a bhí suite ar thrucailí á dtáirgeadh ag an tír. Scrúdaigh an Coimisiún infhaighteacht na sonraí airgeadais ansin.

(194) Maidir leis an mBrasaíl, tháirg Madal Palfinger Brazil, fochuideachta faoi úinéireacht 100 % de Palfinger GmbH, monaróir MAE a bhfuil a cheanncheathrú san Ostair, ardáin a bhí suite ar thrucailí. Bhí sonraí airgeadais ar fáil le haghaidh 2022 agus 2023 lenar cumhdaíodh an tréimhse imscrúdúcháin ina hiomláine.

(195) D'áitigh Dingli agus CCCME nach raibh an chuideachta Bhrasaíleach, Madal Palfinger, ina foinse cheart le haghaidh brabúis agus costas SGA toisc nach dtáirgeann sé an táirge faoi imscrúdú.

(196) D'áitigh Dingli freisin gur fochuideachta faoi úinéireacht 100 % de chorparáid de chuid an Aontais é Madal Palfinger.

(197) Dhiúltaigh an Coimisiún do na hargóintí sin ar an bhforas nach raibh an táirge faoi imscrúdú á tháirgeadh in aon tír oiriúnach ar comhchosúil an leibhéal forbartha eacnamaíche atá aici seachas Meicsiceo agus an Tuirc. Measadh nach raibh úinéireacht an Aontais ar mhonaróir na Brasaíle ábhartha toisc gur dlúthchuid den choimpléasc tionsclaíoch intíre sa Bhrasaíl agus i Meiriceá Laidineach é Madal Palfinger.

(198) Ina bharúlacha maidir leis an Dara Nóta, thug CCCME dá aire, i gcás ina gcomhfhreagraíonn cuid shuntasach de ghnó Madal Palfinger d'idirbhearta agus d'oibríochtaí inghrúpa, nach féidir a mheas go bhfuil costais agus brabúis na cuideachta iontaofa chun an gnáthluach a ríomh toisc nach ndearnadh na hidirbhearta sin sa ghnáthchúrsa trádála.

(199) Dhiúltaigh an Coimisiún don argóint sin toisc nár aimsigh sé aon chomhartha de 'idirbhearta neamhiontaofa inghrúpa' nuair a rinne sé scrúdú ar chuntais mhionsonraithe Madal Palfinger do IP. Chomh maith leis sin, níor chuir CCCME aon fhianaise ar fáil a léirigh gur idirbhearta den chineál sin a bhí i gcuid shuntasach de ghnó Madal Palfinger.

(200) D'áitigh CCCME go gcuireann an Bhrasaíl bearta frithdhumpála agus/nó frithchúitimh i bhfeidhm faoi láthair maidir le cruach theo-rollta, plátaí troma, sreang chruach, barra cothrom cruach, feadáin chruach carbóin, feadáin chruach dhosmálta, feadáin chopair agus leatháin chruach dhosmálta fhuar-rollta. Ós rud é gurb iad ábhair chruach na hionchuir MAE is bunúsaí, lena n-áirítear leatháin agus pláta chruach theo-rollta, barraí cruach agus cruthanna struchtúracha tolla, rinne na bearta sriantacha allmhairiúcháin praghas margaidh intíre na Brasaíle na n-ionchur cruach sin a shaobhadh.

(201) Dhiúltaigh an Coimisiún don argóint sin, toisc nach meastar go ndéanann bearta cosanta trádála saobhadh ar na margaí ina gcuirtear i bhfeidhm iad. Os a choinne sin, is é is aidhm do na bearta sin cothrom iomaíochta a athbhunú. Toisc gurb ann do na bearta sin, ní fhágann sé sin gur cúis iad leis an tír a eisiamh mar thír ionadaíoch.

3.4.3. *Leibhéal na cosanta sóisialta agus comhshaoil*

(202) Tar éis don Choimisiún a shuí go bhféadfar an Bhrasaíl a mheas mar thír ionadaíoch iomchuí i dtéarmaí a leibhéal forbartha a bheith comhchosúil le leibhéal forbartha na Síne agus infhaighteacht sonraí airgeadais ábhartha, níor mheas sé gur gá measúnú a dhéanamh ar leibhéal cosanta sóisialta agus comhshaoil na dtíortha ionadaíocha ionchasacha eile.

3.4.4. *Conclúid*

(203) I bhfianaise na hanailíse thuas, chomhlíon an Bhrasaíl na critéir a leagtar síos in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán chun go measfaí í mar thír ionadaíoch iomchuí.

3.5. **Foinsí arna n-úsáid chun costais neamhshaofa a shuí**

(204) Sa Chéad Nóta, liostaigh an Coimisiún na tosca táirgeachta amhail ábhair, fuinneamh agus saothar a úsáideann na táirgeoirí onnmhairiúcháin i dtáirgeadh an táirge faoi imscrúdú agus d'iarr sé ar na páirtithe leasmhara a mbarúil a thabhairt agus faisnéis atá ar fáil go héasca a mholadh maidir le luachanna neamhshaofa le haghaidh gach ceann de na tosca táirgeachta a luaitear sa nóta sin.

(205) Tar éis sin, sa dara nóta, luaigh an Coimisiún, chun an gnáthluach a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, go n-úsáidfeadh sé Global Trade Atlas ('GTA') chun an costas neamhshaofa a shuí maidir le formhór na dtosca táirgeachta sa tír ionadaíoch, agus na hamhábhair go sonrach. Ina theannta sin, luaigh an Coimisiún go n-úsáidfeadh sé na staitisticí a d'fhoilsigh Institiúid Tíreolaíochta agus Staidrimh na Brasaíle (IBGE) chun costais neamhshaofa saothair a shuí ([78]) agus na staitisticí i ndáil le praghsanna leictreachais a d'fhoilsigh Rialtas na Brasaíle san Fheasachán Fuinnimh Míosúil le haghaidh leictreachais ([79]) agus praghas an gháis d'úsáideoirí tionsclaíocha sa Bhrasaíl mar a d'fhoilsigh an Aireacht Mianach agus Fuinnimh iad ([80]).

(206) Chuir CCCME agus Sinoboom in iúl nár sholáthair an Coimisiún ach praghsanna críochnaitheacha le dleacht íoctha, agus nár nocht sé na sonraí loma ar shuigh sé an luach neamhshaofa deiridh ar a mbonn.

([78]) https://www.ibge.gov.br/estatisticas/economicas/industria/9042-pesquisa-industrial-anual.html?=t=destaques

([79]) https://www.gov.br/mme/pt-br/assuntos/secretarias/sntep/publicacoes/boletins-mensais-de-energia/2022-2/ingles/brazilian-monthly-energy-bulletin-december-2022.pdf/view

([80]) https://www.gov.br/mme/pt-br/assuntos/secretarias/sntep/publicacoes/boletins-mensais-de-energia/2022-2/ingles

(207) Dhiúltaigh an Coimisiún don argóint sin toisc gur chuir sé in iúl do pháirtithe go raibh sé ag brath ar GTA, foinse faisnéise atá ar fáil go héasca ina bhfuil praghsanna a íocadh le dleacht. Chomh maith leis sin, ní raibh sé soiléir cad a bhí i gceist le 'sonraí loma' mar a d'áitigh CCCME agus Sinoboom.

(208) Sa Dara Nóta, chuir an Coimisiún in iúl do na páirtithe leasmhara freisin, mar gheall ar an líon neamhghnách mór tosca táirgeachta de chuid na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte a sholáthair faisnéis iomlán agus meáchan diomaibhseach roinnt de na hamhábhair i gcostas iomlán an táirgthe, go ndearnadh ítimí a bhfuil meáchan diomaibhseach acu i dtéarmaí luacha a ghrúpáil faoi 'thomhaltáin'. Thairis sin, chuir an Coimisiún in iúl go ríomhfadh sé céatadán na dtomhaltán ar chostas iomlán na n-amhábhar agus go gcuirfeadh sé an céatadán sin i bhfeidhm ar chostas athríofa na n-amhábhar

(209) D'áitigh CCCME nach bhfuil sé inghlactha costais a ghrúpáil faoi bhun 1 % den iomlán i gcatagóir na dtomhaltán toisc gur míreanna costais aonair iad sin.

(210) Dhiúltaigh an Coimisiún don argóint sin toisc gur measadh, i bhfianaise an líon tosca táirgeachta níos mó ná mar is gnách sa chás seo, gurbh iomchuí ionchuir neamhshuntasacha a ghrúpáil. Ós rud é gur bhain sé le costas neamhshuntasach, measadh gur mionéifeacht é an tionchar ar ríomh an chorrlaigh dumpála.

3.6. **Costais agus tagarmharcanna neamhshaofa**

3.6.1. *Tosca táirgeachta*

(211) I bhfianaise na faisnéise uile a chuir na páirtithe leasmhara isteach agus a bailíodh le linn na gcuairteanna fíorúcháin, sainaithníodh na tosca táirgeachta seo a leanas agus a bhfoinsí chun an gnáthluach a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán:

Tábla 1

Tosca táirgeachta Trealaimh Rochtana Shoghluaiste

Toisc tháirgeachta	Cód tráchtearra	Luach neamhshaofa	Aonad
Amhábhair			
boinn	4011 80 10, 4011 80 20, 4011 80 90	7 270,47	CNY/No
earraí eile stroighne, coincréite/ cloiche saorga	6810 99	12,21	CNY/Kg
mótair chumhachta hiodrálaí eile	8412 29	3 580,21	CNY/No
cruach éilipseach le moilchaipíní nicile a úsáidtear chun friotaíocht a tháirgeadh	7326 90 10	590,03	CNY/Kg
innill díosail eile, ina stad, P>=337,5Kw, Rpm> 1 000	8408 90 10	185 696,71	CNY/No
innill díosail/leathdhíosail eile	8408 90 90	82 558,74	CNY/No
sorcóirí hiodrálacha	8412 21 10	2 915,39	CNY/No
páirteanna d'fhorcardaitheoirí eile	8431 20 19	65,48	CNY/Kg
sconnaí agus fearais eile do phíopaí, etc	8481 80 99	50,88	CNY/No

Toisc tháirgeachta	Cód tráchtearra	Luach neamhshaofa	Aonad
boscaí traiseolta, laghdaitheoirí, etc. de luas	8483 40 10	1 204,16	CNY/No
gineadóirí leictreacha srutha leanúnaigh, Pot<= 750W	8501 31 20	3 904,53	CNY/No
mótar leictreach ag a bhfuil sruth leanúnach, 750W<Pot<=75Kw	8501 32 10	1 917,83	CNY/No
mótair leictreacha srutha ailtéarnaigh eile 750W<P<=75Kw	8501 52 90	5 247,16	CNY/No
taisc-cheallraí leictreacha eile, as luaidhe, meáchan<=1 000Kg	8507 20 10	164,80	CNY/No
cláir ina bhfuil gaireas rialaithe in-ríomhchláraithe, T<=1Kv	8537 10 20	662,95	CNY/No
sreang copair inslithe le haghaidh foirceannta, le haghaidh úsáid leictreach	8544 11	125,14	CNY/Kg
feadáin eile as rubar bolcánaithe, nach as rubar crua iad, nach bhfuil treisithe le feistis.	4009 12 90	216,13	CNY/Kg
feadáin eile, as rubar bolcánaithe, a bhfuil feistis ceangailte leo.	4009 32 90	162,20	CNY/Kg
cosaint, obair rothaí bandaí, etc. le haghaidh boinn rubair	4012 90 90	25,56	CNY/Kg
iarann/cruach teorollta, W>=60Cm, gan bheith i gcornaí, E> 10Mm	7208 51	7,55	CNY/Kg
iarann/cruach teorollta, W>=60Cm, gan bheith i gcornaí, 4,75<=T<=10Mm	7208 52	27,62	CNY/Kg
iarann/cruach teorollta, W>=60Cm, gan bheith i gcornaí, 3Mm<=T< 4.75Mm	7208 53	24,52	CNY/Kg
iarann/cruach teorollta, W>=60Cm, i gcornaí, 4,75Mm<T<=10Mm	7208 37	4,96	CNY/Kg
feadáin, píobáin agus próifílí tolla, déanta as iarann teilgthe	7303	15,28	CNY/Kg
píobáin cruach neamh-chóimhiotail, gan uaim, le haghaidh bratuithe, etc	7304 29 10	19,90	CNY/Kg
doirse, fuinneoga, etc. as iarann teilgthe/iarann/cruach	7308 30	131,16	CNY/Kg
struchtúir eile agus a bpáirteanna, d'iarann/iarann comhleáite/cruach	7308 90 90	31,03	CNY/Kg

Toisc tháirgeachta	Cód tráchtearra	Luach neamhshaofa	Aonad
umair iarainn/ cruach eile, 50L<=C<=300L, gan trealamh teirmeach	7310 10 90	48,95	CNY/Kg
umair eile, etc. as iarann/cruach, C< 50L	7310 29 90	63,01	CNY/Kg
cannaí iarainn/cruach, atá le dúnadh trína sádráil nó trí roic a chur iontu C< 50L	7310 21 90	47,73	CNY/Kg
leicníní/pionnaí leicnín, etc. as iarann teilgthe, as iarann nó as cruach	7318 24	120,22	CNY/Kg
earraí múnlaithe eile, as cruach	7325 99 10	81,98	CNY/Kg
earraí múnlaithe eile, as iarann teilgthe nó as iarann	7325 99 90	18,15	CNY/Kg
caidéil giaranna, oibrithe le cumhacht, sreabhadh<=300L/ íosmhéid giair	8413 60 11	1 343,94	CNY/No
páirteanna de thrucailí forcardaitheora féinghluaiste	8431 20 11	61,91	CNY/Kg
páirteanna d'fheithiclí eile chun lasta a iompar, ag a bhfuil ardaitheoirí	8431 20 90	49,60	CNY/Kg
comhlaí rothlacha, as boscaí faoi threoir hiodrálach, ina bhfuil cón péine	8481 20 11	990,15	CNY/No
boscaí traiseolta, laghdaitheoirí, etc. luais	8483 40 10	1 204,16	CNY/No
páirteanna de sheaftaí tras-seolta, cromáin, cásáil imthacaí, etc.	8483 90	113,13	CNY/Kg
mótar leictreach ag a bhfuil sruth leanúnach, 37,5W<Pot<=750W	8501 31 10	162,38	CNY/No
mótair leictreacha srutha ailtéarnaigh eile 750W<P<=75Kw	8501 52 90	5 247,16	CNY/No
luchtairí taisc-cheallraí (tiontairí leictreacha)	8504 40 10	124,20	CNY/No
tiontairí statacha leictreacha eile	8504 40 90	504,74	CNY/No
cadhnraí stórála leictreacha ian litiam	8507 60	123,93	CNY/No
tacaíocht le gaireas meaisín-uirlisí, T<=1Kv,C/Proc/Bus>=32Bits	8537 10 11	992,20	CNY/Kg
Boird, painéil eile, etc. faoi rialú uimhriúil T<=1Kv	8537 10 19	2 039,73	CNY/Kg

Toisc tháirgeachta	Cód tráchtearra	Luach neamhshaofa	Aonad
boird eile, etc ag a bhfuil lasca ciorcaid leictrigh T <= 1Kv	8537 10 90	900,57	CNY/Kg
páirteanna eile le haghaidh gaireas lasca ciorcaid leictrigh	8538 90 90	270,98	CNY/Kg
foirne sreangaithe adhainte agus foirne sreangaithe eile a úsáidtear i bhfeithiclí.	8544 30	220,62	CNY/Kg
seoltóirí leictreacha eile le haghaidh teannais <= 1 000V, feistithe le nascóirí	8544 42	407,62	CNY/Kg
seoltóirí leictreacha eile le haghaidh teannais<=80V	8544 49	135,35	CNY/Kg
rothaí eile, a bpáirteanna agus a ngabháltais le haghaidh mótarfheithiclí	8708 70 90	46,72	CNY/Nó
Tomhaltáin			
Rinne an Coimisiún na hionchuir uile a ghrúpáil faoi bhun 1 % den chostas táirgthe ina dtomhaltáin.			
Saothar			
Ráta san uair an chloig do shaothar ([1])	NEAMHBHAIN-TEACH	61,93	CNY/uair an chloig
Fuinneamh			
Praghas leictreachais, úsáid thionsclaíoch ([2])	NEAMHBHAIN-TEACH	1,04	CNY/kWh
Praghas gáis, úsáid thionsclaíoch ([3])	NEAMHBHAIN-TEACH	0,532	CNY/kWh

([1]) Féach mar shampla: https://www.imf.org/en/News/Articles/2024/02/02/cf-chinas-real-estate-sector-managing-the-medium-term-slowdown (arna rochtain an 31 Bealtaine 2024). Féach mar shampla na barúlacha a thug CAI le déanaí ag: https://www.imf.org/en/News/Articles/2024/02/02/cf-chinas-real-estate-sector-managing-the-medium-term-slowdown agus https://www.imf.org/en/News/Articles/2024/05/28/pr24184-china-imf-staff-completes-2024-art-iv-mission (arna rochtain an 31 Bealtaine 2024).
([2]) https://data.worldbank.org/income-level/upper-middle-income
([3]) https://www.ibge.gov.br/estatisticas/economicas/industria/9042-pesquisa-industrial-anual.html?=t=destaques

(212) I gcás roinnt tosca táirgeachta sa Bhrasaíl a tuairiscíodh in CNY/píosa in GTA, d'úsáid an Coimisiún an praghas dleachtíoctha i gcileagraim chun an gnáthluach a ríomh, mar a tuairiscíodh mar phraghas tánaisteach in GTA, toisc gur measadh go raibh sé sin níos cruinne toisc go n-athraíonn na tosca táirgeachta sin ó thaobh méide de, i.e. is féidir a meáchan a bheith an-éagsúil. Níor léirigh na praghsanna a tuairiscíodh i bpíosaí na difríochtaí sin go cruinn.

(213) Chuir an Coimisiún luach le haghaidh forchostais mhonaraíochta san áireamh chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas. Chun an méid sin a shuí, bhraith an Coimisiún ar shonraí ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte.

(214) Tar éis barúlacha a fháil ó Dingli, CCCME agus Sinoboom go bhfuil an tagarmharc d'innill a foilsíodh sa Dara Nóta mícheart, ghlac an Coimisiún leis an argóint agus d'úsáid sé an praghas le dleacht íoctha i gcileagraim nó an praghas le dleacht íoctha i bpíosaí, mar a tuairiscíodh mar phraghas tánaisteach in GTA.

(215) Mar gheall ar chur i bhfeidhm páirteach Airteagal 18 ar Sinoboom, féach aithris (25), leithdháil an Coimisiún costais de chineál COM amháin a tuairiscíodh ar chineálacha COM eile ag úsáid cóimheas leithdháilte ríofa. Measadh go raibh cuid de na costais ina dtomhaltáin.

3.6.1.1. Amhábhair agus ionchuir

(216) Chun praghas neamhshaofa na n-amhábhar mar a dhéantar iad a sheachadadh ag geata táirgeora de chuid na tíre ionadaíche (díreach ón monarcha) a shuí, d'úsáid an Coimisiún an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe chuig an tír ionadaíoch mar a thuairiscítear in GTA mar bhonn agus cuireadh dleachtanna allmhairiúcháin leis. Cuireadh costais iompair leis an bpraghas sin trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht a thuairiscítear in aithris (218). Cinneadh praghas allmhairiúcháin sa tír ionadaíoch mar mheán ualaithe phraghsanna aonaid na n-allmhairí ó gach tríú tír gan an tSín a áireamh ná tíortha nach comhaltaí den Eagraíocht Dhomhanda Trádála iad, a liostaítear in Iarscríbhinn 1 de Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([81]). Chinn an Coimisiún na hallmhairí ón tSín isteach sa tír ionadaíoch a chur as an áireamh toisc gur tháinig sé ar an gconclúid nach iomchuí praghsanna agus costais intíre sa tSín a úsáid toisc go bhfuil saobhadh suntasach ann i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. De bhrí nach bhfuil aon fhianaise ann a léiríonn nach mar an gcéanna an tionchar a imríonn an saobhadh céanna ar tháirgí a bhfuil sé beartaithe iad a onnmhairiú, mheas an Coimisiún gur imir an saobhadh céanna tionchar ar phraghsanna onnmhairiúcháin. Measadh go raibh na méideanna eile ionadaíoch.

(217) I gcás roinnt tosca táirgeachta, b'ionann na costais iarbhír arna dtabhú ag táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha agus sciar diomaibhseach de na costais amhábhar iomlána i dtréimhse an imscrúdaithe- Chinn an Coimisiún na costais sin a áireamh le tomhaltáin mar a léirítear i dTábla 1.

(218) Shloinn an Coimisiún an costas iompair chun amhábhair na n-onnmhaireoirí sampláilte a sholáthar mar chéatadán de chostas iarbhír gach amhábhair agus ansin chuir sé an céatadán céanna i bhfeidhm ar chostas neamhshaofa an amhábhair chéanna sa Bhrasaíl, chun an costas iompair neamhshaofa a fháil. Cuireadh an costas sin leis an bpraghas allmhairiúcháin lena n-áirítear dleachtanna allmhairiúcháin chun praghas neamhshaofa na n-amhábhar a shuí mar a sheachadtar iad ag geata táirgeora tíre ionadaíche.

3.6.1.2. Saothar

(219) Foilsíonn Institiúid Tíreolaíochta agus Staidrimh na Brasaíle (IBGE) faisnéis mhionsonraithe ar phá in earnálacha eacnamaíocha éagsúla sa Bhrasaíl. D'úsáid an Coimisiún na staitisticí is déanaí a bhí ar fáil lena gcumhdaítear an bhliain 2021 le haghaidh meánchostas saothair in earnáil monaraíochta meaisíní, trealaimh agus trealaimh chun ualaí agus daoine a iompar agus a ardú.

(220) D'iarr CCCME agus Dingli go n-úsáidfí staitisticí EIS ag maíomh go bhfuil sonraí IBGE bunaithe ar thorthaí suirbhé dheonaigh.

(221) Dhiúltaigh an Coimisiún don iarraidh toisc nach ndéanann EIS idirdhealú idir tuarastal bunaithe ar chatagóirí sonracha gnó; Is í an déantúsaíocht an chatagóir is sainiúla is féidir a úsáid. Ina theannta sin, ní dhéantar aon idirdhealú i sonraí EIS bunaithe ar mhéid na gcuideachtaí Feidhmíonn suirbhé IBGE mar fhoinse bhunachar sonraí EIS freisin.

(222) D'iarr CCCME agus Dingli go n-úsáidfí Tábla PIA 1.1 ([82]) chun costais saothair a ríomh. á mhaíomh go soláthraítear i dTábla 1.1 sonraí lena léirítear líon na bhfostaithe a bhaineann le táirgeadh agus a dtuarastal, cé go soláthraítear i dTábla 2.2 sonraí ginearálta le haghaidh aonaid áitiúla cuideachtaí tionsclaíocha, lena n-áirítear gach fostaí nach baill foirne a bhaineann le táirgeadh iad.

(223) Dhiúltaigh an Coimisiún don iarraidh toisc go soláthraíonn Tábla PIA 2.2 a úsáideadh le haghaidh an ríomha sonraí maidir le catagóirí i bhfad níos sonraí ó thaobh gnó de, go háirithe in earnáil an trealaimh ardaithe monaraíochta ([83]).

(224) D'áitigh CCCME ina mbarúlacha a bhain le costas saothair nár cheart don Choimisiún a áireamh i ríomh na ranníocaíochta slándála sóisialta ach ranníocaíochtaí le Instituto Nacional do Seguro Social (INSS) agus le Fundo de Garantia do Tempo de Serviço (FGTS).

([81]) Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe (IO L 123, 19.5.2015, lch. 33 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/755/oj). Meastar le hAirteagal 2(7) den bhun-Rialachán nach féidir praghsanna intíre sna tíortha sin a úsáid chun gnáthluach a chinneadh.

([82]) https://www.ibge.gov.br/estatisticas/economicas/industria/9042-pesquisa-industrial-anual.html?=&t=downloads

([83]) Idem.

(225) Ní raibh bunús leis an maíomh sin. Dhiúltaigh an Coimisiún don argóint go sealadach toisc nach raibh aon fhianaise leordhóthanach curtha isteach ag CCCME chun an chuid ábhartha de na costais saothair a theorannú do na ranníocaíochtaí thuasluaite, de réir taighde ón gCoimisiún, tá ranníocaíochtaí breise sa Bhrasaíl ([84]).

(226) D'iarr CCCME agus Dingli go n-úsáidfí rátaí malairte le haghaidh 2021 seachas na rátaí malairte le linn na tréimhse imscrúdaithe chun costais saothair a ríomh. Bhraith an Coimisiún ar an ráta malairte sa tréimhse imscrúdúcháin chun costais saothair a thiontú ó reais na Brasaíle go yuan na Síne a tabhaíodh in 2021.

(227) Rinne an Coimisiún na ríomhanna a choigeartú dá réir sin.

(228) Bhunaigh an Coimisiún a ríomh ar chostais saothair ó 2021, na sonraí amháin a bhí ar fáil, agus, chun na costais sin a thabhairt chuig luachanna iarbhír le linn na tréimhse imscrúdaithe, chuir an Coimisiún innéacs na gcostas saothair le haghaidh 2016-2021 i bhfeidhm, is é sin 106,24 %. Mhol CCCME agus Dingli innéacsú níos déanaí a úsáid, lena gcumhdaítear an tréimhse ó 2021 go dtí an tréimhse imscrúdúcháin. Is é 103,1 % an t-innéacs meánioncaim sin de réir sonraí IBGE. Ghlac an Coimisiún lenar moladh agus rinne sé na luachanna a choigeartú.

3.6.1.3. Leictreachas

(229) Foilsíonn Rialtas na Brasaíle praghas an leictreachais d'úsáideoirí tionsclaíocha sa Bhrasaíl san Fheasachán Fuinnimh Míosúil. D'úsáid an Coimisiún na sonraí maidir le praghsanna leictreachais tionsclaíocha sa bhanda tomhaltais comhfhreagrach in CNY/kWh mar a foilsíodh don tréimhse Deireadh Fómhair 2022 – Meán Fómhair 2023.

(230) Ina gcuid barúlacha maidir leis an dara Nóta maidir le Tosca Táirgeachta, chuir CCCME agus Dingli in iúl go raibh earráid chléireachais ann maidir le húsáid an ráta malairte chun an praghas leictreachais agus gáis a ríomh. Cheartaigh an Coimisiún an earráid.

(231) D'áitigh Dingli agus CCCME gur cheart asbhaint 17,5 % CBL a asbhaint ó phraghas an leictreachais agus an gháis.

(232) Dhiúltaigh an Coimisiún don argóint sin toisc gur fíorchostas é CBL a d'íoc Madal Palfinger sa tír ionadaíoch.

3.6.1.4. Gás nádúrtha

(233) Foilsíonn an Aireacht Mianach agus Fuinnimh praghas an gháis nádúrtha don earnáil thionsclaíoch sa Bhrasaíl. D'úsáid an Coimisiún na praghsanna leictreachais tionsclaíocha in CNY/kWh mar a foilsíodh don tréimhse Deireadh Fómhair 2022 – Meán Fómhair 2023.

3.6.1.5. Forchostais mhonaraíochta, costais SGA, brabúis agus dímheas

(234) De réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, '[á]ireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús'. Ina theannta sin, ní mór luach le haghaidh na bhforchostas monaraíochta a shuí chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas.

(235) Sloinneadh na forchostais mhonaraíochta arna dtabhú ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha mar sciar de chostais na monaraíochta arna dtabhú iarbhír ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin. Cuireadh an céatadán sin i bhfeidhm ar chostais neamhshaofa na monaraíochta.

(236) D'áitigh CCCME gur cheart don Choimisiún sonraí a úsáid i gcuntais Madal Palfinger chun sciar na bhforchostas monaraíochta a shainaithint bunaithe ar na sonraí atá ar fáil.

(237) Dhiúltaigh an Coimisiún don argóint agus d'úsáid sé céatadán na bhforchostas arna dtabhú ag táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, a fíoraíodh le linn na gcuairteanna fíorúcháin, chun corrlaigh aonair a ríomh, toisc go raibh torthaí i bhfad níos beaichte in aghaidh na cuideachta mar thoradh air sin, d'ainneoin an tsaofa, ná mar a bhí ag brath ar na forchostais ghinearálta a bhaintear as cuntais Madal Palfinger.

([84]) INSS: Tuarastail agus Sochair na Brasaíle - Comhpháirtithe BPC (bpc-partners.com) agus https://bpc-partners.com/fact-sheets/inss-brazilian-salaries-benefits/

(238) Sa dara Nóta FOP, chun méid neamhshaofa agus réasúnta a shuí le haghaidh forchostais mhonaraíochta, costais SGA;A, brabús agus dímheas, bhraith an Coimisiún ar na sonraí airgeadais le haghaidh 2023 le haghaidh Madal Palfinger S.A. mar a foilsíodh sa tréimhseachán Pioneiro ([85]).

(239) Dúirt Dingli gur cheart don Choimisiún meán ualaithe na gcostas SGA agus an bhrabúis a bhaineann leis an tréimhse imscrúdúcháin a ríomh agus sonraí 2022 á n-úsáid aige i dteannta shonraí 2023. Ghlac an Coimisiún leis an maíomh agus rinne sé na costais SGA;A agus an brabús a athríomh dá réir trí mheán ualaithe na sonraí airgeadais le haghaidh 2022 agus 2023 a úsáid, chun an tréimhse imscrúdúcháin a léiriú i gceart. Ní raibh sonraí airgeadais a chumhdaíonn go heisiach an ráithe dheireanach de 2022 agus R1-R3 de 2023 ar fáil.

(240) Mhol Sinoboom agus Dingli go n-eisiafaí ioncam ó dhíolacháin a bhaineann le honnmhairí d'fhonn na costais SGA a ríomh.

(241) Dhiúltaigh an Coimisiún don argóint toisc nach raibh sé in ann an cuntas brabúis agus caillteanais a bhaineann le díolacháin onnmhairiúcháin agus intíre a shainaithint. Dá thoradh sin, níorbh fhéidir costas díolacháin intíre agus onnmhairiúcháin a scaradh óna chéile.

(242) D'áitigh CCCME agus Dingli gur choigeartaigh an Coimisiún costais airgeadais Madal Palfinger trí luach "coigeartuithe luacha láithrigh" a bhaint, ach d'fhág siad ioncam airgeadais neamhchoigeartaithe i leith luach na hítime de chineál comhionann agus d'iarr siad ar an gCoimisiún ioncam airgeadais na cuideachta Brasaílí a choigeartú de réir luach "coigeartuithe luacha láithrigh", arb éard é 11,526 míle BRL mar a léirítear i nóta 19 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

(243) Ní raibh bunús leis an maíomh sin. Dhiúltaigh an Coimisiún dó go sealadach toisc gur measadh go raibh 'coigeartuithe luacha láithreacha' le haghaidh ioncam airgeadais sa ghnáthchúrsa trádála, dá bhrí sin, ní raibh bonn sách soiléir ann chun iad a bhaint.

(244) Mhaígh Dingli agus CCCME gur cheart costais loingseoireachta, árachas loingseoireachta agus coimisiúin a bhaint de ríomh na gcostas SGA.

(245) Dhiúltaigh an Coimisiún don togra toisc nach raibh dóthain faisnéise aige maidir le hioncam agus costais a bhaineann le loingseoireacht, árachas loingseoireachta agus coimisiúin a shainaithint lena gceadaítear costais a bhaineann le honnmhairiú agus díolacháin intíre a dheighilt.

3.7. **Ríomh**

3.7.1. *An Gnáthluach*

(246) Ar bhonn a bhfuil thuas, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh de réir chineál an táirge ar leibhéal trádála díreach ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

(247) Ar an gcéad dul síos, shuigh an Coimisiún na costais mhonaraíochta neamhshaofa. Chuir an Coimisiún na costais aonaid neamhshaofa i bhfeidhm ar thomhaltas iarbhír thosca aonair táirgeachta na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha. Fíoraíodh na rátaí tomhaltais a sholáthair na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte le linn na cuairte fíorúcháin. D'iolraigh an Coimisiún na tosca úsáide faoi na costais neamhshaofa in aghaidh an aonaid a fuarthas sa tír ionadaíoch.

(248) Nuair a suíodh costas neamhshaofa na monaraíochta, chuir an Coimisiún na forchostais mhonaraíochta, costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus an brabús i bhfeidhm mar a shonraítear in aithrisí (234)-(238). Cinneadh iad ar bhonn ráitis airgeadais Madal Palfinger S.A. mar a mhínítear in aithris (238).

([85]) https://ads.clicrbs.com.br/PUBLICIDADE-LEGAL/PIO/Publicidade_Legal_PIO_290324_madalpalfinger.pdf

(249) Chuir an Coimisiún costais SGA agus brabús Madal Palfinger S.A. i bhfeidhm ar na costais táirgthe a suíodh mar a shonraítear san haithrisí roimhe seo. Ba é 21,61 % méid na gcostas SGA arna shloinneadh mar chéatadán de chostais na n-earraí a díoladh agus arna chur i bhfeidhm ar chostais neamhshaofa an táirgthe. Ba é 10,86 % an brabús arna shloinneadh mar chéatadán de chostais na n-earraí a díoladh agus arna chur i bhfeidhm ar chostais neamhshaofa an táirgthe. Mheas an Coimisiún go raibh na méideanna sin réasúnach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán le haghaidh leibhéal na trádála díreach ón monarcha.

(250) Mhaígh Terex go raibh ocht COM_types ann a úsáideadh ar bhealach neamhshaofa. Dhiúltaigh an Coimisiún dóibh sin toisc gur ceannaíodh iad trí bhealaí intíre nó trí dhíolachán inghrúpa. Thairis sin, mhaígh Terex go raibh trí cinn déag d'amhábhair eile neamhshaofa freisin. Shuigh an Coimisiún go raibh siad sin faoi bhun 1 % den chostas táirgthe, faoi seach, agus dá thoradh sin rinne siad iad a ghrúpáil ina dtomhaltáin.

(251) Mar gheall ar chur i bhfeidhm páirteach Airteagal 18 maidir le JLG, féach aithrisí (24) - (28), ríomhadh an gnáthluach do JLG bunaithe ar fhaisnéis ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte eile maidir le roinnt cineálacha táirgí ionadaíocha a dhíol táirgeoirí onnmhairiúcháin eile agus JLG araon. Bhraith an Coimisiún ar rátaí úsáide na n-onnmhaireoirí sin mar aon le tagarmharcanna don Bhrasaíl.

3.7.2. *An praghas onnmhairiúcháin*

(252) D'onnmhairigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte chuig an Aontas trí chuideachtaí gaolmhara. Rinneadh amach an praghas onnmhairiúcháin ar bhonn an phraghais ar ar athdhíoladh an táirge allmhairithe den chéad uair le custaiméirí neamhspleácha san Aontas i gcomhréir le hAirteagal 2(9) den bhun-Rialachán. Sa chás sin, rinneadh coigeartuithe ar an bpraghas le haghaidh na gcostas uile a tabhaíodh idir allmhairiú agus athdhíol, lena n-áirítear costais SGA, agus le haghaidh brabúis 5 % a fabhraíodh, agus diúltú sealadach éileamh Terex go raibh sé ag feidhmiú mar eintiteas eacnamaíoch aonair á chur san áireamh, mar a leagtar amach thuas.

3.7.3. *Comparáid*

(253) Ceanglaítear le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán ar an gCoimisiún comparáid chóir a dhéanamh idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin ar an leibhéal trádála céanna agus lamháltais a dhéanamh le haghaidh difríochtaí i bhfachtóirí a dhéanann difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna. Sa chás i dtrácht, roghnaigh an Coimisiún comparáid a dhéanamh idir gnáthluach agus praghas onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ar leibhéal na trádála díreach ón monarcha. Mar a mhínítear a thuilleadh thíos, i gcás inarb iomchuí, rinneadh an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin a choigeartú chun an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) iad a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal díreach ón monarcha agus (ii) na difríochtaí sna tosca a maíodh agus a léiríodh, a ghlacadh san áireamh, a dhéanann difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna.

3.7.3.1. Coigeartuithe arna ndéanamh ar an ngnáthluach

(254) Mar a mhínítear in aithris (246), suíodh an gnáthluach ar leibhéal na trádála díreach ón monarcha trí úsáid a bhaint as costais táirgthe mar aon le méideanna le haghaidh SGA agus brabús, a measadh a bheith réasúnta don leibhéal trádála sin. Dá bhrí sin, ní raibh gá le haon choigeartú chun an gnáthluach a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal díreach ón monarcha.

3.7.3.2. Coigeartuithe arna ndéanamh ar an bpraghas onnmhairiúcháin

(255) Chun an praghas onnmhairiúcháin a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal trádála díreach ón monarcha, rinneadh coigeartuithe mar gheall ar dhleacht chustaim, muirir eile ar allmhairí, lasta, costais lódála agus choimhdeacha, chomh maith le costais phacála,

(256) Rinneadh lamháltais do na tosca seo a leanas a dhéanann difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna: costas creidmheasa, costais bharánta agus ráthaíochta, costais le haghaidh cúnamh teicniúil agus seirbhísí, táillí bainc agus coimisiúin.

(257) Rinne an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, costais SGA;A agus brabús 5 % a asbhaint freisin, i gcomhréir le hAirteagal 2(9), a measadh a bheith réasúnta d'allmhaireoirí neamhghaolmhara (féach aithris (252) thuas).

(258) Mhaígh Terex China gur cheart caitheamh leis mar eintiteas eacnamaíoch aonair in éineacht le heintitis eile a bhaineann leis an ngrúpa corparáideach céanna ('Corparáid Terex'), a mhéid a bhaineann le ríomh an ghnáthluacha. De réir na cuideachta, feidhmíonn Terex China mar mhonaróir conartha Terex Global Gmbh (TGG), atá cláraithe san Eilvéis. Terex tSín ag fáil na n-amhábhar agus táirgí déantúsaíochta thar ceann TGG. Cuireann an grúpa Marcáil Chostais Plus Iomchuí i bhfeidhm in ionad brabús ar mhonaróirí conartha, is é 6 % an ráta marcála suas. De réir TGG, oibríonn cuideachtaí de chuid na n-eintiteas Terex éagsúil a bhfuil baint acu le táirgeadh agus díol MAE mar eintiteas eacnamaíoch aonair, d'ainneoin gur eintitis iad atá leithleach go dlíthiúil.

(259) Bainistíonn an grúpa a tháirgeadh domhanda go lárnach bunaithe ar an ionchur maidir le réamh-mheastachán díolacháin ó na cleamhnaithe éagsúla atá freagrach as díolacháin réigiúnacha. Ina theannta sin, níl aon chostais díola ag Terex China a bhaineann le díolacháin an Aontais toisc go bhfeidhmíonn cleamhnaithe an ghrúpa san Aontas mar an roinn díolacháin le haghaidh dhíolacháin an Aontais. Ar deireadh, níl aon teagmháil dhíreach ag Terex China le custaiméirí an Aontais ós rud é gurb iad a cleamhnaithe a ghrúpa a eagraíonn agus a dhéanann na díolacháin san Aontas.

(260) Rinne an Coimisiún athmheasúnú ar an maíomh agus ar an bhfianaise atá sa chomhad. De réir an Chomhaontaithe maidir le Seirbhísí Déantúsaíochta agus Soláthair idir Terex China agus TGG, tugann Terex China aisíocaíocht do TGG i gcás táirgí nach gcomhlíonann na sonraíochtaí riachtanacha. Thairis sin, déanfar aon díospóidí a eascróidh as an gComhaontú nó i dtaca leis a rialú agus a fhorléiriú de réir dhlíthe Stát Delaware, Stáit Aontaithe Mheiriceá. Thairis sin, bíonn praghas ceannaigh na dtáirgí a sholáthraíonn Terex do TGG nó dá chleamhnaithe bunaithe ar mhéid ar neamhthuilleamaí mar a chomhaontaítear idir na Páirtithe ó am go ham. Mheas an Coimisiún go léiríonn na gnéithe sin leasanna iomaíocha.

(261) Ina theannta sin, chinn an Coimisiún gur dhíol táirgeoirí eile seachas Terex China trí TGG freisin.

(262) Maidir leis an gcaidreamh idir Terex China agus TGG ar thaobh amháin, agus Genie France, cuideachta ghaolmhar, agus Terex Italia ar an taobh eile, áirítear ina gconarthaí íocaíocht uasmharcála ar neamhthuilleamaí 5-10 %, clásal lena bhforáiltear go bhfuil na páirtithe ag gníomhú mar chonraitheoirí neamhspleácha, clásal maidir le rogha dlí agus dlínse i gcás díospóide agus clásal lena sainítear an caidreamh idir na páirtithe mar 'díoltóir agus ceannaitheoir'.

(263) I bhfianaise na n-eilimintí thuas, diúltaíodh go sealadach d'éileamh na n-eintiteas éagsúil Terex a raibh baint acu le táirgeadh agus díol MAE agus atá ag feidhmiú mar eintiteas eacnamaíoch aonair.

3.7.4. *Corrlaigh dhumpála*

(264) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte, rinne an Coimisiún comparáid idir meánghnáthluach ualaithe gach cineáil den táirge comhchosúil agus an meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe a bhaineann le cineál comhfhreagrach an táirge ábhartha, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán.

(265) Ar an mbonn sin, is iad seo a leanas na meánchorrlaigh dhumpála ualaithe shealadacha arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorann an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach
Hunan Sinoboom Intelligent Equipment Co., Ltd.	55,3 %
Oshkosh JLG (Tianjin) Equipment Technology Co., Ltd.	54,5 %.
Terex (Changzhou) Machinery Co., Ltd.	41,1 %
Zhejiang Dingli Machinery Co., Ltd.	45,1 %

(266) Mar a míníodh in aithrisí (24) go (27) roimhe seo, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán, maidir le EPC, bhain an Coimisiún úsáid as na fíorais a bhí ar fáil. I gcás Sinoboom, a mhéid a bhaineann lena n-ábhair ionchuir cheannaithe, úsáideadh praghsanna tagarmhairc comhfhreagracha na n-ábhar ionchuir sin chun an gnáthluach a chinneadh.

(267) Maidir le JLG, mar gheall ar chur i bhfeidhm páirteach Airteagal 18, mar a léirítear in aithris (24) thuas, ríomhadh an gnáthluach bunaithe ar fhaisnéis a ríomhadh do tháirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte eile. Bhraith an Coimisiún ar rátaí úsáide na n-onnmhaireoirí sin mar aon le tagarmharcanna don Bhrasaíl. Cuireadh an gnáthluach ríofa i gcomparáid ansin le praghsanna onnmhairiúcháin JLG. I gcás Sinoboom, mar gheall ar chur i bhfeidhm páirteach Airteagal 18 (aithrisí (25) agus (26) thuas), leithdháileadh na costais de chineál COM amháin a thuairiscigh an chuideachta ar Chineálacha COM eile ag úsáid cóimheas leithdháilte ríofa (féach aithris (215)). Dá bhrí sin, 54,5 % agus 55,3 % faoi seach a bhí sna corrlaigh dumpála ríofa le haghaidh JLG agus Sinoboom. Ríomh an Coimisiún an meánchorrlach dumpála ualaithe, i gcomhréir le hAirteagal 9(6) den bhun-Rialachán, ar bhonn chorrlaigh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, ach gan aird a thabhairt ar na corrlaigh arna mbunú sna himthosca dá dtagraítear in Airteagal 18 den bhun-Rialachán.

(268) Ar an mbonn sin, is é 42 % corrlach dumpála sealadach na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha lasmuigh den sampla.

(269) Maidir le gach táirgeoir onnmhairiúcháin eile i sa tSín, shuigh an Coimisiún an corrlach dumpála ar bhonn na bhfíoras a bhí ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Chuige sin, chinn an Coimisiún leibhéal comhair na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin. Is ionann an leibhéal comhair agus an méid onnmhairí ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha chuig an Aontas arna shloinneadh mar chion de mhéid iomlán na n-allmhairí ón tír lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, arna suí ar bhonn Eurostat.

(270) Is ard an leibhéal comhoibrithe atá ann sa chás seo ós rud é go raibh níos mó ná 90 % de mhéid iomlán na n-allmhairí le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gceist le honnmhairí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha. Ar an mbonn sin, chinn an Coimisiún an corrlach dumpála a shocrú le haghaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin neamh-chomhoibríocha ar leibhéal na cuideachta a sampláladh agus a bhfuil an corrlach dumpála is airde aici.

(271) Is iad seo a leanas na corrlaigh dhumpála shealadacha, arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach
Cuideachtaí comhoibríocha eile	42 %
Gach cuideachta eile	55,3 %.

4. DÍOBHÁIL

4.1. **Aonaid agus codanna de na haonaid**

(272) Áirítear leis an táirge faoi imscrúdú a shainmhínítear i Roinn 2 aonaid (meaisíní iomlána) agus ranna de na haonaid araon. Mar sin féin, is ar aonaid amháin a dhírítear san anailís thíos ar na táscairí díobhála éagsúla, agus ní ar ranna aonair. Cé gur tháirg tionscal an Aontais idir aonaid agus ranna le linn na tréimhse faoi bhreathnú, níor dhíol sé ná níor cheannaigh sé ranna ar leithligh. Úsáidtear na hailt a tháirgtear i gcónaí le haghaidh cineál meaisín ar leith, a tháirgtear de ghnáth ar ordú. Dá bhrí sin, ní raibh an anailís díobhála bunaithe ach go sealadach ar aonaid.

4.2. **Sainiú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais**

(273) De réir an ghearánaigh, le linn na tréimhse imscrúdúcháin, mhonaraigh 22 tháirgeoir san Aontas an táirge comhchosúil. Is iad atá i gceist le 'tionscal an Aontais' de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.

(274) Suíodh táirgeacht iomlán an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin ag thart ar 35 000 aonad (meaisíní iomlána). Shuigh an Coimisiún an figiúr ar bhonn na faisnéise uile a bhí ar fáil maidir le tionscal an Aontais, eadhon an freagra fíoraithe ar an gceistneoir a fuarthas ón ngearánach, arna chros-seiceáil, i gcás inarbh fhéidir, leis na freagraí ar an gceistneoir ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais.

(275) Mar a léirítear i Roinn 1.5.1, roghnaíodh trí tháirgeoir de chuid an Aontais le haghaidh an tsampla, táirgeoirí a raibh 56 % de tháirgeacht iomlán an Aontais acu maidir leis an táirge comhchosúil.

4.3. **Tomhaltas an Aontais**

(276) Shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais ar bhonn an méid seo a leanas:

— na sonraí díolacháin a bhaineann le díolacháin thionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais, arna soláthar ag CMAE agus arna gcros-seiceáil le sonraí fíoraithe tháirgeoirí sampláilte an Aontais;

— na cainníochtaí díolacháin arna soláthar ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha le haghaidh allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne ([86]) agus

— na hallmhairí ó gach tríú tír eile, mar atá taifeadta i mbunachar sonraí Comext Eurostat. ([87])

(277) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar thomhaltas an Aontais:

Tábla 2

Tomhaltas an Aontais (in aonaid)

	2020	2021	2022	An Tréimhse Imscrúdúcháin
Tomhaltas iomlán an Aontais	28 481	45 725	58 226	63 086
Innéacs	*100*	*161*	*204*	*222*

Foinse: CMAE, freagraí ar an gceistneoir ó na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais, sonraí arna soláthar ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha, Eurostat.

(278) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú 122 % ar thomhaltas an Aontais.

4.4. **Allmhairí ón tír lena mbaineann**

4.4.1. *Méid agus sciar de mhargadh na n-allmhairí ón tír lena mbaineann*

(279) Bhí allmhairí ón tSín bunaithe ar na sonraí a sholáthair na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha a measadh go bhfuil 100 % d'allmhairí chuig an Aontas acu.

(280) Suíodh an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí na Síne trí mhéideanna allmhairí a chur i gcomparáid le tomhaltas mhargadh an Aontais de réir Thábla 2 thuas.

(281) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar allmhairí isteach san Aontas ón tír lena mbaineann:

Tábla 3

Méid na n-allmhairí agus an sciar den mhargadh

	2020	2021	2022	An Tréimhse Imscrúdúcháin
Méid na n-allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne (aonaid)	10 401	23 124	31 233	33 946

([86]) Meastar go bhfuil beagnach 100 % de na hallmhairí chuig an Aontas ón tSín ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha.

([87]) Tuairiscíodh staitisticí allmhairí in Comext i dtonaí. Thiontaigh an Coimisiún na tonaí ina n-aonaid ar bhonn cóimheas comhshó a suíodh ar bhonn shonraí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha.

	2020	2021	2022	An Tréimhse Imscrúdúcháin
Innéacs	*100*	*222*	*300*	*326*
Sciar den mhargadh %	37	51	54	54
Innéacs	*100*	*138*	*147*	*147*

Foinse: Sonraí arna soláthar ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha

(282) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú 226 % ar an méid allmhairí den táirge lena mbaineann ón tSín agus tháinig méadú ar a sciar den mhargadh ó 37 % in 2020 go 54 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin, arb ionann é agus méadú 47 %.

4.4.2. *Praghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann:sladghearradh praghais agus cúngú praghsanna*

(283) Shuigh an Coimisiún praghsanna na n-allmhairí ar bhonn sonraí a sholáthair na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha a measadh a bheith gar do 100 % d'allmhairí chuig an Aontas.

(284) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghas ualaithe na n-allmhairí isteach san Aontas ón tír lena mbaineann:

Tábla 4

Praghas allmhairiúcháin (EUR/aonad)

	2020	2021	2022	An Tréimhse Imscrúdúcháin
Praghas na n-allmhairí ón tSín (in aghaidh an aonaid)	11 149	12 257	17 502	17 879
Innéacs	*100*	*110*	*157*	*160*

Foinse: Sonraí arna soláthar ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha

(285) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú 60 % ar mheánphraghas na n-allmhairí ón tSín, ag sroicheadh leibhéal 17 879 EUR/aonad le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(286) Chinn an Coimisiún an sladghearradh praghais le linn na tréimhse imscrúdúcháin trí chomparáid a dhéanamh idir na nithe seo a leanas:

— na meánphraghsanna díola ualaithe in aghaidh chineál táirge na dtrí tháirgeoir onnmhairiúcháin shampláilte san Aontas arna ngearradh ar chustaiméirí neamhchomhlachaithe ar mhargadh an Aontais, arna gcoigeartú de réir an phraghais díreach ón monarcha; agus

— na meánphraghsanna ualaithe comhfhreagracha in aghaidh an chineáil táirge i gcás na n-allmhairí ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte sa tSín arna ngearradh ar an gcéad chustaiméir neamhspleách ar mhargadh an Aontais, arna suí ar bhonn chostais, árachais agus last-táille (CAL), mar aon le coigeartuithe iomchuí de réir dleachtanna custaim agus costais iar-allmhairiúcháin.

(287) Rinneadh an chomparáid praghsanna le haghaidh an chineáil táirge chéanna le haghaidh idirbhearta ar an leibhéal trádála céanna, arna gcoigeartú go cuí i gcás inar ghá. Sloinneadh toradh na comparáide mar chéatadán de láimhdeachas teoiriciúil na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ar bhonn a bhfuil thuas, suíodh meánchorrlach sladghearrtha ualaithe 13,4 % le haghaidh allmhairí dumpáilte na Síne ar mhargadh an Aontais.

(288) In aon chás, gan beann ar shladghearradh praghais a bheith ann, shuigh an Coimisiún go sealadach gur chuir allmhairí na Síne cosc suntasach ar phraghsanna thionscal an Aontais, ar ghá dó díol ar chostais faoi bhun na gcostas le linn na tréimhse imscrúdaithe. Tá na corrlaigh ghearrdhíola in aghaidh an táirgeora onnmhairiúcháin shampláilte suntasach.

4.5. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

4.5.1. *Barúlacha ginearálta*

(289) I gcomhréir le hAirteagal 3(5) den bhun-Rialachán, sa scrúdú ar thionchar na n-allmhairí dumpáilte ar thionscadal an Aontais, áiríodh meastóireacht ar na táscairí eacnamaíocha uile a raibh baint acu le staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(290) Mar a luaitear in aithris 1.5.1, baineadh úsáid as sampláil chun a chinneadh ar bhain aon díobháil do thionscal an Aontais.

(291) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí maicreacnamaíocha ar bhonn na sonraí a bhí sa ghearán agus ar bhonn fhreagra an ghearánaigh ar cheistneoir sonrach. Na sonraí a bhaineann le táirgeoirí uile an Aontais. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn na sonraí sna freagraí a thug na táirgeoirí sampláilte san Aontas ar an gceistneoir. Fuarthas go raibh an dá thacar sonraí ionadaíoch ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais.

(292) Is iad seo a leanas na táscairí maicreacnamaíocha: an táirgeacht, an acmhainneacht táirgeachta, an úsáid acmhainneachta, an méid díolachán, an sciar den mhargadh, an fás, an fhostaíocht, an táirgiúlacht agus méid an chorrlaigh dumpála.

(293) Seo a leanas na táscairí micreacnamaíocha: meánphraghsanna aonaid, costas aonaid, costais saothair, fardail, brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí, agus an cumas caipiteal a chruinniú.

4.5.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

4.5.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(294) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 5

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2020	2021	2022	An Tréimhse Imscrúdúcháin
An méid táirgeachta (aonaid)	17 743	26 427	32 349	35 402
Innéacs	*100*	*149*	*182*	*200*
Cumas táirgeachta	70 732	70 762	73 152	75 111
Innéacs	*100*	*100*	*103*	*106*
Úsáid acmhainneachta (aonaid) %	25	37	44	47
Innéacs	*100*	*149*	*176*	*188*

Foinse: CMAE, freagraí ar an gceistneoir ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais

(295) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú 100 % ar tháirgeacht thionscal an Aontais agus bhain sé amach níos mó ná 35 000 aonad le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Bhí tionchar dearfach ag an méadú ar an táirgeacht ar an úsáid acmhainneachta, ar tháinig méadú 88 % uirthi le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

4.5.2.2. An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

(296) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid díolachán a bhí ag tionscal an Aontais agus a sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 6

An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

	2020	2021	2022	An Tréimhse Imscrúdúcháin
An méid díolachán ar mhargadh an Aontais (aonaid)	14 675	18 214	22 048	23 794
Innéacs	*100*	*124*	*150*	*162*
Sciar den mhargadh %	52	40	38	38
Innéacs	*100*	*77*	*73*	*73*

Foinse: CMAE, freagraí ar an gceistneoir ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais

(297) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú 62 % ar mhéid díolachán tháirgeoirí an táirge lena mbaineann san Aontas. Mar sin féin, ós rud é nach raibh siad in ann tairbhe iomlán a bhaint as an méadú ar thomhaltas an Aontais de 122 % (féach Tábla 2), tháinig laghdú 27 % ar an sciar den mhargadh a bhí ag táirgeoirí an Aontais.

4.5.2.3. Fás

(298) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú 122 % ar thomhaltas an táirge lena mbaineann. Le linn na tréimhse céanna, tháinig laghdú thart ar 27 % ar an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais, agus tháinig méadú 47 % ar an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí an táirge lena mbaineann ón tSín. Cé gur tháinig méadú ar tháirgeacht agus ar dhíolacháin thionscal an Aontais i ndearbhthéarmaí, ní raibh siad in ann tairbhe a bhaint as tomhaltas méadaithe an Aontais i dtéarmaí sciar den mhargadh. Os a choinne sin, chaill tionscal an Aontais sciar den mhargadh agus, dá bhrí sin, ní raibh sé in ann a sheasamh a choinneáil fiú.

4.5.2.4. Fostaíocht agus táirgiúlacht

(299) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar fhostaíocht agus táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 7

Fostaíocht agus táirgiúlacht

	2020	2021	2022	An Tréimhse Imscrúdúcháin
An líon fostaithe	2 215	2 624	3 027	3 099
Innéacs	*100*	*118*	*137*	*140*
Táirgiúlacht (aonad/FTE)	8	10	11	11
Innéacs	*100*	*126*	*133*	*143*

Foinse: CMAE, freagraí ar an gceistneoir ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais

(300) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú 40 % ar an bhfostaíocht san Aontas. In éineacht leis an méadú ar tháirgiúlacht (43 %), tháinig méadú 100 % ar an táirgeacht le linn na tréimhse céanna (féach Tábla 5).

4.5.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála

(301) Bhí na corrlaigh dhumpála uile a suíodh go sealadach (féach Roinn 3.6.4) go mór os cionn an leibhéil de minimis. Ba mhór an tionchar a bhí ag méid na gcorrlach dumpála iarbhír ar thionscal an Aontais, i bhfianaise mhéid agus phraghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann.

4.5.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

(302) Bhí dhá cheann de tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais mar chuid den ghrúpa céanna. Dá bhrí sin, ní raibh sa sampla ach dhá oibreoir eacnamaíocha éagsúla. Dá bhrí sin, ghlac an Coimisiún leis an iarraidh ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais an fhaisnéis a sholáthar i raon ar chúiseanna rúndachta.

4.5.3.1. Praghsanna agus tosca lena ndéantar difear do phraghsanna

(303) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghsanna díola aonaid ualaithe na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 8

Praghsanna díola san Aontas

	2020	2021	2022	An Tréimhse Imscrúdúcháin
Meánphraghas san Aontas i raonta (EUR/ aonad)	(30 000 - 35 000)	(30 000 - 35 000)	(30 000 - 35 000)	(35 000 - 40 000)
Innéacs	*100*	*102*	*105*	*116*
An costas táirgthe i raonta (EUR/aonad)	(30 000 - 35 000)	(30 000 - 35 000)	(35 000 - 40 000)	(35 000 - 40 000)
Innéacs	*100*	*101*	*114*	*114*

Foinse: Freagraí ceistneora ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais.

(304) Léirítear sa tábla thuas éabhlóid an phraghais díola aonaid ar mhargadh an Aontais i gcomparáid leis an gcostas comhfhreagrach táirgthe le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(305) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú suntasach ar phraghsanna na dtosca táirgeachta. Bhain an méadú costais de níos mó ná 30 % go príomha le praghsanna cruach, leathsheoltóirí agus fuinnimh. Ós rud é gur tháinig méadú ar an úsáid táirgeachta ó leibhéal an-íseal in 2020 (25 %) go 47 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin, agus ós rud é gur fhan na costais sheasta mar an gcéanna, tháinig méadú níos lú ar na costais fhoriomlána.

(306) Ag an am céanna, tháinig méadú 200 % ar mhéid allmhairí MAE ón tSín idir 2020 agus 2022 (féach Tábla 3) ar phraghsanna a bhí go mór faoi bhun phraghsanna thionscal an Aontais (féach Tábla 4). Chuir an brú praghsanna sin cosc ar thionscal an Aontais praghsanna a mhéadú chun na costais mhéadaitheacha a léiriú. Mar thoradh air sin, cuireadh iallach ar thionscal an Aontais a phraghsanna a shocrú ar leibhéal íseal nach raibh inbhuanaithe ionas nach gcaillfeadh sé an iomarca sciar den mhargadh. Dá bhrí sin, cé nach bhfuil sé le feiceáil go díreach ó Thábla 8 mar gheall ar na raonta, ar an meán, bhí na costais táirgthe níos airde ná na praghsanna díola le linn na tréimhse iomláine. Dá réir sin, le linn na tréimhse faoi bhreathnú, lean tionscal an Aontais de bheith ag feidhmiú ar chaillteanais (féach Tábla 11), fiú i gcás ina raibh borradh faoin margadh agus méadú ar dhíolacháin. I ngnáthdhálaí an mhargaidh, i.e. in éagmais allmhairí a bheith ag méadú go mór ar phraghsanna ísle éagóracha, bheadh tionscal an Aontais in ann tairbhe a bhaint as staid bhrabúsach agus filleadh uirthi.

(307) Tháinig méadú 16 % ar mheánphraghsanna díola aonaid thionscal an Aontais le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas agus tháinig méadú 14 % ar mheánchostas táirgthe thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ba é an príomhthoisc a raibh tionchar aige ar an méadú ar an gcostas táirgthe an méadú ar phraghas an amhábhair le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ar an meán, bhí na costais táirgthe níos airde ná na praghsanna díola le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

4.5.3.2. Costais saothair

(308) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánchostais saothair na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 9

Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí

	2020	2021	2022	An Tréimhse Imscrúdúcháin
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR)	(50 000 – 60 000)	(50 000 – 60 000)	(60 000 – 70 000)	(60 000 – 70 000)
Innéacs	*100*	*98*	*102*	*107*

Foinse: Freagra ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais

(309) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú 7 % ar na meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí.

4.5.3.3. Fardail

(310) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar leibhéil stoic na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 10

Fardail

	2020	2021	2022	An Tréimhse Imscrúdúcháin
Stoic dheiridh (tonaí)	(1 000 – 1 500)	(1 000 –1 500)	(1 000 -1 500)	(1 500 – 2 000)
Innéacs	*100*	*78*	*102*	*130*
Stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht %	5 -10	0 -5	0 -5	5 -10
Innéacs	*100*	*52*	*56*	*65*

Foinse: Freagraí ceistneora ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais.

(311) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, bhí éagsúlach ar leibhéal an stoic deiridh. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, bhí sé 30 % níos airde i gcomparáid le 2020. Tháinig laghdú 35 % ar an stoc deiridh mar chéatadán den táirgeacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(312) Táirgeann tionscal an Aontais formhór na gcineálacha táirgí den táirge comhchosúil bunaithe ar orduithe sonracha ó na húsáideoirí. Dá bhrí sin, ní mheastar stoic a bheith ina dtáscaire díobhála fóinteach don tionscal sin.

4.5.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a chruinniú

(313) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar bhrabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus an toradh ar an infheistíochtaí ag na táirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 11

Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí

	2020	2021	2022	An Tréimhse Imscrúdúcháin
Cumas tuillimh	[(- 5 %)-0 %]	[(- 5 %)-0 %]	[(- 15 %) - (- 10 %)]	[(- 5 %)-0 %]
Innéacs	*100*	*127*	*- 85*	*141*
Sreabhadh airgid (1 000)	[40 000 - 50 000]	[20 000 – 30 000]	[(- 30 000) - (- 20 000)]	[- 30 000 – (- 20 000)]
Innéacs	*100*	*53*	*- 49*	*- 46*
Infheistíochtaí (1 000)	[30 000 – 40 000]	[10 000 – 20 000]	[10 000 – 20 000]	[10 000 – 20 000]
Innéacs	*100*	*43*	*42*	*36*
Toradh ar infheistíochtaí	[5 %-10 %]	[35 % -40 %]	[(- 45 %) – (-40 %)]	[(- 35 %) – (-30 %)]
Innéacs	*100*	*408*	*- 424*	*- 330*

Foinse: Freagra ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais

(314) Shuigh an Coimisiún brabúsacht na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas trí ghlanbhrabús roimh cháin ó dhíolacháin an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin.

(315) In 2020, bhí tionchar cheana féin ag an méadú ar allmhairí ón tSín a thosaigh in 2018 ar staid airgeadais thionscal an Aontais. Mar a mhínítear i Roinn 4.5.3.1, chuir an brú praghsanna ó allmhairí éagóracha ar mhargadh an Aontais cosc ar thionscal an Aontais praghsanna a mhéadú chun na costais mhéadaitheacha a léiriú. Mar thoradh air sin, bhí ar thionscal an Aontais a phraghsanna a shocrú ag leibhéal íseal nach raibh inbhuanaithe chun méid leordhóthanach a choinneáil. Ós rud é nach bhféadfadh tionscal an Aontais, faoi bhrú allmhairí ar phraghas íseal ón tSín, a tháirgeacht a mhéadú, léiríodh é sin in úsáid íseal-acmhainneachta, a mhéadaigh ó 25 % in 2020 go 47 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin, ach a d'fhan faoi bhun 50 % i gcomparáid le húsáid acmhainneachta tháirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte na Síne a bhí, ag brath ar an gcuideachta agus ar an mbliain, idir 53 % agus 99 %.

(316) Cé gur tháinig feabhas 27 % ar an mbrabúsacht in 2021, bhí tionscal an Aontais fós ag cailleadh airgid. In 2022, chuaigh staid airgeadais thionscal an Aontais in olcas, de réir mar a tháinig laghdú 185 % ar an mbrabúsacht. Ba é ba chúis leis an laghdú ar bhrabúsacht in 2022 an méadú neamhghnách ar chostais táirgthe arna spreagadh ag praghsanna méadaithe amhábhar in éineacht leis an bhfíoras go raibh praghsanna díolacháin bunaithe ar thréimhse áirithe ama. Dá bhrí sin, níorbh fhéidir na praghsanna díola a mhéadú dá réir, rud a d'fhág go raibh caillteanais mhóra ann. Dá bhrí sin, d'ainneoin an mhargaidh atá ag leathnú agus an mhéadaithe ollmhóir ar thomhaltas, ní raibh tionscal an Aontais in ann coinneáil suas leis an méadú leanúnach ar chostais. Chuaigh an staid sin in olcas in 2022. Mar thoradh air sin, tháinig méadú ar an mbrabúsacht fhoriomlán le linn na tréimhse faoi bhreathnú ach d'fhan sí diúltach le linn na tréimhse imscrúdúcháin - idir [(-5 %) - 0 %]. Tháinig laghdú suntasach (de 146 %) ar an sreabhadh airgid agus ag an am céanna, tháinig laghdú 64 % ar leibhéal na n-infheistíochtaí bliantúla le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Lean an toradh ar infheistíochtaí an treocht anuas chéanna, tháinig laghdú 440 % air le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

4.5.3.5. Conclúid maidir le díobháil

(317) De réir an ghearánaigh, bhí tionchar mór ag staid na paindéime ar an mbliain 2020, a glacadh mar phointe tagartha don anailís ar threochtaí, agus bhí gníomhaíochtaí thionscal an Aontais ar an leibhéal is ísle le deich mbliana anuas. Dá bhrí sin, ní raibh sa mhéadú ar tháscairí ó 2020 léiriú ar thionscal a bhí ag fás, ach téarnamh ar ais go dtí an leibhéal gníomhaíochtaí a bhí ann roimhe sin.

(318) Go deimhin, deimhníodh leis na sonraí a chuir an gearánach isteach le haghaidh 2019 go raibh táirgeacht agus díolacháin thionscal an Aontais an-íseal in 2020 – in 2019, bhí méid táirgeachta tháirgeoirí an Aontais cosúil le leibhéal na táirgeachta le linn na tréimhse imscrúdúcháin, agus tháinig laghdú 14 % ar dhíolacháin thionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais idir 2019 agus an tréimhse imscrúdúcháin. Mar sin féin, ós rud é go raibh tionchar ag staid na paindéime ar an mbliain tagartha 2020, léirigh roinnt táscairí méadú sa tréimhse faoi bhreathnú. Go háirithe, tháinig méadú 100 % ar tháirgeacht thionscal an Aontais agus tháinig méadú 62 % ar a dhíolacháin ar mhargadh an Aontais.

(319) D'ainneoin an mhéadaithe shuntasaigh ar thomhaltas an Aontais maidir leis an táirge lena mbaineann le linn na tréimhse faoi bhreathnú (méadú 122 %), ní raibh tionscal an Aontais in ann a dhíolacháin a mhéadú dá réir sin chun a sciar den mhargadh a choinneáil ar bun ar a laghad. Os a choinne sin, mar gheall ar allmhairí na Síne ar phraghsanna dumpáilte suntasacha le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú ar sciar margaidh thionscal an Aontais ó 52 % go 38 %. Ag an am céanna, tháinig méadú suntasach ar an méid allmhairí ón tSín, faoi 226 %, sa tréimhse chéanna agus tháinig méadú ar a sciar den mhargadh ó 37 % go 54 %. I dteannta na gcaillteanas arna dtabhú ag tionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig forbairt dhiúltach ar tháscairí díobhála eile amhail sreabhadh airgid, leibhéal infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí freisin.

(320) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ag an gcéim sin gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán.

5. CÚISÍOCHT

(321) I gcomhréir le hAirteagal 3(6) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an ndearnadh díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann. I gcomhréir le hAirteagal 3(7) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún freisin an bhféadfadh sé go ndearna tosca aitheanta eile dochar do thionscal an Aontais san am céanna. Aon díobháil fhéideartha, ar tosca eile ba chúis léi seachas na hallmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann, d'áirithigh an Coimisiún nár cuireadh an díobháil sin síos do na hallmhairí dumpáilte. Scrúdaigh an Coimisiún allmhairí ó thríú tíortha agus feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais. Níorbh eol gurb ann d'aon toisc eile a d'fhéadfadh a bheith ina cúis leis an díobháil do thionscal an Aontais.

5.1. **Éifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte**

(322) Mar a leagtar amach i Roinn 4.3.1, tháinig méadú suntasach ar mhéideanna allmhairí an táirge lena mbaineann ón tSín le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Le praghsanna na n-allmhairí rinneadh sladghearradh 13,4 % ar an meán ar phraghsanna thionscal an Aontais freisin. Dá bhrí sin, ní raibh tionscal an Aontais in ann a sciar den mhargadh a choinneáil ná a mhéadú, agus ní raibh sé in ann tairbhe a bhaint as tomhaltas méadaithe an táirge lena mbaineann ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Bhí tionchar tromchúiseach ag an staid sin ar bhrabúsacht thionscal an Aontais, rud a bhí diúltach le linn na tréimhse ar fad faoi bhreathnú.

(323) Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún go sealadach go raibh tionchar diúltach ag na hallmhairí dumpáilte sin ar staid thionscal an Aontais.

5.2. **Éifeachtaí tosca eile**

(324) Scrúdaigh an Coimisiún freisin an raibh tosca aitheanta eile, ina n-aonar nó i dteannta a chéile, in ann an nasc cúisíoch a suíodh idir na hallmhairí dumpáilte a mhaolú sa chaoi nach mbeadh an nasc sin fíor ná substaintiúil a thuilleadh.

5.2.1. *Allmhairí ó thíortha eile*

(325) Shuigh an Coimisiún na hallmhairí ó thríú tíortha eile ar bhonn sonraí ó Eurostat. Ós rud é nár tuairiscíodh na sonraí le haghaidh na n-allmhairí sin faoi chuid de na cóid AC ach i dtonaí (agus ní in aonaid), níorbh fhéidir leis an gCoimisiún méideanna agus praghsanna in aghaidh an aonaid a shuí, mar a rinneadh le haghaidh thionscal an Aontais agus le haghaidh allmhairí ón tSín, bunaithe ar shonraí arna soláthar ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte. Dá bhrí sin, níorbh fhéidir méideanna agus praghsanna na n-allmhairí ó thríú tíortha eile a chur i gcomparáid go díreach le méideanna agus praghsanna thionscal an Aontais agus allmhairí ón tSín agus, dá bhrí sin, ní raibh siad ach táscach, cé go raibh na treochtaí bunaithe ar na méideanna agus na praghsanna sin le linn na tréimhse faoi bhreathnú cruinn. Chun na sciartha den mhargadh a shuí, áfach, d'úsáid an Coimisiún fachtóir coinbhéartachta ó thonaí ina n-aonaid bunaithe ar shonraí tháirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha na Síne ([88]). A mhéid a bhaineann le praghsanna, níor mheas an Coimisiún go raibh sé sin cruinn, ós rud é, i bhfianaise na ndifríochtaí i meascán táirgí, nach dtiocfadh praghsanna cruinne in aghaidh an aonaid as fachtóir coinbhéartachta a úsáid.

(326) Seachas an tSín, allmhairíodh an táirge lena mbaineann chuig an Aontas ó roinnt tíortha eile, a bhfuil 8 % den sciar den mhargadh sa tréimhse imscrúdúcháin acu le chéile:

Tábla 12

Allmhairí ó thíortha eile

Tír		2020	2021	2022	An Tréimhse Imscrúdúcháin
an Ríocht Aontaithe	Méid (i dtonaí)	0	5 291	6 827	8 497
	Innéacs	-	*100*	*129*	*161*
	Sciar den mhargadh %	0	2	2	3
	Meánphraghas (EUR/tona)	0	5,90	5,22	5,76
	Innéacs	-	*100*	*89*	*98*
na Stáit Aontaithe	Méid (i dtonaí)	9 104	8 164	7 985	8 052
	Innéacs	*100*	*90*	*88*	*88*
	Sciar den mhargadh %	7	4	3	3
	Meánphraghas (EUR/tona)	2,41	2,18	2,94	2,35
	Innéacs	*100*	*122*	*122*	*98*
Tríú tíortha eile	Méid (i dtonaí)	7 540	7 986	9 362	9 586
	Innéacs	*100*	*106*	*124*	*127*
	Sciar den mhargadh%	5	4	3	3
	Meánphraghas (EUR/tona)	5,76	5,67	5,88	6,01
	Innéacs	*100*	*102*	*102*	*104*

([88]) D'úsáid an Coimisiún fachtóir coinbhéartachta 4 888 kg in aghaidh an aonaid.

Tír		2020	2021	2022	An Tréimhse Imscrúdúcháin
Iomlán na dtríú tíortha uile seachas an tSín	Méid (i dtonaí)	16 643	21 442	24 174	26 135
	Innéacs	*100*	*129*	*145*	*157*
	Sciar den mhargadh%	12	10	8	8
	Meánphraghas (EUR/tona)	3,93	4,40	4,72	4,80
	Innéacs	*100*	*120*	*120*	*122*

Foinse: Eurostat.

(327) Cé is moite den tSín, ba iad na Stáit Aontaithe agus an Ríocht Aontaithe an chéad dá thír allmhairíochta eile is mó chuig an Aontas, agus bhí sciar 3 % den mhargadh acu araon sa tréimhse imscrúdúcháin. Bhí sciar den mhargadh thart ar 3 % ag na tíortha eile (seachas an tSín) le chéile le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Tháinig méadú 22 % ar phraghsanna allmhairí ó na tíortha sin le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(328) I ndearbhthéarmaí, tháinig méadú 57 % ar leibhéal na n-allmhairí ó na tríú tíortha uile seachas Daon-Phoblacht na Síne, mar gheall ar an tomhaltas méadaithe ar mhargadh an Aontais, áfach, tháinig laghdú 4 phointe céatadáin ar sciar margaidh na dtíortha sin uile le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus bhí siad i bhfad níos ísle ná sciar margaidh na n-allmhairí Síneacha.

(329) Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún go sealadach nár chuir allmhairí ó thíortha eile leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais.

5.2.2. *Feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais*

(330) Rinne an Coimisiún measúnú ar mhéid na n-onnmhairí ar bhonn na faisnéise a chuir CMAE isteach. Cinneadh praghsanna onnmhairiúcháin ar bhonn na bhfreagraí ar an gceistneoir ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais.

(331) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mhéid agus ar phraghsanna na n-onnmhairí ó thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 13

Feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais

	2020	2021	2022	An Tréimhse Imscrúdúcháin
Méid na n-onnmhairí (aonaid)	4 037	8 303	10 127	11 658
Innéacs	*100*	*206*	*251*	*288*
Meánphraghas (EUR/tona)	(30 000 - 35 000)	(35 000 - 40 000)	(30 000 - 35 000)	(30 000 - 35 000)
Innéacs	*100*	*106*	*103*	*93*

Foinse: CMAE, freagraí ar an gceistneoir ó tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(332) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú 188 % ar mhéid onnmhairiúcháin thionscal an Aontais. Mar sin féin, mar a luaitear i Roinn 4.4.3.5, in 2020 bhí tionchar mór ag staid na paindéime ar thionscal an Aontais, rud a d'imir tionchar ar leibhéal a onnmhairí. Roimh an bpaindéim, bhí leibhéal a n-onnmhairí cosúil leis an leibhéal a baineadh amach in 2021.

(333) Tháinig laghdú 7 % ar na meánphraghsanna onnmhairiúcháin le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus bhí siad, le linn na tréimhse imscrúdúcháin, faoi bhun mheánchostas an táirgthe. Mar sin féin, bhí na praghsanna onnmhairiúcháin sin in aghaidh an aonaid éagsúil ó thart ar EUR 13 000 in aghaidh an aonaid go EUR 49 000 in aghaidh an aonaid.

(334) Ar an iomlán, léirigh an t-imscrúdú go raibh formhór dhíolacháin onnmhairiúcháin tháirgeoirí sampláilte an Aontais brabúsach. Mar sin, thángthas ar an gconclúid go raibh feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais dearfach agus nach bhféadfadh sé cur leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais.

5.2.3. *Meaisíní leictreacha agus hibrideacha*

(335) Mar a luaitear i Roinn 2.4.1 thuas, d'áitigh CCCME gur cheart an MAE leictreach agus hibrideach a eisiamh ó raon feidhme an táirge. D'áitigh sé gur dhírigh táirgeoirí an Aontais go traidisiúnta ar MAE traidisiúnta agus gur dhírigh táirgeoirí na Síne ar MAE leictreach a onnmhairiú. Thairis sin, d'áitigh CCCME nár tháirg táirgeoirí an Aontais cuid de na samhlacha (féach aithris (39)) agus, dá bhrí sin, nach bhféadfadh allmhairiú na samhlacha MAE sin ón tSín agus allmhairiú MAE leictrigh i gcoitinne difear a dhéanamh don deighleog mhargaidh sin agus nach bhféadfadh siad aon díobháil a dhéanamh do tháirgeoirí an Aontais.

(336) Níor aontaigh an Coimisiún leis sin. Léirigh an chomparáid idir na cineálacha táirgí arna n-allmhairiú ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte agus na cineálacha táirgí arna ndíol ag tionscal an Aontais go raibh, i dtéarmaí ginearálta, níos mó ná 90 % de na cineálacha táirgí arna ndíol ag táirgeoirí sampláilte an Aontais inchomparáide leis na cineálacha táirgí arna n-allmhairiú ón tSín. Thairis sin, le linn na tréimhse imscrúdaithe, bhain níos mó ná 60 % de dhíolacháin tháirgeoirí sampláilte an Aontais ar mhargadh an Aontais le MAE leictreach. Thug an Coimisiún dá aire freisin go raibh díolacháin an MAE hibridigh ag tionscal an Aontais agus ag táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne araon neamhdhiomaibhseach. Dá bhrí sin, bhí an MAE leictreach a dhíol táirgeoirí an Aontais in iomaíocht leis na cineálacha táirgí a dhíolann táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne.

(337) Ina theannta sin, mheas an Coimisiún gurbh é an éifeacht a bhí ag allmhairí meaisíní leictreacha atá réasúnta níos saoire, amhail siosúr leictreach, mar shampla, gur éirigh sé níos neamh-inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de do tháirgeoirí an Aontais dul in iomaíocht le cineálacha áirithe táirgí. Dá bhrí sin, ós rud é gur táirgeadh cineálacha áirithe táirgí níos lú, ní fhéadfaí teacht ar an gconclúid nach raibh na cineálacha táirgí sin in iomaíocht leis na hallmhairí ón tSín ach gurbh é éifeacht na n-allmhairí dumpáilte é.

(338) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur chuir allmhairí dumpáilte MAE leictrigh ón tSín leis an díobháil a rinneadh do thionscal an Aontais.

5.3. **Conclúid maidir le cúisíocht**

(339) Rinne an Coimisiún idirdhealú agus deighilt idir éifeacht na dtosca aitheanta uile ar staid thionscal an Aontais agus éifeachtaí díobhálacha na n-allmhairí dumpáilte. Bhí tionchar na dtosca eile sin, más ann dóibh, ar fheidhmíocht thionscal an Aontais teoranta, áfach.

(340) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, shuigh an Coimisiún nasc cúisíoch go sealadach idir an díobháil a bhain do thionscal an Aontais agus na hallmhairí dumpáilte ón tSín, rud nár maolaíodh leis na tosca a luaitear thuas.

6. LEIBHÉAL NA MBEART

(341) Chun leibhéal na mbeart a chinneadh, scrúdaigh an Coimisiún ar leor dleacht is lú ná an corrlach dumpála chun deireadh a chur leis an díobháil do thionscal an Aontais de dheasca allmhairí dumpáilte.

(342) Sa chás seo, mhaígh na gearánaigh go raibh saobhadh amhábhar ann de réir bhrí Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán.

(343) Ag an gcéim seo, shuigh an Coimisiún go sealadach nach ann do na coinníollacha chun Airteagal 7(2a) a chur i bhfeidhm. Leanfaidh an Coimisiún den ábhar a imscrúdú ag céim chinntitheach.

(344) Dá bhrí sin, ag an gcéim shealadach, socraíodh na dleachtanna frithdhumpála sealadacha i gcomhréir le hAirteagal 7(2) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, chun an measúnú a dhéanamh ar leibhéal iomchuí na mbeart, shuigh an Coimisiún ar dtús an méid dleachta ba ghá chun go gcuirfí deireadh leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais in éagmais saobhadh faoi Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán. Scrúdaigh sé ansin an mbeadh corrlach dumpála na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte níos airde ná an corrlach díobhála.

6.1. Scrúdú ar an gcorrlach a bheadh leordhóthanach chun deireadh a chur leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais

(345) Thiocfadh deireadh leis an díobháil dá bhféadfadh tionscal an Aontais spriocbhrabús a bhaint amach trí dhíol ar spriocphraghas de réir bhrí Airteagal 7(2c) agus Airteagal 7(2d) den bhun-Rialachán.

(346) I gcomhréir le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán, chun an spriocbhrabús a shuí, chuir an Coimisiún na tosca seo a leanas san áireamh: leibhéal na brabúsachta roimh an méadú ar allmhairí ón tír lena mbaineann, leibhéal na brabúsachta is gá chun costais agus infheistíochtaí iomlána a chumhdach, taighde agus forbairt (T&F) agus nuálaíocht, agus leibhéal na brabúsachta a mbeadh coinne leis faoi ghnáthdhálaí iomaíochta. Níor cheart an corrlach brabúis sin a bheith níos ísle ná 6 %.

(347) D'áitigh an gearánach, bunaithe ar réamhfheidhmíocht thionscal an Aontais, gur cheart brabús réasúnta 10,2 % a mheas faoi ghnáthdhálaí an mhargaidh. Níor léiríodh an leibhéal sin de spriocbhrabús, áfach, ná níor tacaíodh leis le torthaí an imscrúdaithe.

(348) Ina theannta sin, cuireadh faisnéis maidir le bunú an ghnáthbhrabúis san áireamh sa cheistneoir a seoladh chuig táirgeoirí sampláilte an Aontais. Áiríodh leis sin brabúsacht an táirge chomhchosúil sna 10 mbliana roimh an tréimhse imscrúdúcháin.

(349) Sholáthair táirgeoir amháin de chuid an Aontais a sampláladh spriocbhrabús 17,7 % a bhí bunaithe, áfach, ar chostais athraitheacha chaighdeánacha seachas ar bhrabús réadaithe. Dá bhrí sin, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún an brabús sin a chur san áireamh. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún úsáid a bhaint as an mbrabús a bhain dhá cheann de na táirgeoirí sampláilte amach don Eoraip in 2018 a bhí gaolmhar le díolacháin MAE, ó bhí an bhliain 2018 ann de réir tháirgeoirí MAE an bhliain dheireanach a tháinig roimh bhorradh allmhairí na Síne agus a raibh spriocbhrabús 7 % mar thoradh air. Chinn an Coimisiún go sealadach, dá bhrí sin, an spriocbhrabús 7 % a úsáid.

(350) I gcomhréir le hairteagal 7(2d) den bhun-Rialachán, sholáthair dhá tháirgeoir de tháirgeoirí sampláilte an Aontais faisnéis maidir le costais amach anseo a eascraíonn as Comhaontuithe Iltaobhacha Comhshaoil, agus prótacail a ghabhann leo, ar páirtí iontu an tAontas, agus as Coinbhinsiúin EIS a liostaítear in Iarscríbhinn 1a a ghabhann leis an mbun-Rialachán, ar costais iad a thabhóidh tionscal an Aontais le linn thréimhse chur i bhfeidhm an bhirt de bhun Airteagal 11(2).

(351) Mheas an Coimisiún, i gcás cuid de na costais, nár thug na cuideachtaí fianaise leordhóthanach go raibh na costais sin bunaithe ar cheanglais éigeantacha faoi Chomhaontú Iltaobhach Comhshaoil nó faoi Choinbhinsiúin EIS ach ina ionad sin gur thionscadail iad chun freastal ar éileamh an mhargaidh MAE leictreach a tháirgeadh. Ghlac an Coimisiún, áfach, le costas indíreach CO_2 a chur leis an tomhaltas fuinnimh, agus cuireadh na costais sin leis an bpraghas neamhdhíobhálach.

(352) Ar an mbonn sin, ríomh an Coimisiún praghas neamhdhíobhálach an táirge chomhchosúil de chuid thionscal an Aontais tríd an gcorrlach brabúis thuasluaite a chur le costas táirgeachta tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin, agus ansin chuir sé na coigeartuithe faoi Airteagal 7(2d) leis ar bhonn cineál ar chineál.

(353) Ansin chinn an Coimisiún leibhéal an chorrlaigh gearrdhíola ar bhonn comparáid idir an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe atá ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte sa tSín, mar a suíodh i leith ríomhanna sladghearrtha praghais, agus meánphraghas ualaithe neamhdhíobhálach an táirge chomhchosúil arna dhíol ag na táirgeoirí sampláilte san Aontas ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Léiríodh aon difríocht a d'eascair ón gcomparáid sin mar chéatadán den mheánluach ualaithe CAL ar allmhairiú.

(354) An leibhéal díothaithe díobhála le haghaidh 'cuideachtaí comhoibríocha eile' agus le haghaidh 'gach cuideachta eile', sainíodh é ar aon dóigh leis an gcorrlach dumpála le haghaidh na gcuideachtaí sin (féach Roinn 3.7.4).

Cuideachta	Corrlach dumpála (%)	Corrlach díobhála (%)
Hunan Sinoboom Intelligent Equipment Co., Ltd.	55,3 %	64,6 % %
Oshkosh JLG (Tianjin) Equipment Technology Co., Ltd.	54,5 %	23,6 %
Terex (Changzhou) Machinery Co., Ltd.	41,1 %	14,3 %
Zhejiang Dingli Machinery Co., Ltd.	45,1 %	31,3 %
Cuideachtaí comhoibríocha eile	42,0 %	28,0 %
Gach cuideachta eile	55,3 %.	64,6 %

7. LEAS AN AONTAIS

(355) Scrúdaigh an Coimisiún, seachas cinneadh a dhéanamh maidir le dumpáil dhíobhálach, an mbeadh forchur beart i gcoinne leas an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán. Cinneadh leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla uile lena mbaineann, lena n-áirítear leasanna thionscal an Aontais, soláthróirí réamhtheachtach, úsáideoirí, dáileoirí agus allmhaireoirí neamhchomhlachaithe.

7.1. **Leas thionscal an Aontais**

(356) Tá tionscal an Aontais, a tháirgeann na hardáin aeir shoghluaiste, comhdhéanta de 22 chuideachta dar leis an ngearánach agus fostaíonn sé níos mó ná 3 000 ball foirne de réir a chuid faisnéise. Níor chuir aon cheann de na táirgeoirí i gcoinne thionscnamh an imscrúdaithe.

(357) De réir na conclúide ar thángthas uirthi i Roinn 4.4.3.5, bhí tionchar diúltach ag na hallmhairí dumpáilte ó Dhaon-Phoblacht na Síne ar staid tháirgeoirí an Aontais a tháirgeann an táirge lena mbaineann: d'ainneoin an mhéadaithe ar thomhaltas ar mhargadh an Aontais, níor tháinig méadú ar sciar margaidh tháirgeoirí an Aontais, agus tháinig laghdú ar a bhrabúsacht.

(358) I bhfianaise na conclúide i Roinn 4.5.3.5 gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán, dá bhforchuirfí bearta, chuirfí ar chumas thionscal an Aontais tosú ag tairbhiú de dhálaí cóirthrádála i margadh an Aontais, chuirfí deireadh leis an ísliú praghsanna, agus chuirfí ar chumas thionscal an Aontais a bhrabúsacht a fheabhsú i dtreo leibhéal inbhuanaithe agus téarnamh. Bheadh tionscal an Aontais in ann a tháirgeacht agus an úsáid acmhainneachta a mhéadú freisin, rud a mbeadh tionchar dearfach breise aige ar a fheidhmíocht.

(359) In éagmais beart, is dócha go mbeidh éifeachtaí diúltacha suntasacha breise ar thionscal an Aontais i dtéarmaí díolacháin níos ísle, méid táirgeachta agus úsáid acmhainneachta, agus brú breise ar phraghsanna as a dtiocfaidh meath breise airgeadais ar a staid eacnamaíoch ó thaobh brabúsachta agus infheistíochtaí de. Chuirfeadh na himthosca sin ina n-iomláine inmharthanacht thionscal an Aontais i mbaol.

(360) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil forchur na mbeart chun leas thionscal an Aontais.

7.2. **Leas na soláthróirí réamhtheachtacha**

(361) Anuas ar an bhfostaíocht dhíreach, bhí tionscal MAE ag brath freisin ar líonra cuimsitheach de sholáthróirí réamhtheachtacha na gcomhpháirteanna MAE éagsúla a chuirtear le chéile ansin ar línte táirgeachta thionscal an Aontais. Bhí na gearánaigh féin, de réir a gcuid faisnéise, ag brath ar 280 soláthróir ar a laghad, a bhfuil thart ar 260 díobh ag oibriú san Aontas. B'ionann sin, de réir mheastachán thionscal an Aontais, agus thart ar 32 000 post san Aontas in 14 Bhallstát éagsúla ar a laghad: An Iodáil, an Pholainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Bheilg, an Ungáir, an tSlóivéin, an tSualainn, an Danmhairg, an Fhionlainn, an Spáinn, an Ísiltír, Éire agus an Rómáin.

(362) In éagmais faisnéis bhreise a bheith ar fáil don Choimisiún, bunaithe ar an méid thuas, mheas an Coimisiún, seachas an éifeacht dhearfach ar staid airgeadais thionscal an Aontais, go bhféadfadh tionchar dearfach a bheith ag forchur dleachtanna frithdhumpála ar sholáthróirí MAE, atá suite i raon leathan Ballstát.

7.3. **Leas úsáideoirí, dáileoirí agus allmhaireoirí neamhghaolmhara**

7.3.1. *Cuideachtaí cíosa*

(363) Dar leis an ngearánach, is cuideachtaí cíosa iad formhór mór na n-úsáideoirí (idir 75-90 %).

(364) Níor thug ach úsáideoir amháin de na húsáideoirí san Aontas, an chuideachta cíosa Kiloutou, freagra iomlán ar an gceistneoir. Baineann Kiloutou le grúpa atá gníomhach i dtrealamh agus innealra láithreáin a ligean ar cíos do ghairmithe foirgníochta agus tógála. Mheas an chuideachta, dá bhforchuirfí dleachtanna frithdhumpála ar allmhairí ón tSín, go bhféadfadh costais níos airde a bheith ar úsáideoirí ar mhargadh an Aontais i leith trealamh rochtana soghluaiste ós rud é go raibh an gnó sin ag brath ar threalamh rochtana cost-éifeachtach.

(365) Ar an taobh eile, mheas an gearánach, ós rud é go raibh saolré fhada ag na meaisíní agus go ndearnadh gach meaisín a ligean ar cíos agus a úsáid go minic, go ndearnadh an luaineacht phraghais a chaolú. Chomh maith leis sin, agus meánphraghas an mheaisín thart ar EUR [35 000 - 40 000], roinneadh aon luaineacht phraghais thar roinnt mhaith blianta agus roinnt mhaith ócáidí úsáide, agus thar chustaiméirí éagsúla. Ina thuairim, bhí méid fhlít na gcuideachtaí móra cíosa sách mór freisin i gcomparáid le tomhaltas bliantúil an Aontais. Ar an iomlán, fágann méid na bhflíteanna sin, agus an ráta athsholáthair réasúnta mall, nach mbíonn na húsáideoirí chomh leochaileach céanna i leith luaineachtaí praghais. Bhí cuideachtaí cíosa freisin, ina thuairim, cosanta ar mhéaduithe féideartha ar phraghas mar thoradh ar an gcumas a bhí acu na héifeachtaí sin a chur ar aghaidh chuig a gcustaiméirí, rud a lig dóibh a gcorrlaigh a choinneáil ar bun.

(366) D'áitigh an gearánach freisin gur minic a d'athdhíol cuideachtaí cíosa nó ceannaitheoirí eile meaisíní. D'fhéadfaí na hathdhíolacháin seo, fiú tar éis roinnt blianta úsáide, a dhéanamh ar chuid mhór den phraghas ceannaigh. Dá bhrí sin, aon mhéadú ar phraghas a d'eascródh as an mbeart, chuirfeadh sé dá réir sin le praghas athdhíola na meaisíní úsáidte.

(367) Bunaithe ar an méid sin thuas, mheas an Coimisiún nach raibh an tionchar ar na cuideachtaí cíosa chomh suntasach céanna agus a bheadh dá mbeadh 'próiseáil' bhreise á déanamh acu ar an táirge lena mbaineann. Ós rud é gur fhan meaisíní go ginearálta ina maoin de chuid na gcuideachtaí cíosa, léireofaí aon mhéadú ar a phraghas go díreach i méadú ar a shócmhainní. Sa mhéid is gur úsáideadh na meaisíní thar thréimhse níos faide, laghdaíodh, i dtuairim an Choimisiúin, an éifeacht dhiúltach a bheadh ag méadú féideartha ar phraghas freisin.

(368) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach mbeadh éifeacht dhíréireach ag bearta ar chuideachtaí cíosa.

7.3.2. *Úsáideoirí eile*

(369) Is iad na húsáideoirí eile MAE, den chuid is mó, cuideachtaí foirgníochta, tionsclaíocha agus talmhaíochta nó cuideachtaí a mbíonn na meaisíní sin de dhíth orthu go rialta, amhail ionaid lóistíochta agus aerfoirt. Is cuideachtaí móra iad seo i bhformhór na gcásanna.

(370) Dar leis an ngearánach, tá tionchar na méaduithe praghais ar na cuideachtaí sin teoranta ós rud é nach bhfuil sna hardáin aeir shoghluaiste ach sciar imeallach dá dtrealamh agus dá gcostais. Is cuideachtaí iad na húsáideoirí deiridh sin a bhfuil méid leordhóthanach gníomhaíochtaí acu á fhágáil gur cion teoranta dá gcostais na hinfheistíochtaí sna hardáin.

(371) Mheas an Coimisiún go bhfuil príomhghníomhaíochtaí éagsúla ag na cuideachtaí a cheannaíonn MAE agus go mbeadh costas MAE imeallach go ginearálta i gcomparáid le costais iomlána na gcuideachtaí sin. Chuirfeadh aon mhéadú féideartha ar phraghsanna MAE lena gcostais ach ní a mhéid go mbeadh tionchar tromchúiseach airgeadais aige ar a oibríocht. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid dá bhrí sin gur theoranta an tionchar ag na bearta ar na húsáideoirí eile sin.

7.3.3. *Allmhaireoirí agus trádálaithe neamhghaolmhara*

(372) In éagmais chomhoibriú na n-allmhaireoirí agus na dtrádálaithe, mheas an Coimisiún go bhféadfadh na hallmhaireoirí agus na trádálaithe neamhghaolmhara leanúint den trealamh rochtana soghluaiste a fhoinsiú ó fhoinsí iomadúla, agus go bhféadfaidís iad a athdhíol ar phraghsanna lena gceadófaí dóibh a gcorrlaigh a choinneáil ar bun. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún, i gcás ina bhforchuirfear na bearta frithdhumpála, gur theoranta an tionchar ar allmhaireoirí agus trádálaithe neamhghaolmhara.

7.4. **An chonclúid maidir le leas an Aontais**

(373) Cé go bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh méadú ar leibhéal praghsanna foriomlán MAE, i bhfianaise an mhéid thuas, shuigh an Coimisiún gur mó iad tairbhí foriomlána na mbeart ná an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith acu d'allmhaireoirí agus d'úsáideoirí. Mheas an Coimisiún go raibh sé tábhachtach freisin do na príomhúsáideoirí – na cuideachtaí cíosa – go leanann táirgeadh MAE de bheith ar siúl i margadh an Aontais, chun a bhflíteanna a éagsúlú. I gcás ina mbeadh na cuideachtaí cíosa ag brath go hiomlán ar allmhairí, d'fhéadfadh sé go mbeadh orthu aghaidh a thabhairt ar agaí tionscanta méadaithe agus ar shuaitheadh soláthair agus ar mhéaduithe ar phraghsanna san fhadtéarma.

8. BEART FRITHDHUMPÁLA SEALADACH

(374) Ar bhonn na gconclúidí ar tháinig an Coimisiún orthu maidir le dumpáil, díobháil, cúisíocht, leibhéal na mbeart agus leas an Aontais, ba cheart bearta sealadacha a fhorchur chun cosc a chur le tuilleadh díobhála do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte.

(375) Ba cheart bearta frithdhumpála sealadacha a fhorchur ar allmhairí MAE de thionscnamh na Síne, i gcomhréir le riail na dleachta is lú in Airteagal 7(2) den bhun-Rialachán. Chuir an Coimisiún na corrlaigh dhíobhála agus na corrlaigh dhumpála i gcomparáid le chéile. Is ar leibhéal an chorrlaigh dumpála nó an chorrlaigh díobhála, cibé acu luach ab ísle, a socraíodh méid na ndleachtanna.

(376) I bhfianaise a bhfuil thuas ba cheart na dleachtrátaí frithdhumpála sealadacha, arna sloinneadh ar phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh an dleacht chustaim a íoc, a bheith mar a leanas:

Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach
Hunan Sinoboom Intelligent Equipment Co., Ltd.	55,3 %
Oshkosh JLG (Tianjin) Equipment Technology Co., Ltd.	23,6 %
Terex (Changzhou) Machinery Co., Ltd.	14,3 %
Zhejiang Dingli Machinery Co., Ltd.	31,3 %
Cuideachtaí comhoibríocha eile	28 %
Gach cuideachta eile	55,3 %

(377) Na dleachtrátaí frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo, bunaíodh iad ar bhonn thorthaí an imscrúdaithe seo. Dá bhrí sin, is léiriú iad ar an staid mar a suíodh le linn an imscrúdaithe seo maidir leis na cuideachtaí sin. Tar éis barúlacha a fuarthas tar éis an réamhnochta, ceartaíodh earráid chléireachais a bhain leis na méideanna a úsáideadh chun an corrlach díobhála agus dumpála le haghaidh Terex a ríomh agus rinneadh coigeartú anuas ar na corrlaigh mar thoradh air sin. Ceartaíodh earráid chléireachais le haghaidh Sinoboom freisin, rud a d'fháig go raibh corrlach dumpála beagán níos ísle ann. Tá na dleachtrátaí sin infheidhme go heisiach maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann de thionscnamh na tíre lena mbaineann agus arna tháirgeadh ag na heintitis dhlíthiúla ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann arna dtáirgeadh ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis atá comhlachaithe leo siúd a luaitear go sonrach, ba cheart iad a bheith faoi réir an dleachtráta is infheidhme maidir le 'gach cuideachta eile'. Níor cheart iad a bheith faoi réir aon cheann de na dleachtrátaí frithdhumpála aonair.

(378) Chun na rioscaí maidir le himchéimniú a íoslaghdú de bharr na difríochta i ndleachtrátaí, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm na ndleachtanna frithdhumpála aonair a áirithiú. Ní mór do na cuideachtaí a bhfuil dleachtanna frithdhumpála aonair acu sonrasc tráchtála bailí a chur ar fáil d'údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo. Ba cheart allmhairí nach mbíonn sonrasc ag gabháil leo a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir le 'gach cuideachta eile'.

(379) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc sin a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na dleachtrátaí frithdhumpála aonair a chur i bhfeidhm maidir le hallmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc d'údaráis chustaim na mBallstát a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo, ní mór dóibh a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta níos ísle dleachta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.

(380) Má thagann méadú suntasach ar an méid onnmhairí a dhéanann ceann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na dleachtrátaí aonair is ísle tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí a mheas gurb éard atá i méadú den sórt sin ann féin athrú ar an bpatrún trádála de bharr fhorchur na mbeart de réir bhrí Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin agus ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha, féadfar imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh. Féadfar scrúdú a dhéanamh san imscrúdú sin, *inter alia*, ar an ngá atá le deireadh a chur le dleachtrátaí aonair agus ar an ngá le dleacht ar an leibhéal náisiúnta a fhorchur dá bharr sin.

(381) Is minic a chuirtear staitisticí MAE in iúl i bpíosaí. Níl aon aonad forlíontach den sórt sin ann áfach le haghaidh an táirge lena mbaineann a shonraítear san Ainmníocht Chomhcheangailte a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle ([89]). Dá bhrí sin, is gá foráil a dhéanamh gur gá líon na bpíosaí le haghaidh allmhairí an táirge lena mbaineann a chur isteach sa dearbhú um scaoileadh chun saorchúrsaíochta, anuas ar an meáchan in kg nó tonaí. Ba cheart píosaí a léiriú le haghaidh chóid TARIC: 8427 10 10 10, 8427 20 19 10, 8428 90 90 20, 8431 20 00 60 agus 8431 39 00 10.

9. FAISNÉIS AG AN GCÉIM SHEALADACH

(382) I gcomhréir le hAirteagal 19a den bhun-Rialachán, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas faoi fhorchur beartaithe na ndleachtanna sealadacha. Cuireadh an fhaisnéis sin ar fáil don phobal i gcoitinne freisin trí shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála. Tugadh 3 lá oibre do na páirtithe leasmhara chun barúlacha a thabhairt maidir le cruinneas na ríomhanna a nochtadh go sonrach dóibh.

(383) Cuireadh barúlacha maidir le cruinneas na ríomhanna san áireamh, i gcás inarb iomchuí.

([89]) Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1987/2658/oj) .

10. FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

(384) Ar mhaithe leis an dea-riarachán, iarrfaidh an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara barúlacha i scríbhinn a chur isteach agus/nó éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún laistigh de sprioc-am socraithe.

(385) Is torthaí sealadacha iad na torthaí maidir le forchur na ndleachtanna sealadacha, agus féadfar iad a leasú an tráth cinntitheach an imscrúdaithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí trealaimh rochtana shoghluaiste atá deartha chun daoine a ardú, atá féinghluaiste, ag a bhfuil uasairde oibre 6 mhéadar nó níos mó, agus allmhairí codanna de atá réamhchóimeáilte nó réidh lena gcóimeáil, gan comhpháirteanna aonair a áireamh nuair a chuirtear i láthair ar leithligh iad, agus gan trealamh ardaithe daoine atá suiteáilte ar fheithiclí de Chaibidil 86 agus Caibidil 87 den Chóras Comhchuibhithe a áireamh, atá faoi láthair faoi chóid AC ex 8427 10 10, ex 8427 20 19, ex 8428 90 90, ex 8431 20 00 agus ex 8431 39 00 (cóid TARIC: 8427 10 10 10, 8427 20 19 10, 8428 90 90 20, 8431 20 00 60 agus 8431 39 00 10), agus de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

2. Is mar a leanas a bheidh an dleachtráta frithdhumpála sealadach is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar an táirge a bhfuil tuairisc air i mír 1 agus arna tháirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach	Cód breise TARIC
Hunan Sinoboom Intelligent Equipment Co., Ltd.	55,3 %	89DL
Oshkosh JLG (Tianjin) Equipment Technology Co., Ltd.	23,6 %	89DM
Terex (Changzhou) Machinery Co., Ltd.	14,3 %	89DN
Zhejiang Dingli Machinery Co., Ltd.	31,3 %	89DO
Cuideachtaí comhoibríocha eile	28 %	Féach an Iarscríbhinn
Gach cuideachta eile	55,3 %	8999

3. Beidh cur i bhfeidhm na ndleachtrátaí aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhréachtú mar a leanas: 'Déanaimse, mise a bhfuil mo shíniú leis seo, a dheimhniú maidir le (méid) (an táirge lena mbaineann) a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus a chumhdaítear leis an sonrasc seo, gurbh é (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) a mhonaraigh é (sa tír lena mbaineann). Dearbhaím gur iomlán agus gur ceart an fhaisnéis sa sonrasc seo.' Mura gcuirtear an sonrasc sin isteach, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach cuideachta eile.

4. An táirge dá dtagraítear i mír 1, beidh a scaoileadh chun saorchúrsaíochta san Aontas faoi réir taisce ráthaíochta a sholáthar a bheidh comhionann le méid na dleachta sealadaí.

5. I gcás ina ndéantar dearbhú um scaoileadh i saorchúrsaíocht a thíolacadh i leith an táirge dá dtagraítear i mír 1, gan beann ar a thionscnamh, déanfar an líon míreanna a allmhairítear a chur isteach i réimse ábhartha an dearbhaithe sin, ar choinníoll go bhfuil an léiriú sin comhoiriúnach le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87.

6. I gcásanna ina ndearnadh damáiste d'earraí roimh theacht i saorchúrsaíocht dóibh agus, dá bhrí sin, go ndéantar an praghas iarbhír a íocadh nó an praghas atá iníoctha a chionroinnt chun an luach custaim a chinneadh de bhun Airteagal 131(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ([90]) ón gCoimisiún, déanfar céatadán ar leith a chomhfhreagraíonn do chionroinnt an phraghais iarbhír a íocadh nó an phraghais iníoctha a bhaint de mhéid na dleachta frithdhumpála, arna ríomh ar bhonn na méideanna a shocraítear thuas.

7. Ordaítear leis seo do na húdaráis chustaim scor de chlárú na n-allmhairí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1450.

Coinneofar sonraí maidir le hallmhairí arna gclárú i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1450 go dtí go dtiocfaidh bearta cinntitheacha féideartha i bhfeidhm, nó go bhfoirceannfar an t-imeacht seo.

8. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm leis na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

Airteagal 2

1. Cuirfidh páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha i scríbhinn maidir leis an Rialachán seo faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 15 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

2. Maidir leis na páirtithe leasmhara ar mian leo éisteacht leis an gCoimisiún a iarraidh, déanfaidh siad amhlaidh laistigh de 5 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

3. Más mian le páirtithe leasmhara éisteacht a iarraidh leis an Oifigeach Éisteachta in imeachtaí trádála, déanfaidh siad amhlaidh laistigh de 5 lá féilire ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Déanfaidh an tOifigeach Éisteachta scrúdú ar iarrataí a chuirtear isteach lasmuigh den teorainn ama sin agus cinneadh a dhéanamh ar cheart glacadh leis na hiarrataí sin más iomchuí.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 1 ar feadh tréimhse 6 mhí.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Iúil 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([90]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme fhorálacha áirithe Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/2447/oj).

IARSCRÍBHINN

Táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha neamhshampláilte Dhaon-Phoblacht na Síne (an tSín):

Tír	Ainm	Cód breise TARIC
An tSín	Lingong Heavy Machinery Co., Ltd.	89DP
An tSín	Zoomlion Intelligent Access Machinery Co., Ltd.	89DQ
An tSín	XCMG Fire Fighting Safety Equipment Co., Ltd.	89DR
An tSín	Sunward Intelligent Equipment Co., Ltd.	89DS
An tSín	Haulotte Access Equipment Manufacturing (Changzhou) Co., Ltd.	89DT
An tSín	Fronteq (Changzhou) Machinery Co., Ltd.	89DU
An tSín	Jiangsu Liugong Machinery Co., Ltd.	89DV
An tSín	Hangcha Group Co., Ltd.	89DW
An tSín	Shandong Chufeng Heavy Industry Machinery Co., Ltd.	89DX
An tSín	Reeslift Ltd.	89DY
An tSín	Mantall Heavy Industry Co., Ltd	89DZ
An tSín	Shandong Qiyun Group Co., Ltd	89EA
An tSín	Jinan Juxin Machinery Co., Ltd	89EB
An tSín	Shandong Yuntian Intelligent Machinery Equipment Co., Ltd.	89EC